**Carna**
**Cill Chiaráin**

# Iorras Aithneach 2009



**Paráid na Féile Pádraig 2009!**
**"Ireland's Call"**
















An Fóram do Phobal Iorras Aithneach

Luach €8


# Cuileann na Nollag i Loch Con Aortha



*Crann cuilinn le taobh an bhóthair i Loch Con Aortha, gar don Nollaig, 2009*

# *Focal ón Eagarthóir*

**Máirtín Ó Catháin, Eagarthóir, Iorras Aithneach 2009**



*Máirtín Ó Catháin*

Ní ghabhfaidh muid i bhfad scéil anseo anois. Tá neart daoine ag inseacht a gcuid scéalta, ag tabhairt a gcuid tuairimí agus ag cur síos ar an saol san irisleabhar seo "Iorras Aithneach 2009". Tá ardán anseo ag glórtha éagsúla.

Ar ndóigh tá sórt dorchadas eacnamaíochta sa saol agus tá a lorg sin ar an bpobal seo freisin. Tá a lorg sin ar chuid de na píosaí atá san irisleabhar "Iorras Aithneach 2009". Ach tá beocht agus spraoi agus diabhlaíocht…cruthaitheacht, spóirt agus ceol sa bpobal freisin agus tá súil againn go bhfuil sin léirithe san irisleabhar seo chomh maith céanna.

Ar bhealaí eile ba bliain a bhí inti a thug tragóidí inár measc agus d'imigh riar mhór daoine ar shlí na firine. Beannacht Dé leo. San am céanna tháinig slua beag deas daoine nua ar an saol…agus go n-éirí an saol leo siúd agus iad ag éirí aníos i gCarna agus i gCill Chiaráin. Sin iad a choinneoidh croí agus anam in Iorras Aithneach amach anseo…sin má bhíonn deis acu fanacht agus cur fúthu sa bpobal. Ach sin scéal eile agus tá cur síos ar na cúrsaí sin uilig san irisleabhar seo.

Tá súil againn go spreagfaidh "Iorras Aithneach 2009" caint agus comhrá agus díospóireacht. Tá súil againn go ndúiseoidh an irisleabhar cuimhní cinn agus go mbainfidh sí gáire nó dhó amach freisin.

Ba mhaith linn focal speisialta a chuir chuig an dream as an bpobal atá ar an imirce agus as baile. Tá a fhios againn go dtéann cóipeanna do "Iorras Aithneach" chugaibh ar fud an domhain. Ní ligfear i ndearmad anseo sibh pé ar bith áit a bhfuil sibh an Nollaig seo.

Bainigí uilig sult agus solamar…agus bainigí an chraic…as "Iorras Aithneach 2009".

## Go bhfága Dia an tsláinte agaibh

Tá muid faoi chomaoin aríst ag go leor daoine agus muid ag foilsiú an irisleabhair "Iorras Aithneach 2009".

Faigheann muid cúnamh ó scéim FÁS – scéim atá faoi scáth Údarás na Gaeltachta – agus ó chomlacht forbartha Chonamara Láir agus a mbainisteoir Gearóid de Faoite. Baineann muid leas freisin as oifig i dTeach Údarás na Gaeltachta i gCarna le cead an Údaráis.

Ar ndóigh déanann Clódóirí Lurgan obair bhreá ar an irisleabhar – agus caithfear ainm Sorcha Ní Chonghaile a lua go háirithe – mar tá sí ag plé leis an irisleabhar seo thoir i gCois Fharraige anois le riar deas blianta.

Murach na scríbhneoirí agus na daoine a thugann pictiúir dúinn ní bheadh aon irisleabhar againn. Tá rud eile ann: sheas na dreamanna a chuireann fógraí san irisleabhar linn go láidir i mbliana fiú agus go bhfuil go leor comhlachtaí agus lucht gnó faoi bhrú ag na deacrachtaí eacnamaíochta. Thug comhlacht feilméireacht éisc mhuintir Laoi i Leitir Mealláin agus in Iorras Aithneach síntiús dúinn agus rinne Cumann Húicéirí an beart céanna. Guíonn muid rath ar a gcuid oibre sa mbliain atá romhainn.

Ach cá'r fhága muid na mná atá ag stiúradh na hoibre san oifig i gCarna – Áine Máire Ní Fhlatharta, Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin agus Michelle Ní Chuaig. Déanann siad obair iontach – iad ag obair leo thar uair an mheán oíche scaití agus iad ag réiteach an irisleabhair seo. *Fair play* dhóibh!

## Pictiúir ar an gClúdach

**Barr…ar chlé** – Ba mhór i gceist foireann rugbaí na hÉireann agus an "Grand Slam" sa Márta seo caite. Bhí foireann rugbaí Iorras Aithneach réitithe freisin agus iad ag paráideanna na Féile Pádraig san Aird Mhóir agus i gCill Chiaráin. Seo iad na "prop forwards" – Pádraig Ó Coirbín ar chlé… agus brú mór air…agus Seán Ó Cualáin ar dheis.

**Barr, ar dheis** – Máire Ní Fhlatharta (Mhichael Coleman) as an Aird Mhóir agus d'éirigh léi caiptín na hÉireann Brian O' Driscoll a tharraingt go leath taobh in Aerphort Bhaile Átha Cliath sa Márta.

**Leath bealaigh síos, ar chlé** – Lorna Bairéad as Cluan, iníon le Eileen Ní Chlochartaigh as Muigh Inis agus í ag comhrá lena cara!

**Leath bealaigh síos…ar dheis** – Bus Charna ag an Scoil Phobail…ceann de na scéalta móra i mbliana.

**I lár báire**…An saighdiúr Róisín Ní Dhubháin as an Aird Mhóir.

**In íochtar…ar chlé**…Micheál Ó Clochartaigh as Muigh Inis ar chlé agus an tAthair Séamus Ó Dúill an Séiplíneach i gCill Chiaráin ar dheis…agus sin í an bád a rinne Micheál agus atá le feiceáil anois i Séipéal Chill Chiaráin.

**In íochtar…i lár báire** – Catherine Ní Ghuairim as Roisín na Mainíoch agus TG4 agus í ag tuairisciú ar an Aird Mhóir i mbliana an lá ar osclaíodh an píosa nua a cuireadh as an scoil.

**In íochtar…ar dheis** – Orla Ní Dhunshléibhe as Carna ag casadh ag an ócáid i Scoil na hAirde Móire nuair a osclaíodh na seomraí nua go hoifigiúil.




Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Na Forbacha
**Co. na Gaillimhe**
Teil: (091) 503100
Facs: (091) 503101

Baile Mhic Íre,
Maigh Chromtha,
**Co. Chorcaí**
Teil: (026) 45366
Facs: (026) 45423

Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair
Doirí Beaga
**Co. Dhún na nGall**
Teil: (074) 9560100
Facs: (074) 9560101

Páirc Ghnó an Daingin
An Daingean,
**Co. Chiarraí**
Teil: (066) 9150100
Facs: (066) 9150101

Áislann Bhéal an Mhuirthead,
Béal an Mhuirthead,
**Co. Mhaigh Eo**
Teil: (097) 81418
Facs: (097) 82179

e: **eolas@udaras.ie** w: **www.udaras.ie**

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Údarás na Gaeltachta

# An Fóram Do Phobal Iorras Aithneach


**foram@eircom.net   Guthán: 095-32744**

**Coiste na gCathaoirleach**

Tomás Ó Niadh, Máire Ní Uaithnín, Máirtín Ó Catháin, Ciarán Ó Maoláin.

**Na Baill**

Dr. Micheál Ó Cathasaigh, Máirtín Ó Gríofa, Máire Uí Chuinneáin, Micheál Breathnach, Susan Uí Chatháin, Deirdre Uí Chualáin, Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin, Roibeard P. Ó hÉilí, Ann Marie Ní Fhlatharta, Máire Uí Loideáin, Bairbre Uí Mhaoilchiaráin, Gearóid Ó Cosgordha, Alison Ní Chadhain, Beartla Breathnach, Micheál Ó Maoláin, Cóilín Ó Cualáin, Máire Áine Ní Neachtain, Macdara Ó Cuaig, An tAthair Peadar Ó Conghaile, Alma Mhic Fhlannchadha, Seosamh Ó Cuirrín, Tomás Ó hIarnáin, Eibhlín Uí Mhaoláin, Máire Uí Bholguidhir, Rosario Ní Shuilleabháin, Siobhán Ní Mhaoilchiaráin, Dara Ó Flatharta, Louis Mac an Iomaire, Máire Uí Iarnáin, Brigid Keaney-Earl, Nóirín Nic an Iomaire, Seán Ó Cualáin.



# Tigh Mhic Dhonnchadha

## Cill Chiaráin

# Ollmhargadh

## *Ticéid LOTTO Náisiúnta againn anois*

Siopa Búistéara
Nuachtáin



Siopa Grósaera
Gas agus Gual

# Oifig an Phoist

**Fón: 095 – 33406**
**Fax: 095 – 33609**

*Beannachtaí na Nollag ar ár gcuid custaiméaraí ar fad.*

# "Tá an bóthar nua ag Uimhir a 1"

## Agallamh leis an
## Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Éamon Ó Cuív, T.D.

*Labhair an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Éamon Ó Cuív, T.D. le eagarthóir "Iorras Aithneach 2009", Máirtín Ó Catháin*

**Ó Catháin:** Tá an daonra ag laghdú i gcónaí in Iorras Aithneach, tá 50% de laghdú ar an líon gasúr bunscoile sa gceantar le 20 bliain agus tá obair agus jabanna an-ghann … rud a bhí amhlaidh fiú agus nuair a bhí borradh faoin eacnamaíocht. Mar Aire Gaeltachta an mbeadh imní ort faoina bhfuil in ann do Iorras Aithneach?

**Aire Éamon Ó Cuív:** Tá imní orm faoi cheantar ar bith a bheadh ag cailleadh daonra san nGaeltacht agus tá an scéal sin amhlaidh i gceantracha Charna agus Chill Chiaráin le tamall. Ach, ní bhéinn gan mhisneach. Mar shampla, is fiú breathnú ar an teacht aniar suntasach a bhí i gcúrsaí daonra i Ros Muc san Daonáirimh is deireannaigh. Is cosúil go raibh baint ag an líon postanna thart ar Ghaillimh leis sin. Má tá daoine taobh amuigh den réimse réasúnach taistil do ait a bhfuil fáil ar fhostaíocht – is minic go dtárlaíonn laghdú daonra sa gcás sin. Sin ceann de na cúiseanna gur leag mé béim le fada ar Scéim na mBóithre Stráitéiseacha sa Roinn sin agam féin. Teastaíonn éagsúlacht fostaíochta ó dhaoine i bpobal ar bith – sin nó an fhostaíocht sin a bheith chomh gar don bhaile agus gur féidir leo cónaí sa mbaile.

Ní bheadh leath an daonra agus atá ann i ndeisceart Chonamara munach cathair na Gaillimhe a bheith réasúnta gar don ait. Ansin tá réimse postanna in ionaid ar nós Údarás na Gaeltachta, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Raidió na Gaeltachta, TG4, Roinn na Gaeltacht srl sa taobh tíre ón gCeathrú Rua chomh fada leis na Forbacha. Is léir ó thaobh áiteacha ar nós Iorras Aithneach go gcaithfear an réimse taistil – nó an "Commuter Belt" – a leathnú amach sa gcaoi agus gur



*Éamon Ó Cuív, T.D., An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.*

féidir taisteal i dtreo na Gaillimhe gan stró. Is ansin atá an bóthar ar chaighdeán maith ag teastáil. I gcupla focal teastaíonn réimse postanna sa gceantar féin agus teastaíonn bealach taistil chuig ceantracha a bhfuil réimse eile jabanna iontu – ar nós taobh na Gaillimhe sa gcás seo.

**Ó Catháin:** An mbeifea ar aon intinn leo siúd a cheapann go bhfuil bóthar nua Chonamara – amach ó thuaidh de Chois Fharraige agus ar an aicearra go ceantar Chamuis – ríachtanach le borradh a chur faoi iarthar Chonamara…agus le deis a thabhairt do dhaoine cur futhú in Iorras Aithneach?

**Aire Ó Cuív:** Tá bóthar nua as Gaillimh go Scríb ar uimhir a 1 agamsa i gConamara anois. Tá an bóthar siar ó thuaidh de Chois Fharraige ríachtanach. Tá a fhios againn go mbeadh fadhb le bóthar nua ó dheas mar go gcuirfeadh sé as go mór do mhuintir na háite agus do na pobail cois cósta. Ansin tá deacrachtaí timpeallacht ann má théann tú amach ó thuaidh sa sliabh. Ach creidim go bhfuil bóthar nua ó thuaidh ríachtanach. Pé ar bith cúrsa a bheidh ann ó thuaidh ní féidir a rá fós. Ach cuimhnigh ar seo – ní bheidh an bóthar nua as Tuaim go Gaillimh chomh díreach leis an mbóthar atá ann anois ach cuirfidh mé geall leat go mbeidh sé níos sciobtha agus níos feiliúnaigh. Is fiú cuimhniú ar sin i gConamara freisin.

**Ó Catháin:** Cén fhaid uainn an bóthar nua seo i gConamara?

**Aire Ó Cuív:** Tá mé ag plé na ceiste go leanúnach le Comhairle Contae na Gaillimhe agus le dreamanna eile. Tá mé i dteagbháil go ríalta leis na hAirí Noel Dempsey (cursaí iompair) agus John Gormley ( cúrsaí comhshaoil) faoin mbóthar nua. Ta súil agam go mbeidh an dá Roinn sin ar an bhfocal céanna ach a mbeidh an t-iarratas pleanála dá phlé.

Anois ó thaobh cúrsaí ama de – bhuel táthar ag súil go mbeifear ag fógairt an chúrsaí is fearr a thaithníonn leis na saineolaithe – na Consultants – i dtús na bliana 2010, agus ní fada uainn é sin anois. Go hiondúil bíonn bearna 3 bliana idir an bhfógra faoi gcúrsa agus tús na hoibre ar thionscnaimh mar seo. Ní féidir liom a bheith níos cruinne ná sin faoin scéal faoi láthair.

**Ó Catháin:** An mbeidh aon pholasaí nua ag do Roinn féin le cuidiú le ceantracha ar nós Iorras Aithneach sa tréimhse Rialtais amach romhainn?

**Aire Ó Cuív:** Is léir go bhfuil tréimse sách deacair amach romhainn uilig sa tír seo ach ní shin le rá go mbeidh cúrsaí ina lán stad. Tá deimhniú faighte agam go mbeidh an scéim CLÁR sa gclár nua Rialtais. Bhéinn ag cuimhniú ar leas a bhaint as seo leis na scéimeanna séarachais do shráidbhailte Chill Chiaráin agus Charna a chur chun cinn, más féidir é. Bhéinn ag súil go bhféadfadh polasaí comhtháite a bheith ann idir Údarás na Gaeltachta agus Meitheal Forbartha na Gaeltachta ó thaobh cruthú fostaíochta de. Tá a fhios agam nach bhfuil an tÚdarás ag cur thar maoil le hairgead faoi láthair ach, ar an taobh eile den scéal tá níos mó airgid ná ariamh ag MFG. Bheinn ag súil go b'fhéadfaí roinnt stuama a dhéanamh ar thionscnaimh idir an dá dhream – mar shampla b'fhéidir gurbh fhearr a d'fheilfeadh sé go mbeadh na cúramaí is lú a chosnaíonn airgead ar MFG.

Ba mhaith liom a rá freisin go mbeidh mé ag seasamh leis na mná tí a choinníonn 'Gaeilgeoirí'.

**Ó Catháin:** Cén chaoi a bhfeiceann tú an saol in Iorras Aithneach agus ar fud Chonamara uilig sa mbliain atá amach romhainn agus duairceas geallta dúinn uilig?

**Aire Ó Cuív:** Bhuel b'fhéidir nach bhfuil go leor daoine dá rá seo – ach tá mise dóchasach. B'fhéidir nach ndearna an Tiogar Ceilteach an oiread sin difríochta in áiteacha ar nós Iorras Aithneach agus dá réir b'fhéidir go mbeadh pobail mar sin in ann an cor seo sa saol a láimhsiú níos fearr. Cuimhnigh freisin nach bhfuil Iorras Aithneach ag braith ar mhonarchana móra nó ar ionaid mhóra oibre agus mar sin nach gcuirfeadh cúlú eacnamaíochta athrú ó bhun ar an bpobal.

Breathnaigh – tá cuimhne mhaith agam féin ar a bheith ag obair i nDúiche Sheoigeach sna 1980óidí nuair a bhí droch chúlú eacnamaíochta sa tír. Sílim gur fíor a rá gur cuireadh athrú ó bhun – nó athrú an-mhór chun leasa ar an taobh sin tíre sa tréimhse sin fiú agus go raibh cúlú sa tír.

Tá rudaí maith tarlaithe in Iorras Aithneach le scaitheamh - an scéim nua uisce réitithe amach agus táthar ag dul i ngleic le cúrsaí bóithre. Ta súil againn gur féidir iara a thabhairt faoina scéimeanna séarachais amach anseo.

Caithfear coinneáil ag cur béime ar na hachmhainní nádúrtha ar nós na farraige, an Ghaeilge, deiseanna turasóireachta, fuinneamh inathnuaite agus mar sin. Teastaíonn polasaithe nuálacha freisin in Údarás na Gaeltachta le Iorras Aithneach agus ceantracha mar é a chur chun cinn.

Sa deireadh ba mhaith liom Nollaig mhaith agus bliain nua mhaith a ghuídhe ar phobal Iorras Aithneach agus ar léitheoirí an irisleabhar "Iorras Aithneach 2009" uilig. Go mba fearr a bheidh sibh an t-am seo aríst.


CONAMARA LOCAL TRANSPORT PARTNERSHIP
BEALACH
PÁIRTNÉIREACHT IOMPAIR ÁITIÚIL CHONAMARA

**BEALACH, Aonad 5A, Ionad Fiontair Chárna, Carna, Co. na Gaillimhe.**

## AG CEANGAL DAOINE AGUS ÁITEANNA LE CHÉILE

### Gaeltacht na Gaillimhe & Árainn

*Is seirbhís bus áitiúil é BEALACH atá ag gníomhú i do cheantar chun deis a thabhairt do dhaoine freastal ar sheirbhísí áitiúla, mar shampla na siopaí, oifig an phoist, ionad lae srl, agus chun ceangal le seirbhísí iompair eile. Tá conradh ag BEALACH le lucht iompair áitúil chun na seirbhísí bus a chur ar fáil i do cheantar.*

**Chuile eolas le fáil ach glaoch ar Maggie**
**095 32802 Luan – Aoine 9.00 – 5.00pm**

## AN TIONSCNAMH IOMPAIR TUAITHE (RTI)

**Teil/Facs: 095 32802**

# NUACHT 2009 ... NUACHT 2009 ... NUACHT 2009 ...

## Bus ... coinnithe ar bóthar fós

Rinneadh socrú tábhachtach faoi bhus Charna ag cruinniú i nGaillimh ar an 9ú Samhain 2009. Ghlac bainisteoir chomhlacht Bhus Éireann san Iarthair Brian Connolly le moladh go dtabharfaí trial do chúrsa nua taistil agus do amanna nua taistil do bhus Charna. Mairfidh an tréimhse seo trí mhí.

Beidh an bus ag taisteal soir bóthar Chois Fharraige. Ní beidh sí ag dul siar go Muighros ná isteach go Ros Muc. Stopfaidh in áiteacha a bheidh leagtha síos di roimhré. Tá Bus Éireann ag rá go dteastaíonn idir 25 agus 30 ar an mbus go laethiúil; bhéifí ag súil go mbeadh níos mo daoine ag dul ar an mbus ar an mbóthar ó dheas. Caithfear fanacht go bhfeicfear cén chaoi a n-éireoidh leis an bplean seo.

Tá socrú déanta anois go ndéanfaidh "Bealach" staidéar faoina hamanna taistil ab fheiliúnaí.

Tá an feachtas "Coinnigh an Bus" ag obair leo ó Bhealtaine seo caite le súil agus go gcoinneofar Bus Charna ar bóthar. Iadsan a d'eagraigh an cruinniú i nGaillimh.

## Naíolann

D'fhéadfadh sé go mbeadh an obair tosaithe ar an Naíolann nua ar an Eastáit Tionscail i Roisín na Mainíoch go gairid. Tá scéal fada ag baint leis an Naíolann ach tá an beart geall to bheith déanta sa deireadh.

€600,000 airgid Stáit atá ar fáil le haghaidh na hoibre. D'éirigh le Comharchumann Chonamara Thiar i gcomhar le Fóram Iorras Aithneach an t-airgead sin a fháil as ciste sa Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais Dlí roinnt blianta ó shin. Sé Michael McDowell a bhí ina Aire ansin san am agus le linn an fheachtais chas toscaireachtaí as an gceantar leis i nDáil Éireann agus i nGaillimh ina dhiaidh sin. Coinníodh greim ar an airgead ó shin.

Déanfar an obair ar an Naíolann faoi scáth chomharchumann forbartha Chonamara Láir agus a mbainisteoir siúd Gearóid de Faoite.

Cuideoidh an Naíolann go mór le cothú agus na Gaeilge imeasc na ndaoine óga agus déanfaidh sí leas freisin ar bhealaí eile – beidh roinnt postanna ann agus beidh deis ag tuismitheoirí naíonán a fhágáil ann ar feadh píosa den lá. Is ann a bheith an tseirbhís Naíolainne agus Naíonra.

## Scéim Tithe nua

Chuaigh daoine chun cónaithe i mbliana sa scéim nua tithe Comhairle Contae – Garraí an Chlochair. Seacht gcinn déag de thíthe atá i nGarraí an Chlochair in aice le siopa Tigh Dowd. Tógadh na tithe seo i dtosach mar thíthe a bheadh le díol ar "phraghas réasúnach" (Affordable Housing Scheme). B'éigean do Fhóram Iorras Aithneach feachtas fada a throid leis na tithe a thabhairt anseo. Mar a tharla sé sa deireadh níor bhféidir na tithe a dhíol; bhí an Chomhairle Contae ag iarraidh €190,000 an ceann orthu agus bhí an praghas seo i bhfad níos airde ná tithe "ar phraghas réasúnach" in áiteacha eile sa gcontae. Níor bhféidir na tithe a dhíol agus lig an Chomhairle Contae na tithe amach ar cíos. Ach beart maith a bhí ansin agus bhí neart glaoch ar na tithe. Is mór is fiú go bhfuil siad ann agus tá siad ag déanamh leasa don phobal anois.

## Ag tabhairt aire do Obama

Bhí ceann de na dualgaisí is troime ar domhan le tamall ar fhear arbh as Caladh bhFuínnse a shean mhuintir. Ba é Joseph B. Brennan as Portland i Stát Maine i Meiriceá a bhí i gceannas ar obair ghárdála na Seirbhísí Rúnda do Barack Obama sa tréimse a raibh sé ag canbhasáil do phost an Uachtaráin i Meiriceá. Ar ndóigh tháinig Barack Obama i gcumhacht i dtús 2009 mar Uachtarán sa Teach Bán. De bharr go bhfuil sé ar an gcéad Uachtarán den chine dhubh tá béim speisialta ar shlándáil agus ar ghárdaíl an Uachtaráin.

Agus cé h'é Joseph B. Brennan? B'iad Michael Brennan agus Kate Mhark Mhurchadha Ní Mhaoilchiaráin a athair mór agus a mháthair mhór. Mac é le Joseph Brennan a chaith dhá théarma ina Ghobharnóir ar Stát Maine agus tréimhse mar Fheisire Comhdhála do Stát Maine i Washington. Ar ndóigh ba mac é Joseph Brennan le Michael Brennan (de bhunú Roisín na Mainíoch) agus le Kate Mhark Mhurchadaha as Caladh bhFuínnse.

Ní tugtar mórán phoiblíochta do obair an Seirbhísí Rúnda – ná do bhaill na Seirbhísí Rúnda. Is furusta a thuiscint cén t-údar atá leis an rúndacht sin. Ach tá a fhios gur fear a mba as Caladh bhFuínnse a shean mhuintir a bhí i gceannas ar ghárdáil Barack Obama. Tá Joseph B. Brennan ceaptha anois i gceannas ar na seirbhísí rúnda i Chicago.

## Céard atá in ann don fheamainn?

B'éigean do chomhlacht Arramara Teo an fheamainn a stopadh ag teacht isteach ar feadh scaitheamh i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna. Bhí cruacha feamainn mhilte fanta acu agus gan margadh ann le n-aghaidh san am. Tá sé tárlaithe de bharr an lagan ar obair bhuildeála go bhfuil go leor daoine gaibhte ar ais sa gcladach ag baint fheamainne. Bhí sé ina fhaitíos roinnt blianta ó shin nach mbeadh a ndóthain bainteoirí feamainne ann ar chor ar bith le soláthar a choinneáil le Arramara. Ach is cosúil gur b'é a mhalairt atá tárlaithe anois.

Táthar ag íoc €38 an tonna ar fheamainn agus is mór is fiú go bhfuil an cladach ag roinnt mhaith daoine agus an lagan seo tagtha ar an eacnamaíocht. San am céanna is údar imní é go raibh stór feamainn mhilte fanta in Arramara Teo sa bhFómhar.

Dea réir mar a bhíothas ag teannamh i dtreo deireadh na bliana fuarthas amach nach mbeifear ag tógáil feamainne as Cill Chiaráin sa monarcha i Girvan in Albain ó thús na bliana 2010 ar aghaidh. Tá athrú dá chur ar an gcineál oibre atáthar a dhéanamh i Girvan agus tá an fhoireann oibre ansin dá laghdú go

mór; tá 145 as an 208 atá ag obair ansin ag cailleadh jabanna faoi cheann cúpla seachtain.

Tá ceist mhór anseo do Arramara Teo mar bhí go leor de fheamainn mhillte Chill Chiaráin dá chur go Girvan. Ceist fíor thromchúiseach í seo sa taobh seo tíre. Má laghdaíonn an margadh ní theastóidh an oiread feamainne agus a bhítí a bhaint.

## Scéimeanna Séarachais

I 2002 a tháinig an scéala go raibh scéimeanna séarachais le déanamh i sráidbhailte Charna agus Chill Chiaráin. Tá go leor gealltanais tugtha ó shin go ndéanfar na scéimeanna ach cén mhaith caint? Sé an scéala is deireannaigh ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná gur chur siadsan eolas breise a bhí ag teastáil go dtí an Roinn Comhshaoil bliain ó shin. Níl aon bhlas cloistithe acu faoin scéal ó shin adúradar. Chaithfeadh beannachtaí na Roinn Comhshaoil a bheith ag an gComhairle Contae sul a bhféadfaí bualadh faoin dá scéim.

Tá cúrsaí airgid sa tír go dona ach ní shin le rá gur ceart lagan ar na hiarrachtaí leis na scéimeanna seo a thabhairt go Cill Chiaráin agus go Carna. Rachfadh na scéimeanna chur tairbhe don ait de réir a chéile. Caithfear coinneáil go láidir leis an iarracht seo.

## Dualgas trom ar an Seanadóir Craven

Ba scéala mór é an tráth seo anuraidh go raibh Mairéad Mhattie Sheánín (Ni Chonghaile) as Leitir Ard gaibhte isteach ina Seanadóir i Stát Maine i Meiriceá. An Seanadóir Margaret Craven a tugtar uirthi anois, ar ndóigh, agus tá dualgaisí móra uirthi sa bPáirlimint i Maine. Tá sí i gceann de postanna is sinsirigh sa gCoiste Buiséide sa bPáirlimint ansin. Sin dualgas trom agus airgead gann sna Státaí anois.

## Comharchumann dúnta

Dúnadh an doras i gComharchumann Chonamara Thiar i mí na Samhna i mbliana. Bhí an Comharchumann ansin le 25 bliain. Bhí an siopa agus an stór i gCoill Sáile i gCill Chiaráin. Cailleadh 5 phost pháirt aimseartha.

Bhí dualgas forbartha pobail ar an gComharchumann sa gceantar as Camus anoir go Carna agus amach chun an Chaisil. Ach théis go leor comhráití faoi chúrsaí an Chomharchumainn tharraing stop Údarás na Gaeltachta ag íoc an deontas bliantúil a bhídis a thabhairt. Bhíodh an deontas sin ann mar chuidiú leis an mbainisteoir a íoc.

## Sráid Charna

Tá an feachtas ag leanacht ar aghaidh i gcónaí ar mhaithe le feabhas a chur ar shráid Charna agus ar sheirbhísí eile sa tsráidbhaile. Cuireadh cóta nua teara agus tarmac ar an bpíosa ón Óstán soir chomh fada le Tommy Stephen i mí na Samhna. Rinneadh roinnt oibre freisin ar an bpíosa ó gheata na Scoile Pobail chomh fada leis an gcomhartha luais 50 km san uair i Róisín na Mainíoch. Tá an iarracht ag dul ar aghaidh i gcónaí le haghaidh dromchla ceart, soilse poiblí agus agus roinnt maisiúcháin ar an gcuid eile de shráid Charna.

## Bád Tárrthála Charna agus na nOileán

***Thug Máirtín Bairéad an nóta eolais seo dúinn:***

Bhí cruinniú cinn bhliana Bhád Tarrthála Charna agus na nOileán in Áras Shorcha Ní Ghuairim ar an 1ú Meán Fómhair 2009. I láthair bhí ceathrar stiúrthóir agus roinnt mhaith de bhaill an choiste. Bhí an tIniúchóir Joe Neylon (Neylon & Co.) i láthair. Chuir sé an Tuairisc Airgeadais i láthair, mhínigh sé é, d'fhreagair sé ceisteanna agus thug sé comhairle dhúinn. Cé go bhfuil €140,000 sa mBanc faoi láthair thug sé faoi deara nach raibh mórán teacht isteach ann i rith na bliana. Mhol sé go láidir go mbeadh Bailiúcháin Airgid ann chuile bhliain. Mar sin socraíodh gur mhaith an smaoineamh coiste bailiúcháin airgid a chur le chéile. Idir árachas, peitril, deisiúcháin, tá tú a'caint ar €4,000 – €5,000 costais in aghaidh na bliana. Má tá aon nduine thart a mbeadh aon phlean acu agus ar mhaith leo cabhrú linn bheadh muid an-bhuíoch díobh dá dtagaidís agus labhairt linn.

Mar atá fhios againn tá deontas €200,000 geallta dhúinn ag Roinn na Gaeltachta le haghaidh teach báid a thógáil sa Más. Faoi láthair tá tairiscintí á lorg agus tá muid ag súil go dtosóidh an obair roimh an Nollaig. Ba bhreá an rud é dá mbeadh teach báid sa Más roimh Lá Fhéile Mhic Dara 2010.

★ ★ ★



*Róisín Ní Chatháin as Gabhla a fuair céim i dTeicneolaíocht na hAilltireachta i GMIT sa bhFómhar. Tá sí ag staidéar in nDún Eadan in Albain anois. Tá a hathair Paddy ar chlé, a máthair Bridgie ar a taobh deis agus ar dheis uilig a deirfiúr Eileanóir.*

# Cén chaoi a mbuailfidh daoine óga faoin saol anseo … agus cén chaoi a mairfidh Iorras Aithneach?

**Alt leis an gComhairleoir Contae *Seosamh Ó Cuaig* …ball freisin de Bhord Údarás na Gaeltachta**



**Ní raibh sé chomh deacair ariamh ag lánúin óg bualadh faoin saol sa taobh seo tíre agus atá sé faoi láthair. Ar ndóigh má tá oideachas ollscoile agus tríú leibhéal orthu ní dóichí go bhfanfaidh siad thart ar aon chaoi – baileoidh siad leo mura bhfaighidh siad post múinteoireachta. Is beag de na postanna sin a bheas le fáil feasta; tá líon na ndaltaí sna scoileanna ag titim ó bhliain go bliain.**

Fiú má fhaigheann an lánúin a bhfuil fonn orthu fanacht áit tí óna muintir beidh orthu slám mór airgid a fháil ón mbanc leis an teach a dhéanamh. Tá sé sin ag éirí níos deacra ó rinne baincéirí, "speculators" agus na polaiteoirí praiseach den tír. Ardóidh rátaí úis tuilleadh freisin. An mbeadh seans ag an lánúin seo ar theach County Council? Ar éigin é; is beag acu a thógfar go ceann tamaill má thógtar ceann ar bith. Caithfidh an lánúin óg carr a bheith acu. Ní féidir déanamh á huireasa faoin tuaith. D'fhéadfadh sé nach mbeadh bus Charna féin ag gabhail thar an doras acu gan mórán achair.

Teastóidh troscán sa teach agus ansin tá an costas maireachtála ann. Níl mé ag caint ar uabhar ná ar ghaisce chor ar bith. Maireachtáil chompórdach a bheadh uathu – cé a bheadh ag iarraidh gur ón láimh go dtí an béal a bheadh acu? Cé as a dtiocfaidh an t-airgead leis an obair seo ar fad a dhéanamh? Sin í an cheist.

D'fhéadfá a rá gur dhá theacht isteach mhóra a bhí ag an bpobal seo le fada – ón Stát agus ón bhFarraige. Tá an Stát á lagan in aghaidh an lae agus níl le cloisteáil anois ach ciorrú agus gearradh siar. An "dole" féin bhí caint ar é a choilleadh. Má thagann an "gauger" agus tú ar an "dole" go bhfóiridh Dia ort. Bíonn daoine ag caitheamh anuas ar an "dole" – daoine a bhfuil post acu féin go hiondúil – ach is iomaí comhluadar a choinnigh sé ag imeacht san am a caitheadh.

### An fharraige agus an cladach

Ó thaobh na farraige de, tá an tóin tite as an iascach traidisiúnta. Ba mhór ab fhiú an gliomach agus an ribe róibéis tráth ach cén fear óg a d'fhéadfadh slí bheatha a bhaint astu inniu? Níl an praghas orthu, níl siad chomh fairsing agus a bhí agus tá an oiread rialacha le comhlíonadh go mbeadh sé chomh maith don fhear óg fanacht ar an talamh. Tá oistrí agus muiríní sna cuanta ach céard atá iontu sa deireadh ach airgead Nollag. Bhí scéim bheag deontais againn in Údarás na Gaeltachta le curach a dhéanamh. Cuireadh iallach orainn éirí as – rialacha Aontas na hEorpa, a dúradh linn!!

Chuir Údarás na Gaeltachta airgead mór isteach sa bhfeiliméireacht bradán ach tá an tionscal sin tite siar freisin. Cén fáth? Ceist í sin nach bhfuil freagra sásúil tugtha fós uirthi. Bhí mé ag caint le beirt ionadaithe iascairí as an Ioruaidh i Ros a'Mhíl le gairid. D'fhiafaigh mé díobh cén chaoi a bhfuil an fheilméireacht éisc sa tír sin? Thar cionn ar fad, a dúirt siad. Tá a fhios againn go bhfuil buntáistí nádúrtha ag an Ioruaidh ach tá níos mó ná sin sa scéal, déarfainn.

Maidir leis an iascaireacht traidisiúnta tá teorainn 200 míle ag an Ioruaidh agus iad ag déanamh go maith ón taobh sin freisin. Tá ola ag an Ioruaidh, ar ndóigh, agus bhí súil acu greim a fháil ar an ngás atá siar ó Mhaigh Eo – chuala muid ar fad caint ar Statoil! Níl an Ioruaidh san Aontas Eorpach chor ar bith.

Ach ar ais go hIorras Aithneach linn. Tá monarcha na feamainne i gCill Chiaráin ó 1947. Is le Údarás na Gaeltachta Arramara Teo. anois; ag an Údarás atá úinéireacht ar an tionscal. Tá thart ar naoi nduine dhéag (19) ag obair ansin, idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha. Tá daoine as an bpobal seo ag baint climíní feamaine i gcónaí – go háithrid bainteoirí cumasacha Mhaínse. Tá lucht iompair na feamainne ag saothrú corr euro freisin. Bhí Arramara beagnach tite as a chéile nuair a tugadh d'Údarás na Gaeltachta é. Cuireadh bainisteoir maith isteach ann agus thug sé sin slán é. Ach níl mórán le spáráil fós aige. Teastóidh aire na gloine uaidh agus tuilleadh airgid.

### Céard faoi na deiseanna eile fostaíochta?

FEILMÉIREACHT – teacht isteacht lag go leor a bhí ann chuile lá riamh. Murach an seic a bhí ag teacht sa bposta le tamall níorbh fhiú bó a sheoladh. Tá an seic sin i gcontúirt mhór anois fresin. Chuir daoine an-dóchas sna REPS le cúpla bliain anuas agus ba mhaith ann é. Ach tá sé sin féin ag imeacht.

TURASÓIREACHT – Tá an chuid is mó de Chonamara sna ceantar SAC – Special Areas of Conservation. Dá ngéillfeá do dhaoine glasa bheadh buntáiste ansin ó thaobh na turasóireachta. Nach maith nach

bhfuil. Níl sna ceantair seo anois ach áiteacha a dtéann turasóirí tríothu ar thuras lae sula bhfilleann siad ar chathair na Gaillimhe i gcomhair dinnéir.

NA COLÁISTÍ GAEILGE – Rinne siad leas mór agus tá siad á dhéanamh i gcónaí. Dá bhfaigheadh Colm Mc Carthy agus an Bord Nua Snip cead a gcinn ní bheidís ann chor ar bith.

## An Ioruaidh

Labhair mé ar ball ar an Ioruaidh. Tá mórtas cine i muintir na tíre sin ach tá rud an-tábhachtach eile acu – polasaí réigiúnach. Tá meas ag a lucht ceannais ar na ceantair tuaithe, tá omós acu do na pobail atá ina gcónaí cois cósta. Daoine fiúntacha acu na hiascairí. Cuireann siad polasaithe i bhfeidhm le freastal ar na ceantair sin. A mhalairt atá ag tarlú sa tír seo; níl i gceist ag an dream atá i gceannas orainne ach béim ar Bhleá Cliath agus ar roinnt cathracha eile. Sin é polasaí lucht ceannais Fhianna Fáil agus sé an meon céanna atá sna páirtithe eile. I mBleá Cliath atá an daonra a déarfaidh siad leat.

Dá mbeadh polasaí ceart réigiúnach againn dhéanfaí roinnt rudaí in Iorras Aithneach:

- Chuirfí 10 milliún euro isteach in Arramara láithreach. Bhí toscaireacht againn as Údarás na Gaeltachta istigh in Arramara le gairid. D'fhiafraigh mé de Leas-Phríomh Fheidhmeannach an Údaráis Seán Ó Labhra, céard a chosnódh sé an tionscal a chur céim eile, i.e, rudaí luachmhara a dhéanamh as an bhfeamainn. Faoi láthair níl ann ach go dtugtar an fheamainn isteach agus go ndéantar min aisti. "10 milliún euro a chosnódh sé an rud sin a dhéanamh," a dúirt Seán Ó Labhra, " Chaithfeadh an Stát a bheith sásta an t-airgead a chur ann."

Dá mbeadh polasaí réigiúnach sa tír seo …

- chaithfí airgead láidir ar fheilméireacht trosc agus ar chineálacha eile éisc;
- Thabharfaí cúiteamh maith airgid don phobal seo as ucht go bhfuil siad ar an bpobal is láidre sa tír ó thaobh na Gaeilge de – fós.
- Bheadh deontais tithíochta agus scéimeanna eile i gceist.
- Thabharfaí ciste flaithiúil don Chomhairle Contae le tithe a dhéanamh.
- Neartófaí Údarás na Gaeltachta; thabharfaí tuilleadh cumhlachta dóibh agus tuilleadh airgid.
- Chuirfí scéim faoiseamh cánach ar fail le cúrsaí fostaíochta a chur chun cinn.
- Bheadh fóirdheontas iompair ar fail do dhaoine a chuirfeadh earraí ar an margadh idirnáisiúnta as áit mar seo atá i bhfad siar.
- Chuirfí deifir leis an mbóthar nua go Gaillimh.
- Chuirfeadh an Roinn Oideachas airgead ceart isteach in Áras Shorcha Ní Ghuairim agus in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge uilig seachas a bheith á fhágáil faoi Údarás na Gaeltachta i gcónaí.
- Neartófaí an tIonad Taighde Mara i Maínis.
- Thógfaí dháiríre cumhacht na gaoithe agus neart na farraige le leictreachas a ghinniúint.

## Gluaiseacht phobail ag teastáil san Iarthar

Níl sa méid atá molta agam ansin ach cuid den scéal; theastódh go leor eile le athbheochan a dhéanamh ar an taobh seo tíre. Ina áit sin ar fad céard a tharla? Ghearr Éamonn Ó Cuív airgead Údarás na Gaeltachta go dúid - SIN NUAIR A BHÍ AIRGEAD FAIRSING SA TÍR. Níl san Údarás inniú ach scáile. Sé an fonn atá ar lucht ceannais anois deireadh ar fad a chur leis an Údarás.

Ní hé scéal an phobail seo amháin atá sa méid atá ráite agam. Tá iarthar na hÉireann ar fad sa gcás céanna. Ach tá na polaiteoirí atá againne chomh dílis dá gcuid páirtithe agus nach bhfuil baol ar bith go dtabharfaidh siad a ndúshlán. Leanfaidh na páirtithe orthu ag cur na béime ar Bhleá Cliath agus ar na cathracha eile.

An t-aon rud a d'athródh é go dtiocfadh gluaiseacht nua chun cinn. "Muintir an Iarthair" a thabharfaí uirthi agus "West Awake" i mBéarla b'fhéidir. Na daoine a bheadh sa ngluaiseacht sin thabharfaidis tús dílseachta i gcónaí do phobal an iarthair. Thógfaidís suíocháin de réir a chéile ar Údarás na Gaeltachta, ar na Comhairlí Contae, ar Údarás Réigiúnach an Iarthair agus ar na heagraíochtaí eile. Thiocfadh an lá a mbeadh seisear nó seachtar Teachtaí Dála acu sa Dáil. "The Power in Dublin – The Balance of Power in the West" an mana a bheadh acu (chuirfí leagan maith Gaeilge air sin).

An lá a dteastóidís le comhrialtas a chur le chéile thabharfaí aird sa deireadh ar chuile líne den pholasaí réigiúnach a bheadh curtha le chéile acu roimh ré. B'fhéidir gur in Iorras Aithneach is cóir dhúinn an ghluaiseacht seo a thosú.



LE Spóirt
An Cheathrú Rua
lespoirt@gmail.com
091-595874/086-3855105

Nike
O Neills
Puma
Addidas
Canterbury
Asics
Reebok
Éadach agus bróga mná fir agus gasúir..
Málaí scoile
Éadach snámh

# Slán le scoth na mbádóirí –

## *Johnny Sheáin Jeaic agus Marcus Joe Mhaitiais*

**Máirtín Ó Catháin**

**Ba bhrónach an mhaidin í –an chéad lá de Mheán Fómhair 2009. Ní h'é amháin gur baineadh croitheadh as pobal Iorras Aithneach; baineadh croitheadh as pobal Chonamara agus as daoine i bhfad níos faide ó bhaile. Bhí Johny Sheáin Jeaic i mbárr a mhaitheasa an mhaidin ar rug an fharraige go fealltach ar féin agus ar dheartháir Josie agus iad ag seoladh anoir as Cinn Mhara go Ros a' Mhíl. Cuireadh an "McHugh" síos. Tugadh Josie slán ach bhásaigh Johnny fiú agus go ndearna na lads a bhí i "mBlaith na hOige" gar dóibh a míle dícheall. Ní fhéadfá a rá faoi ach gur ait an mac an saol agus gur ait an iníon í an fharraige.**



*An bheirt in éineacht ar na farraigí móra,*
*Marcus Joe Mhaitiais sa lár...Johnny Sheáin Jeaic taobh thiar ag gabhail an bháid.*

### Slán le scoth na mbádóirí

Bhí bádóir a faisceadh as teaghlach a raibh an fharraige, an ceol agus an dúchas go smior iontu imithe ar shlí na firinne.

Is beag achair ina dhiaidh sin no gur imigh duine dá chompánaigh ar na farraigí móra, Marcus Joe Mhaitiais as an Más – Marcus Ó Cathasaigh. Ach an oiread le Johnny ní raibh Marcus ach sna seascaidí. Bhí an tsláinte ag cliseadh air le scaitheamh blianta ach ní raibh aon tsúil lena bhás nuair a d'éag sé san Ospidéal i nGaillimh ar an 5ú lá de Dheireadh Fómhair. Máistir farraige a bhí ann. Rugadh ar an Oileán Maisean é. Bhí sé ag iascach amach as calaphoirt ar fud na tíre seo. Bhí sé bainteach leis na báid seoil ó rinneadh athbheochan orthu thart anseo sna 1970óidí. Bhí beirt a raibh cáil agus cliú ar gcuid scil farraige imíthe. Mar a scríobh a bheanchéile Béab Mhic Dhonnchadha – beancéile Johney Sheáin Jeaic – ar chúl an phictiúir atá anseo don bheirt ag seoltóireacht in éineacht: "Tá súil agam go bhfuil sibh in éineacht anois ag seoladh libh sna Flaithis".

### Ceoltóir, bádóir agus fear oibre

Bhí cliú agus cáil leis na glúnta ar mhuintir Mhic Dhonnchadha na hAirde mar fhir báid, mar fhonadóirí agus mar cheoltóirí. Bhí Josie, Johney, Colm agus Pádraig – 4 mac – ar an

bhfarraige ó bhíodar ina ngasúir in éineacht lena n-athair Seán Jeaic Mac Donnchadha. Ach ní eolas farraige amháin a fuaireadar óna muintir; fuaireadar ceol, béaloideas agus cultúr uathú freisin – rud atá roinnte acu leis an gcéad ghlúin eile. Chaith Johnny píosaí móra ag iascach in éineacht le Joe Mheaircín ina fhear óg. Ansin bhuail sé leis go Meiriceá agus chaith sé 12 bliain i mBoston. Ansin a phós sé féin agus Béab Ní Chualáin (Béab Johnny Sheáin Tom) as Roisín na Mainíoch. "Bhí cónaí orainn i Milton" adeir Béab. "Ag súinéireacht den chuid is mo a bhíodh Johnny. Ag obair i gcónaí. Bhí an bealach sin leis; togha fir oibre." Ba ansin a rugadh triúr den chlann – Cathy, Máire agus Seán. Gar do dheire na 1970óidí chroch siad uilig seólta agus tháinig ar ais don Aird Thiar. "Thóg muid an teach anseo", adeir Béab "agus anseo a rugadh Fíona agus Róisín. Chuaigh Johnny ag iascach aríst – as ais le Joe Mheaircín aríst ar nós mar a bhídís na blianta roimhe sin. Ansin cheannaigh Johnny a bhád féin agus choinnigh ar an bhfarraige." Ní raibh sé i bhfad sa mbaile nuair a chur sé a láimh i gcúrsaí seoltóireachta aríst. "Bhí na báid seoil ar an bhfarraige aríst agus, ar ndóigh, ba é mian a chroí a bheith amuigh leo."Ba ceoltóir agus amhránaí cumasach é Johnny. Ach níor bhac sé le comórtais. Ach bhíodh sé i gcónaí san áit a mbíodh an ceol. "Nach ar sin a bhí mé ag cuimhniú i ndeire mhí Dheireadh Fómhair i mbliana" arsa a bhean Béab. "Siúráilte bhéifí ag dul go Tír Chonaill chuig an Oireachtas mar a bhítí a dhéanamh chuile bhliain – ach sin é an saol."

### Oileánach agus fear farraige

Bhí Marcus Joe Mhaitiais ar dhuine de na daoine deireannacha a rugadh ar an Oileán Maisean. Ní raibh sé ach 4 bliana d'aois nuair a d'athraíodar amach go dtí an Más. "Ach tá a fhios ag an lá ach go raibh cuimhne aige ar an Oileán fiu agus nach raibh sé ina ghasúirín nuair a d'imigh muid as– bhí an-chuimhe aige mar sin", adeir a dheirfiúr Baba uí Fhéinneadh i Leitir Deiscirt. "Ó, ar ndóigh bhí sé molta ar an bhfarraige. Mo mháthair féin, go ndéana Dia grásta uirthi, bhí cineál scátha orthu roimh an fharraige ach bhí sí i gcónaí ar a compóird nuair a bhíodh Marcus i gceannas an bháid."Bhí Marcus ar na báid iascaigh a bhíodh ag obair amach as Calaphoirt ar fud na hÉireann. "Is iomaí lá a chaith mé féin leis – is dóigh



*Marcus Joe Mhaitiais*

go raibh muid chúig bhliana déag as éadan – ar fharraigí na tíre seo", adeir a chol ceathrar agus a leatbhadóir Richie Mac Donnchadha as Garraí an tSagairt i gCarna. "Bhí muid i Howth, sna Cealla Beag, Gaillimh, an Dún Mór – áiteacha go leor. Is iomaí lá agus oíche gharbh a bhí againn amuigh…agus laetheanta agus oícheannta maithe freisin." Tháinig cruóg mhór orthu oíche gála agus iad naoi míle siar ó Cheann Iorrais gar do Nollaig na bliana 1977. Thit triúr i bhfarraige as dhá bhád as na Cealla Beag. Thug Marcus agus Richie agus a gcomhleacaithe beirt isteach slán. "Ba chrua an oíche í ach faraíor bhásaigh an tríú fear, go ndéana Dia grásta air", arsa Richie. Chaitheadar scaitheamh eile ar bhád Mheaic ag tabhairt soláthairtí as Gaillimh go hArainn.

"Ar ndóigh ba scoth fir i mbád seoil a bhí ann", adeir Richie. "Ach an oiread le Johnny Sheáin Jeaic bhí sé sa bhfuil ag na Cathasaigh. Bhíodar ag plé leis ó bhí siad ina ngasúir. Go dtuga Dia suaimhneas dóibh anois."

### Laochra

Dhá dhonnacht an tragóid a tharla nuair a chuaigh an "McHugh" síos i gCuan na Gaillimhe ar an 1ú Meán Fómhair 2009 d'fhéadfadh an cás a bheith níos measa fós murach an obair iontach a rinne na fir a bhí ar bord "Bhláth na hÓige" a bhí ag seoladh go Ros a Mhíl freisin. Siad Aongus Phádraig Chóilín as Carna, Máirtín Phádraig Sheán Cheoinín as Leitir Ard, Gerry Joe Mheáigín (Ó Cualáin) as Duibhithir agus Máirtín Ó Conghaile as Inis Mór a bhí ar bord. Thugadar Johnny Sheáin Jeaic agus Josie Sheáin Jeaic isteach as an bhfarraige. Bhí an chruóg chomh dóna sin agus gur bh'eigean do Gerry Joe Mheáigín léimneacht amach agus a dhul sa snámh fiú agus go raibh oibriú láidir i bhfarraige. Beart cróga a rinneadar. Fad saoil dóibh uilig


PAY-AS-YOU-FISH
BOATS IN CARNA


Carna fishermen compare catches aboard lobster boats supplied to them by Gael-Linn on a pay-as-you fish basis.

## Báid Ghael Linn

*Seo é an t-am ar tháing báid Ghael Linn go Carna cuid ag breith suas ar leathchéad bliain ó shin. Joe Mheaircín ar chlé agus Johnny Sheáin Jeaic lena thaobh. Ansin Josie Sheáin Jeaic agus a athair Seán Jeaic ar dheis uilig sa bpictiúr.*

# FÉILE CHOMÓRTHA JOE ÉINNIÚ

*Micheál Ó Cuaig*



*Michéal Ó Cuaig*

**Tá scoláire théis tús a chur le taighde iardhochtúrachta in Ollscoil na hÉireann Gaillimh le gairid i gcomhar le Evergreen State College, Washington ar thionscamh bliana ar a dtugann siad 'Joe Heaney: Irish Song Man'. An aidhm atá leis an tionscnamh ná eolas ar shaothar Éinniú a scaipeadh ar an ngreasán domhanda agus comóradh a dhéanamh air dá réir.**

Is léiriú é seo ar an suim a bhí agus atá i gcónaí in amhránaíocht agus i bpearsain Laoch Aird an Chaisleáin. Dearnadh clár teilifíse faoi 'Sing the dark Away' suim bhlianta ó shin. Cuireadh bailiúcháin dá chuid taifeadaí amach théis a bháis agus scríobh Liam Mac Con Iomaire a bheatháisnéis 'Ná bhfaighe mé bás choíche'. Ní mista a lua go bhfuil leabhar eile ar a chuid ealaíne á ullmhú ag an Dr. Sean Williams, bean a bhí ina scolaire í féin ag Joe tráth a raibh sé ag teagasc in Ollscoil Washington , Seattle agus ní gá a rá go bhfuil Féile Chomórtha Joe Éinniú againn. Go deimhin ba mhaith linn a cheapadh go raibh baint mhór ag an bhféile le ainm, cumas agus cuimhne Joe Éinniú a choinneáil ós comhair phobail an cheoil. Bhí an t-ádh orainn go bhfuair mé fhéin eolas ar a chartlann in Ollscoil Washington agus gur éirigh liom í a thabhairt anall agus í a bhronnadh ar Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Tá deis ag daoine anois staidéar a dhéanamh ar an saothar ar a fhód dúchais in Áras Shorcha Ní



*Mick Mulkerrins*


Ghuairim.

Tá an fhéile féin ar an bhfód ó 1986. Níl aon aimhreas ach go mbíonn an pobal ag tnúth go mór leí tús Bealtaine agus go mbaineann idir óg agus aosta sult agus tairbhe as na himeachtaí. Measadh go raibh an freastal a ba mhó fós ar fhéile na bliana seo cé's móite b'fhéidir don chéad bhliain.

Ba le comórtha a dhéanamh ar shaol agus ar shaothar Joe Éinniú ina phobal dúchais a bunaíodh an fhéile an chéad lá ariamh. Agus sin á dhéanamh again tá muid ag ceiliúradh na hoidhreachta shaibhir chultúrtha a fágadh againn agus ag féachaint le í a chothú agus í a bhronnadh ar an nglúin óg a bhíonn ag éirí aníos. Síleann muid go bhfuil ag éirí go breá leis an bhféile na haidhmeanna sin a bhaint amach leis na blianta.

Tá comhluadar mór ceoil thar pobal amach atá faoin tráth seo ina gcairde dlúth ag an bhféile agus nár mhaith leo í a chailleadh gan údar maith. Bhí siad linn go láidir arís i mbliana.

Is minic faraíor go mbíonn abhar broín agus uaignis again ó bhíonn an fhéile ann go dtagann tús Bealtaine arís. Áiréoidh muid uainn go mór ag féile na bliana seo chugainn Johnny Sheáin Jeaic Mac Donnacha, fear a bhí fíor mhórtasach as traidisiún ceoil an



*Joe Éinniú*



*Ó chlé: Conal Ó Flatharta, Rónán Ó Ceannabháin agus Ciarán Bolger.*



*Annie Devane*

phobail agus a chuireadh fáilte chríouil roimh chuairteoirí i gcónaí.

Ní bréag a rá go bhfuil beagán den imní orainn ag an tráth seo agus muid ag breathnú chun cinn d'fhéile na bliana seo chugainn. Beidh lagan mór go cinnte ar an maoiniú a bhíodh le fáil óna heagreachtaí éagsúla agus gabhfaidh sé rite linn féile den chaighdean céanna a bhfuil taithí againn uirthi a chur ar bun. Beidh fáilte mar sin roimh thacaíocht airgid ó pé foinse a dtagann sí idir seo agus tús Bealtaine, ach gan bhuíochas don ghearradh siar agus a dtéann leis tá muid dóchasach go mbeidh baile Charna ag comóradh Joe Éinniú go croiúil arís 30 Aibreán go 2 Bealtaine 2010. Níor chaill fear an mhisnigh ariamh é.





Weddings
Portraits
Social,
Sporting &
Promotional
Events
Oughterard

tmgbroderick@yahoo.ie
086 8861052 / 091 866805
www.galwaypics.com

**Tom Broderick Photogtaphy**



GAEL LINN 50 BLIAIN




www.gael-linn.ie

# Margaret Geraghty

# – bhí aghaidh aice do chuile dhuine

**Bhí an samhraidh linn. Laetheanta glégeala. Mí an Mheitheamh. Ach d'athraigh an spéir; bhásaigh Mairéad Mhic Oireachtaigh – Margaret Geraghty – go toibeann. Múchadh an samhraidh. Bhí bealach gealgháireach agus spraoiúil lei agus chur sí loinnir sa saol. Bhí aithne ag cuimse daoine uirthi de bharr na mblianta a bhí caite aice i mbun gnó i gCarna agus an láimh a bhí aice in oibreacha pobail agus carthanachta. Bean i Muigh Inis a dúirt é i gcupla focal: "bhí aghaidh aice do chuile dhuine."**

Rugadh agus tógadh Margaret Geraghty – Ní Chinnéide an sloinne a bhí uirthi roimh phosadh - amuigh faoin tuaith i Sligeach. Teaghlach feilméireachta a bhí iontu. Ní raibh col na drogal uirthi le ceantar tuaithe ar nós Carna nuair a tháinig sí anseo théis di féin agus do Mhicheál pósadh. Is díol suntais é gur thug sí léi an Ghaeilge go paiteanta in imeacht na mblianta freisin.

Rinne sí féin, Micheál agus a gclann forbairt ar an siopa in imeacht na mblianta agus chur Margaret tús leis an mbáicéireacht san Ollmhargadh. Tá sin ag dul ar aghaidh go láidir ó shin agus coinníonn sé cúpla post ag imeacht i gcónaí. Bhí an bialann aice freisin ar feadh roint blianta agus ba néata, compóireadh agus dea-choinnithe an áit é. Mar sin a caitheadh na blianta, í féin, a fear chéile Micheal ag obair leo i gCarna agus na gasúir Alan, Tracy agus Suzanne ag fás aníos.

Bhí Margaret i gcónaí bainteach leis an bpobal. Chaith sí riar mhaith blianta i gCoiste Forbartha Charna an uair ba láidre dá raibh sé. Bhí sí sa gcéad bhuíon daoine a bhí in Ord Mhalta agus i seirbhís Otharcharr pobail Charna 20 bliain ó shin. Rinne sí cuimse oibre san Ord Mhálta agus b'í a bhí i gceannas ar chruinniú airgid – dualgas trom. Théigheadh sí go Lourdes mar shampla le Ord Mhálta i chúnamh do dhaoine mí-látharacha nó daoine a raibh tinneas ag dul dóibh. Go deimhin bhronn Ord Mhálta na hÉireann bonn ché umha uirthi as ucht a cuid oibre. Ní raibh sí taobh leis an obair sin; chruinnigh sí airgead ó theach go teach ar mhaith le forbairt pháirc Charna, mar shampla, agus is iomaí beart phobail eile a rinne sí.



*Bhí stadas Leiftanant ag Margaret Geraghty in Ord Mhálta. Bhí sí ar dhuine de na baill ba ghníomhaigh in Ord Mhálta Charna. Anseo i gculaith Ord Mhálta in éineacht lena fear, Micheál.*



*Teaghlach Mhic Oireachtaigh: Margaret agus Micheál ina seasamh agus a gclann chun tosaigh. Ó chlé – Tracy, Alan agus Suzanne.*

Bhí an gifte aice go raibh slacht agus teacht i láthair inti. Ach rug deacrachtaí an tsaoil uirthi freisin agus ní cosán gan anró a bhí aice le roint blianta anuas. Ach ní raibh súil ar bith lena bás nuair a d'imigh sí go toibeann maidin Domhnaigh, an 14ú lá de Mheithimh i mbliana. Ní raibh sí ach cúpla bliain le cois na trí scóir.

Go raibh loinnir an tsamhraidh aice go brách ar imeall na farraige i reilig Mhuigh Inse.

# Daonra an Phobail

## *An claonadh le 17 bliain*

***(Cuirtear san áirimh daoine óga atá i gColáiste srl ach a thagann abhaile mórán chuile dheireadh seachtaine sa gcomhaireamh a dhéanann muid ar an daonra. Ní hionann é agus Daonáireamh an Stáit.)***

| **BAILE** | **1990** | **2008** | **2009** |
|---|---|---|---|
| Doire Iorrais | 78 | 76 | 73 |
| Coill Sáile agus Ros Dugáin | 103 | 96 | 104 |
| Loch Con Aortha | 90 | 68 | 63 |
| Cill Chiaráin (sráidbhaile) | 149 | 173 | 158 |
| Áill na Brún/Bántrach Ard | 78 | 115 | 998 |
| An Aird Mhóir | 152 | 210 | 207 |
| Caladh bhFuínnse | 86 | 92 | 89 |
| Ruisín na Mainíoch | 113 | 98 | 134 |
| | | | |
| **Muigh Inis** | | | |
| Cartúr | 41 | 43 | 46 |
| Feithearnach | 76 | 55 | 63 |
| Meáll Rua | 40 | 34 | 35 |
| Ruisín an Chalaidh | 4 | 8 | 10 |
| An Crumpán | 45 | 44 | 38 |
| | | | |
| **Carna:** Ó Tigh Jackie Dowd go dtí Óstán Charna | 117 | 164 | 178 |
| Leitir Deiscirt | 37 | 38 | 28 |
| Coillín | 49 | 40 | 38 |
| An Aird Thoir | 60 | 47 | 48 |
| An Aird Thiar | 69 | 44 | 45 |
| An Más | 41 | 15 | 14 |
| Leath Mhás | 4 | 4 | 3 |
| Duibhither | 66 | 64 | 57 |
| Muighros - soir chomh fada leis an scoil | 85 | 72 | 68 |
| Leitir Ard, Damhros -agus siar go Scoil Mhuighrois…. | 123 | 89 | 95 |
| Glinnsge | 64 | 61 | 65 |
| Caladh an Chnoic | 7 | 6 | 8 |
| Gabhla | 41 | 20 | 26 |
| | | | |
| **Iomlán** | **1818** | **1782** | **1792** |

## An Líon gasúr sna Bunscoileanna

### *An claonadh le 18 bliain*

| **Scoil** | **1990** | **2004** | **2008** | **2009** |
|---|---|---|---|---|
| Muighros | 38 | 7 | 0 | 0 |
| Muigh Inis | 33 | 11 | 16 | 15 |
| Carna | 78 | 50 | 40 | 44 |
| An Aird Thiar | 61 | 32 | 33 | 28 |
| Cill Chiaráin | 73 | 21 | 27 | 23 |
| An Aird Mhóir | 50 | 50 | 53 | 49 |
| **Iomlán** | **333** | **171** | **169** | **159** |

**Tá na figiúirí sin sách simplí. Tá laghdú 50% ar an líon gasúir bunscoile sa bpobal le 19 bliain.**



Scoil Phobail Mhic Dara

Carna

*Guíonn foireann Scoil Phobail Mhic Dara beannachtaí na Nollag agus na hathbhliana ar an bpobal uilig.*

Uimhir teileafóin …095-32245

# An Aimsir a Caitheadh



*Ó chlé: Micil Thomáis Ó Maoilchiaráin as Caladh bhFuínnse, duine de mhuintir Staff sa lár agus Pat Mhicil Thomáis Ó Maoilchiaráin.*



*Ó chlé: Nan Mhargaret Bhreathnach, Bríd Staff – bean Mhicil Thomáis - agus a hiníon Mary.*



*Celia Phat Bhilly Nic Dhonnchadha as an gCoillín – tógadh an pictiúr i Chicago áit ar chaith sí píosa mór dá saol.*



*Josie Pháraic Pheatsa Ó Caonaigh as Leitir Ard agus a bhean Mary as Caladh bhFuínnse.*

# An Aimsir a  Caitheadh



*Máire Ní Fhlatharta as Daigh Inis agus a fear Pádraig Pheatsa as Leitir Ard.*



*Paddy Mhattie Sheáinín as Leitir Ard*



*Ó chlé:  Colm Chiaráin Mac an Iomaire as Muigh Inis (ina chónaí san Astráil i gcónaí), Joe O Brien as Muigh Inis agus Joe Pheigín Sheáin Ó Conghaile as Muigh Inis.*

# An Aimsir a Caitheadh



*Baby an Táilliúra Ó Fatharta (Hehir) as Gabhla. Bhí cónaí uirthi í mBaile Átha Cliath agus bhásaigh sí cúpla bliain ó shin. Táilliúr a bhí ina hathair. Rugadh agus tógadh í sa teach a bhfaide ó thuaidh i bpobal Charna.*



*Nóirín Mharcuis Stiofáin (Ó Caonaigh) as Carna – Bean Rialta – agus beirt mhac le Nóra Phatín Mharcúis as an Aird Mhóir ar a ch'aon taobh di.*



*An Bhean Rialta as Carna an tSiúir Nóirín Ní Chaonaigh agus í imithe amach sna blianta – í ag casadh leis an bPápa Eóin Pól a Dó sa Róimh.*



*Bean Rialta eile de mhuintir Chaonaigh – an tSiúir Christina, deirfiúr le Josie Phádraig Pheatsa as Leitir Ard.*

# An Aimsir a Caitheadh



*Nan Pháraic Pheatsa Ó Caonaigh as Leitir Ard (ar chlé) agus a deirfiúr Julia. I Meiriceá a bhíodar.*



*Pat Chiaráin Choilm Mac an Iomaire as Fínis.*



*Ag bainis Chóilín Joe Choilm Liam agus Bríd an Ghabh i mBoston i 1955. Ó chlé: Annie Mc Donagh as Leitir Ard (aintín le Johnny Mháirtín Larry), Peigín Joe Bheartla (Lydon) as Leitir Ard, Helen Larry McDonagh-Keely as Leitir Ard (aintín eile le Johnny Mháirtín Larry) – Seán Choilm Liam as Roisín na Mainíoch (uncail le Cóilín Joe Choilm Liam) agus Bríd Bhríd Ní Chaola as Roisín na Mainíoch).*

# Dochtúr an Ghluaisrótháir

**Chaith an Dr Gerard Hooke cuid mhaith de dhá scór bliain ina dhochtúr leighis i Seattle i Stát Washington i Meiriceá. Ach tá ancaire caite aige anois in Iorras Aithneach. Tá cónaí air féin agus a bhean Amanda anseo i gCarna le cúpla bliain agus é ag obair in éineacht leis an Dr Micheál Ó Cathasaigh. Tá an Dr Hooke fite fuaite in imeachtaí an phobail … ar muir agus ar thír … agus ceangal láidir idir é féin agus muintir na háite.**

**Labhair Máirtín Ó Catháin leis an Dr Gerard Hooke faoina shaol agus a shaothar go dtí seo agus faoin gcaoi ar tháinig sé go ceantar Charna.**

### An Gluaisrothar

**Máirtín Ó Catháin:** Ar fíor go raibh tú in do fhear rásaí gluaisrothair nó 'motorbikes'?

**Dr Gerard Hooke:** Is fíor sin! Chaith mé roinnt mhaith blianta ag rásaíocht i Stát Washington, in Oregon i mBritish Columbia agus anonn agus anall sa gcuid sin de Mheiriceá agus Ceanada. Ar ndóigh ba rásaíocht amaitéireach a bhí ann; ní raibh baint agam leis an an rásaíocht ghairmiúil.

**Máirtín Ó Catháin:** Ach an raibh coimhlint chrua ann mar sin féin … an mbeadh siúl mór fút?

**Dr Gerard Hooke:** Ó bhí daoine fíor-dháiríre faoi. Bhí cheithre chúrsa mór go maith ann le haghaidh an chineál rásaíochta a bhí muid a dhéanamh agus roinnt céadta páirteach ann. Bhéifea ag déanamh 120 nó 130 míle san uair scaití.

**MOC…** Ar leagadh ariamh thú?

**DrGH…** Leagadh mé cheithre huaire. Ach níor bhain aon ghortú mór dom. Leathlae a chaill mé ariamh ag an obair de bharr timpiste gluaisrothair.

**MOC…** Nach spóirt sách contúirteach é.

**Dr GH…** Bhuel tá cosaint mhaith agat ó chluais go eireaball fiú agus ma cuirtear anuas thú. Bhíodh chuile chineál feisteas sábháilteachta againn. Ach maraíodh daoine faraíor. Cheapainn go mbeadh bás amháin sa mbliain ar an meán imeasc na ndaoine a bhí páirteach ann sna blianta a raibh mise ag dul dó.

★ ★ ★



*An Dr Gerard Hooke agus é 28 ag tosnú amach mar dhochtúr i Seattle i Meiriceá. Bhíodh sé ag dul ar ghlaochanna tithe ar an ngluaisrothar an uair sin. Chonaic Amanda, a bhean, an pictiúr agus an píosa sa bpáipéar agus chuaigh sí chuige ar ghnóthaí dochtúrachta. Phós siad ina dhiaidh sin.*

**MOC…** Casfaidh muid na rothaí siar go tús do shaoil. Cé as thú ó cheart?

**Dr GH...** Baile Átha Cliath ach ní fhéadfá a rá gur fear cathrach mé. As an mBaile Breac (Ballybrack) i gceantar Chill Inion Léinín (Killiney) mé ó dhúchas ach nuair a bhí mise ag eirí aníos ba cineál ceantar tuaithe a bhí ann.

**MOC…** Ceantar cineál deisiúil agus saibhir nach hea?

**Dr GH…** Bhuel tá an cháil sin ar anois ach ní dhéarfainn gur mar sin a bhí sé le linn mo óige sa ansin.

**MOC…** Cén cheird a bhí ar do mhuintir?

**Dr GH…** Bhí comhlacht ceantála ag m'athair. Ba é a bhunaigh an comhlacht ceantála Hooke and McDonald agus ba leis an comhlacht ar feadh i bhfad. Ronald Hooke a bhí air. Ba as Strokestown i gcontae Ros Comáin mo mháthair Margaret McAuliffe. Rinneadh dílleachtaí don teaghlach agus iad óg. Ach d'éirigh le mo mháthair cáilíocht a fháil mar chógaslannaí (pharmacist). Tá go leor cógaslannaí sa teaghlach i gcónaí – tá formhór mo chol ceathrachaí i gcontae Ros Comáin ag dul don cheird sin.

**MOC…** Mar sin bhí cineál cúlra cúrsaí leighis agat ag tosnú amach.

**Dr GH…** Bhuel bhí ceart go leor.

**MOC…** Cén uair a shocraigh tú féin gur mhaith leat a bheith in do dhochtúr?

**Dr GH…** Ag aois 12!

**MOC…** Chomh hóg sin?

**Dr GH…** Sea…ní raibh aon amhras orm ariamh faoi sin. Bhí uncail liom ina dhochtúr i gceantar Yorkshire i Sasana agus shíl mé an uair sin féin go mba gairm agus saol é a raibh luí agam leis. Tá an oiread céanna suime agam sa gceird inniú agus a bhí agam inti ag 12 bliain d'aois.

**MOC…** An raibh sé ina bhuntáiste agat go raibh eolas ag do mháthair ar chúrsaí leighis?

**Dr GH...** Bhí gan dabht. Bhí go leor eolais faighte agam ar leic an teallaigh faoi chúrsaí leighis agus mé im mo ghasúr agus im mo dhéagóir.



*An Dr Gerard Hooke agus a bhean Amanda amuigh ina gcurrach "An Rón" – an gadhar sa lár ... agus Caladh bhFuínnse taobh thiar díobh.*

★ ★ ★

**MOC…** Cén chaoi a raibh an saol agat ag eirí aníos duit sa mBaile Breac ó thaobh cúrsaí eile an tsaoil?

**Dr GH…** Go maith. Bhí an-suim agam i gcónaí sa saol mór amuigh faoi aer. Bhí muid buailte ar an trá; ní raibh ort dháiríre ach rith amach an doras agus síos ar an trá. Agus chaith mé go leor, leor ama i gcuideachta na ngardaí tárrthála ar an trá. Théadh muid amach i mbáid, théadh muid ag iomra báid amach ós cionn dhá mhíle go hoileán Dheilgnis. Théadh duine nó beirt ag iomra agus duine eile ag snámh scaití.

**MOC…** An raibh tú inann an dá mhíle go leith snámh in do dhéagóir?

**Dr GH…** Bhí. Bhí mé inann snámh go maith sna blianta sin. Thaithnigh an iomrá thar cionn liom freisin. Bhfacthas dom i gcónaí go raibh rud éicint nádúrtha ag baint le iomrá báid agus leis an fharraige– an duine ag plé le ceird atá ar bun ag an gcine daonna leis na mílte bliain. Agus thaithníodh an iascaireacht bheag a bhíodh muid a dhéanamh liom freisin. D'fhan an grá sin don fharraige liom ó shin agus bhí mé lonnaithe formhór an ama gar don fharraige, pé ar bith áit a raibh mé.

**MOC…** An mbíodh jab agat sa samhraidh agus tú ag dul chun na scoile agus na hollscoile?

**Dr GH…** Bhí i mh'anam agus amuigh ar fheilm a bhí mé! Bhí feilm chaorach gar dúinn agus bhí mé ag obair ansin chuile shamhraidh. Ba ansin a shaothraigh mé an t-airgead a d'íoc mo chuid laetheanta ollscoile. Agus thaithnigh an fheilm thar cionn liom…

**MOC…** Cén chaoi?

**Dr GH…** An cineál saoil a bhain leis agus cén bhrí ach ag dul chuig na Seóanna! Bhí togha na gcaoire ag an bhfear a raibh mé leis agus thugtaí ar fud na tíre chuig na Seoanna iad. Is cuimhneach liom go raibh dream Odlums a bhí ag plé leis an bplúr ar an dream ba mhó a raibh muid ag coimhlint leo.

**MOC…** Agus bhí caoire acu siúd freisin.

**Dr GH…** Ó bhí agus bhí buntáiste mór acu! D'fhóghlaim mé sna blianta sin go raibh cúpla rud a bhí ann mhaith dá mbéifea ag tabhairt caorach chuig an Seo agus sin plúr agus snas bróige.

Chuirfeá snas bróige ar an gcuid dhubh…ar nós na crúba, an t-éadan srl…agus chaithfea dornán maith plúr san olann bán! Agus bhí an plúr ag na Odlums! Ach níl mé ag rá gur úsáid siad ariamh é.

**MOC…** Ach d'fhág tú an na caoire, an plúr, an snas bróige, an trá agus an Baile Breac ina do dhiaidh agus d'imigh tú go Meiriceá nuair a bhí do chéim dochtúrachta faighte agat sa gColáiste. Tuige?

**Dr GH…** Bhueil chuaigh mé go Meiriceá ar feadh bliana – nó sin a bhí socruithe agam agus mé ag seoladh amach…ach ní mar a siltear

bítear!

★ ★ ★

**MOC…** Cá ndeachaigh tú sna Státaí?

**Dr GH…** Siar uilig go Duluth i Minnesota agus chuaigh mé isteach in Ospidéal ansin agus mé im mo dhochtúr faoi oiliúint. Ach nuair a bhí an chéad bhliain déanta agam shocraigh mé go mbainfinn bliain eile amach i Meiriceá. Bhí mé sásta go maith ann. Bhí Minnesota togha ach d'airigh mé uaim an fharraige.

**MOC…** Cén uair a shocraigh tú go raibh tú ag dul ag caitheadh píosa don tsaol i Meiriceá?

**Dr GH…** Tharla sé dom ag Ceolchoim 'Rock' i gCalifornia! Tharla athrú intinne agus athrú saoil dom an oíche sin.

**MOC…** Dháiríre atá tú?

**Dr GH…** Táim! Píosa maith blianta ó shin anois. 1970 i San Francisco agus ba iad an banna "Grateful Dad" a bhí ar an stáitse. Bhí cuimse daoine óga ann. Lásadh tine éicint im mo chroí. Bhí draoícht éicint ag baint leis. Thug mé suntas do dhaoine óga Mheiriceá. Bhí dóchas agus misneach acu. Sílim go raibh lucht leannta an bhanna ceoil mar sin.

**MOC…** Cén áit ar chaith tú ancaire ansin?

**Dr GH…** Thuas i Stát Washington. Shocraigh mé síos i mbaile beag a raibh 2000 duine ann 50 míle ó thuaidh de Seattle agus bhí mé ag obair mar dhochtúr sa gcathair féin. Bhain mé amach go maith os cionn 30 bliain ann.

★ ★ ★

**MOC…** Inis dom faoin dochtúracht a bhí tú a dhéanamh ann?

**Dr GH…** Bhí mo áit féin agam buailte ar Ospidéal beag 36 leaba. Thugainn aire do na hothar a bhí agam féin freisin san Ospidéal dá mbeadh orthu a dhul isteach. Sin córas atá i gcuid mhór áiteacha i Meiriceá. Sé an dochtúr a dtéann tú chuige mar dhochtúr teaghlaigh a dhéanann cúram duit san Ospidéal.

**MOC…** Ach dá mbeadh daoine ag dul faoi scian – obráidí mar shampla – nach gcaithfeadh máinlia a bheith ar fáil.

**Dr GH…** Bhuel dhéanfainn féin riar mhaith obráidí agus oibreacha leighis mar sin….

**MOC…** .agus an raibh traeneáil máinlia ort?

**Dr GH…** Cuirtear oiliúint ar mhicléinn dochtúrachta i Meiriceá i gcúrsaí máinliachta go poinnte áiríthe. Dhéanfainn obráid "appendicitis", tonsils, obráidí cneais, mealtracha agus cineál ar bith obráid a bhainfeadh le páistí a thabhairt ar an saol. D'fhéadfainn "hernia" a dhéanamh ach níor bhac mé leis mórán ariamh. Ach dá mbeadh cúrsaí níos tromchúisigh i gceist chaithfeadh saineolaí mainliachta eile a bheith i láthair.

**MOC…** An ndéanfá obráidí anois dá dtiocfadh ort?

**Dr GH…** Ó ar an bpoinnte dá mbeadh sé ag teastáil. Ach cuimhnigh go dteastaíonn dochtúr eile uait a bhfuil eolas aige faoi dhuine a chur faoi shuan…agus is ansin a theastaíonn seirbhísí Ospidéil uait.

**MOC…** Níl mé ag iarraidh díospóireacht a thosnú faoi chaighdeáin leighis agus seirbhísí sa tír seo i gcomórtas le Meiriceá. Ach an bhfuil an córas níos fearr thall?

**Dr GH…** Bhuel tá rudaí go leor ag baint le córas leighis na hÉireann atá go maith agus tá daoine maithe ag obair ann ach tá an mhoill seo a bhaineann le tástálacha ar nós MRI agus CAT scan go dona. Cuirim an locht ar chóras an HSE. Feicim moill bliana, bliain go leith srl ag tarlú. Tá sin go dona.

**MOC…** Bheadh sé i bhfad níos sciobtha i Meiriceá.

**Dr GH…** An lá céanna!

**MOC…** Dúirt tú liom gur dhíol tú amach an "practice" a bhí agat théis roinnt blianta agus go ndeachaigh tú ag obair san aonad timpistí agus éigeandála san Ospidéal – nó "casualty" mar thugann muid ar. Tuige an t-athrú sin?

**Dr GH…** Bhí cúpla cúis leis an athrú a rinne mé. Bhí 17 bliain caite agam ar an gcineál céanna oibre agus bhí mé ag iarraidh athrú. Chomh maith leis sin bhí costaisí sách trom ag baint leis na rásai gluaisrothair agus bhí saothrú níos fearr sann aonad éigeandála.

**MOC…** Ach nach bhfuil brú mór in aonad éigeandála nó "casualty"?

**Dr GH…** .Ó thaithnigh sé thar cionn liom. Cinnte bhí ort a bheith ar do chuid marcanna ach bhain mé sásamh as.

★ ★ ★

**MOC…** Céard a chas an bealach go Carna thú ar chor ar bith?

**Dr GH…** Bhí cion agam ar Chonamara ó chonaic mé an áit an chéad lá ariaimh im m'óige sna 1960adaí. Thagainn go Conamara chuile bhliain ar feadh 27 bliain anall as Meiriceá. Ansin roinnt blianta ó shin cheannaigh muid an teach i Róisín na Mainíoch. Shocraigh mo bhean Amanda agus mé féin gur mhaith linn teannamh anall uilig – agus bhí mé ag iarraidh é sin a dhéanamh ag tráth de mo shaol go raibh tapa maith ionam agus mé in ann lá oibre a dhéanamh. Thairg an Dr Micheál Ó Cathasaigh post dom agus chaith muid an léim mhór thar an Atlantach aniar dhá bhliain go leith ó shin.

**MOC…** .Bhueil tá scaitheamh deas caite agaibh anseo anois agus tá tú ag dochtúracht leat. Théis an ama sin an bhfuil tú chomh tógtha agus chomh ceanúil céanna ar an áit seo agus a bhí tú roimhe sin.

**Dr GH…** Táim. Ar an gcéad dul síos tá mé ag obair liom mar dhochtúr rud a bhfuil an-luí agam leis i gcónaí. Tá rudaí eile sa saol…agus tá na rudaí a chuireann ola ar mo chroí anseo. Tá trí ghadhar agam agus ar ndóigh mo ghrá mór Amanda. Tá mé buailte ar an bhfarraige. Tá bád agam agus téim ag iomradh agus ag iascaireacht. Téim ag seoltóireacht. Téim ag rothaíocht agus ag siúl…

**MOC…** Ach nach hiomaí sin áit a bhféadfá é sin a dhéanamh ann?

**Dr GH…** Tá áiteacha ann ach níl siad chomh fairsing sin. Ach tá rudaí eile anseo atá gann sa saol seo. Is breá liom an ceol, na hamhráin agus na traidisiúin atá ag daoine. Tá siad cumasach. Casaim féin an bosca ceoil, an bheidhlín agus cúpla uirlís eile agus is breá liom a dhul i dteannta na ngrúpaí sna tithe ósta anseo ag casadh. Lena chois sin, tá rud eile ann nach bhfaca mise in aon áit eile: tá pobail dháiríre ann. Tá ceangal idir dhaoine agus nuair atá gá leis tugann daoine an-chúnamh

dá chéile. Agus tá fiúntas agus gnaíúlacht sna daoine agus níl airgead ina Dhia beag acu. Bail ó Dhia orthu ach tá siad achmhainneach ar bhealaí go leor freisin – lena gcuid lámha agus in a n-intinn. Ceart go leor ní bhíonn cairdeas iomlán idir dhaoine in áit ar bith sa domhan ach tá tú chomh gar don bhrí atá ag baint leis an bhfocal "pobal" anseo agus a gheoibhaidh tú ar dhroim na cruinne seo.

**MOC…** Ach san am chéanna tá an pobal ag lagan. Tá easpa mór jabanna ann agus tá an líon gasúr sna scoileanna ag titim as éadan. Cén sort pobal a bheidh ann amach anseo meastú?

**Dr GH…** Ceist mhór í sin agus tá an rud sin tugtha faoi deara agam go láidir. Faraíor níl a fhios agam céard é an leighis. Sílim go n-oibríonn an tAire Ó Cuív go crua don Ghaeltacht, ach nach bhfaigheann sé an t-airgead. Tá go leor cainte ag an Rialtas faoi thábhacht Chonamara ach sin a bhfuil ann. Níl le déanamh ag formhór na ndaoine óga ach imeacht as ag iarraidh oibre. Sé an peaca é. Is daoine óga breatha iad agus tá gnaíúlacht a gcuid sinsir tugtha leo acu. Níl a fhios agam. Caithfear féachaint leis an bpobal a neartú ó thaobh fostaíochta agus seirbhísí. Ach, tá rún daingean againn fanacht agus maireachtáil anseo.

**MOC …**An gceapann tú go dtiocfadh daoine eile ar chomhaois leat féin chun cónaithe anseo mar atá déanta agatsa dá mbeadh eolas acu faoin áit?

**Dr GH…** Silim go dtiocfadh.

**MOC… .**An bhfuil do bheanchéile Amanda socruithe síos san áit?

**Dr GH…** Tá…agus b'shin rud a chuir roinnt imní orm nuair a tháinig muid anseo i dtosach. Ach ní raibh aon ghá le imní. Banaltra í Amanda agus tá sí ina múinteoir Yoga freisin agus tá ranganna dá n-eagrú anseo aici. Tá cúlra Éireannach, Francach agus Indiach Mheiriceá aici.

**MOC…** Céard faoin nGaeilge?

**Dr GH…** Tá mé ag déanamh mo dhícheal agus sí Delia Uí Mhaoilchiaráin an príomh mhúinteoir Gaeilge atá agam! Bíonn píosaí comhrá againn anois agus arís. Tá mé in ann meabhair a bhaint as an nuacht ar Raidió na Gaeltachta anois agus sí an aidhm mhór atá agam ná a bheith in ann comhrá maith a dhéanamh ar mo chompóird thrí Ghaeilge.

**MOC…** Céard faoin ngluaisrothar???

**Dr GH…** Á bhueil tugaim corr thuras amach an bóthar. Ach le bheith dháiríre faoi, níl an taobh tíre í seo le haghaidh gluaisróthair agus luas. Níl na bóithre sách maith agus bheadh an-iomarca contúirte ag baint leis.

**MOC…** Air ais chuig an fharraige. Tá níos mó corraíle inti ná an fharraige a chleacht tú thart ar an mBaile Breac agus thart ar Dheilgnís!

**Dr. GH**…Ó tá. Ní raibh ach lapadaíl bheag in agaidh na carriage ag na huiscí sin ar an gcósta thóir ach deirimse leat go bhfuil sí beo agus bríomhar ar chósta Chonamara!

**MOC…** Fear thú a thugann iarraidh faoi chuid mhór gníomhaíochtaí nach hea.

**Dr GH…** B'fhearr liom i gcónaí iarraidh a thabhairt faoi ghníomhaíochtaí agus imeachtaí seachas a bheith ag breathnú orthu. Bhínn ag "surfáil" ar Puget Sound gar do Seattle, rith mé roinnt maratóin freisin. Sin é an cineál poirt atá agam – tug iarraidh faoin saol agus faoi imeachtaí an tsaoil agus bain sult as.

★ ★ ★




# *Seo thíos píosa as páipéar nuachta i Stát Washington sna 1970adaí*

# Present, past merge in Gerard Hooke, M.D.

A family doctor who welcomes house calls may be found only in a television series, novels, history books - and Arlington.

Dr. Gerard Hooke, 28, opened medical practice at Cascade Medical Center, Arlington, this month. He is anything but a sterotyped physician. Rather than the customary shirt with tie and expensive trousers, you're more likely to find him wearing a sport shirt and blue jeans. His hair, while not exceptionally long, is modishly styled and he sports a moustache and a beard. Further, he travels only by foot or by motorcycle. He is a modern doctor with some refreshing old-fashioned ideas.

His concept of a general practitioner is one who remains with a family from obstetrics through geriatrics. His favorite patients, he says, are the young and the elderly. He enjoys the personal contact gained through house calls and his motorcycle is equipped with saddlebags in which to carry medical supplies. Even Western Washington rain doesn't dampen his enthusiasm for being "on call".

Perhaps his penchant for house calls evolves from family physician practices in his native Ireland, where only specialists have offices. The general practitioners there schedule appointments daily in their patients' homes, arranging their rounds geographically.

Gerard Hooke was born in Dublin April 1, 1947, the second of six children. His father was a realtor but his ambition to become a family doctor was imspired early by his mother, a pharmacist, and an uncle who is a general practitioner in Ireland. Although government aid is now available to college students, it was not at the time he underwent pre-medical and medical training and he worked his way through college as a farm laborer.

He came to Washington in 1970 and enjoyed it so much he returned in 1971. His family practice residency was served at Doctor's Hospital in Seattle from 1972 to 1974 and he was associated with Group Health from 1974 to 1975.

An outdoor enthusiast who enjoys hiking and backpacking, Hooke says the landscape of this area differs from Ireland in that there are mountains here. He describes his native land as a very green country with rolling hills, a rocky coastline, a central plain and bogs. He decided to locate in Arlington because he was looking for a rural community which would afford greater potential for an all-family physician.

In addition to an appreciation for nature, he finds comfort in quiet places and listening to classical music. He is unmarried and presently resides in a rented home here. An associate, Chuck Chaffee, is expected to join him in his practice in about a year. His office telephone number, unlisted in this year's directory, is 435-3535.

The old proverb that truth is stranger than fiction may well be proved right here in Arlington. "Marcus Welby" may have "Steven Kiley" but we have Gerard Hooke.

# Áras Shorcha Ní Ghuairim

# Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna



## Cúrsaí Réamhollscoile agus Cúrsaí Oideachais den dara seans

- An Clár i gCultúr Áitiúil – Tionscnamh Traenála Áitiúil i gComhar le FÁS a áiríonn Scileanna Teanga agus léargas ar an gCultúr Dúchasach cónasctha le scileanna ríomhaireachta.
- Ranganna labhartha Gaeilge do thosaitheoirí agus d'fheabhsóirí
- Ranganna ríomhaireachta do raon leathan spriocghrúpaí

## Cúrsaí Fochéime

- Dioplóma sa Ríomhaireacht don Riarachán Gnó – Cúrsa bliana lánaimseartha dírithe ar dhaoine ar mhaith leo fostaíocht a aimsiú mar riarthóirí oifige agus mar chúntóirí riaracháin.
- Dioplóma sna Teicneolaíochtaí Gnó – Cúrsa páirtaimseartha thar dhá bhliain, oíche amháin sa tseachtain, dírithe ar dhaoine ar mhaith leo scileanna láidre nua-theicneolaíocha a aimsiú.
- Dioplóma i Léann an Traidisiúin – Cúrsa páirtaimseartha thar dhá bhliain, oíche amháin sa tseachtain, ar a dtugtar léargas thar a bheith spéisiúil ar an gcultúr traidisiúnta agus an béaloideas.
- Dioplóma sa Ghaeilge – Scileanna láidre teanga idir labhairt agus scríobh a roinnt le daoine

## Cúrsaí agus Deiseanna Iarchéime

- M.Sc. trí Thaighde sa Ríomhaireacht – deis do chéimithe cáilithe le Gaeilge tréimhse a chaitheamh i mbun taighde ar shainréimse de Theicneolaíocht na Faisnéise
- Tionscnaimh taighde a chonascann teanga agus teicneolaíocht ar bhealaí nuálacha
- Sainchomhairle i leith na Gaeilge agus na Nuatheicneolaíochta

### Tuilleadh eolais:

Fón: 095 – 32834
Facs: 095 - 32836
Ríomhphost: nora.uishuilleabhain@oegaillimh.ie
www.acadamh.ie

# "Tá an áit gaibhte le fána ar chuile bhealach le 20 bliain …"



## Níl an scéal chomh simplí sin

*le Máirtín Ó Catháin – "Eagarthóir Iorras Aithneach 2009"*

Fear maith diabhlaíochta agus spochadh é Stiofán Phádraig Mhaicín – Stiofán de Búrca. "Nach iontach an saol é, a Chatháinaigh" arsa Stiofán agus é thuas ar an tsráid sin agamsa lá i mbliana agus é ag breathnú uaidh. "Is dóigh gur iontach", adeir mé féin. "Well d'fhéadfá rá gur iontach an saol é agus carr a bheith ag mac Phádraig Mhaicín agus ag mac Mháirtín Sonaí Josie", arsa Stiofán agus é ag caitheadh súil ar an dá charr ar an tsráid. Agus bhí a fhios agam nach ag diabhlaíocht a bhí Stiofán an iarraidh seo. Mar a bhí an t-am ann nuair nach raibh…agus nuair nach mbeadh…caranna ag leithide mhac Phádraig Mhaicín agus ag mac Mháirtín Sonaí Josie. Cuimhním ar an gcaint sin a rinne Stiofán anois agus arís ó shin; bhíos agam céard a bhí ina intinn. Nach iontach an feabhas ar bhealaí go leor atá tagtha ar an saol, fiú agus go bhfuil an ghaoithe eacnamaíocht athruithe anois. Agus is furusta a ligean i ndearmad go bhfuil saol níos fearr ag formhór na ndaoine anois i gcomórtas leis an gcaoi a raibh sé san aimsir a caitheamh – i gcomórtas fiú amháin leis an gcaoi a raibh sé 20 nó 25 bliain ó shin. Agus is ansin a chluinim glórtha ag ardú im aghaidh. Mar tá daoine ann a déarfadh go bhfuil an áit ag dul chun deireadh chuile bhliain…agus gur fearr go mór a bhí an saol anseo 20 nó 30 bliain ó shin. Ach mar a d'abraíodh Gay Byrne ar an Late Late Show - "Hold it there Colette!"

### Athruithe chun leasa

Céard faoin méid seo a leanas:

- Tá córas leighis agus dochtúrachta againn anseo anois atá níos fearr ná aon chóras le cuimhne na ndaoine. Tá 3 dhochtúr ag obair sa bpobal agus níl fanacht nóiméid ort nó go bhfreagrófar an teileafón. Tá ard mholadh dlite don cheann feadhain an Dr Micheál Ó Cathasaigh agus a chomhleacaithe.
- Tá Teach Altranais atá chomh maith agus atá sa tír anseo againn anois. Tugann sé seirbhís iontach – agus jabanna – don phobal. Bhítí ag rá scór blianta ó shin go mba iontach an rud é dá mbeadh a leithide de sheirbhís ann; tá sé ann anois.
- Tá seirbhís otharchárr pobail anseo againn féin anois – an raibh aon cheapadh ag daoine 20 bliain ó shin go mbeadh a leidhide ann?
- Caoi bhréa ar Ionad an dochtúra i gCill Chiaráin. Ní raibh mórán caoi ar an ionad sin go dtí le blianta beaga anuas.
- Seirbhís petrol agus diosal. Tá seirbhís den scoth againn seacht lá na seachtaine anois – ní raibh sin ann scór blianta ó shin. Go deimhin bhí eagraiochtaí pobail anseo ar feadh i bhfad ag iarraidh ceangal eicínt a dhéanamh idir Údarás na Gaeltachta agus lucht gnó le súil agus go mbeadh seirbhís pheitril i gCarna. A bhuíochas do mhuintir Dhúbhda tá sé ann anois.
- Óstán ar ard-chaighdeán. Sin rud nach bhfuil i gcuid mhaith pobail. Tá forbairt mhór déanta ag muintir Chlochartaigh ar Óstán Chuan Charna le riar blianta agus is maith an áis é sin sa bpobal. Ní raibh sé chomh maith – ná gar dó – fiche bliain ó shin.
- Scéim nua soláthair uisce sa bpobal uilig. Is iomaí gearán a bhiodh againn uilig sna blianta siar faoi easpa sheirbhísí uisce. Tá sé ann anois ar fud an phobail – an scéim uisce is mo ariamh a rinneadh taobh thiar den Choirb.
- Bád tárrthála nua san áit agus daoine oilte ar thárrtháil farraige.
- Obair mhór déanta ar scoileanna. Breathnaigh ar scoileanna an Chlochair i gCarna, scoil na hAirde Móir agus Scoil Chill Chiaráin. Tá chuile cheann acu méadaithe agus maisíthe i bhfad níos fearr ná a bhí siad 20 bliain ó shin.
- Céibheanna maithe. Tá céibheanna ar nós Cill Chiaráin, Roisín na Mainíoch, Céibh an Phortaigh, Céibh Ghlinsce agus tuilleadh i bhfad níos fearr ná a bhíodar scór blianta ó shin.
- Tá ós cionn 30 teach Comhairle Contae i gCarna anois. Ní raibh tada dá leithide ann 20 bliain ó shin.
- Tá Áras Shorcha Ní Ghuairim ann agus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ann anois …agus an sean Ghairmscoil a raibh na

héanacha ag dul isteach na fuinneóga ann fiche bliain ó shin déanta suas go breá.

- Tá na bóithre níos fearr. Níl siad sách maith ach i gcomórtas leis an mbail a bhí orthu 20 bliain ó shin – tá siad go maith.
- Tá caighdeán na dtithe ag feabhsú i gcónaí – níl cur síos ná inseacht scéil ar an bhfeabhas atá ar thíthe. Rud iontach.
- Tá an córas cumarsáide feabhsaithe thar cuimse le hais mar a bhíodh sé sna hochtóidí. Tá teileafóin fairsing sna tithe agus maidir leis an teileafón póca…chaithfeadh sé go bhfuil na mílte acu ann – agus a bhformhór ag obair sách maith de bharr an chrainn chumarsáide thoir i Leitir Peabhram. Ní raibh sna rudaí sin ach aisling sa spéir 20 bliain ó shin.
- …agus tá an córas leathanbhanda ag feabhsú

Is mór an lear an méid sin atá luaite …agus is díol suntais an obair cheannródaíochta atá déanta ag eagraíochtaí deonacha pobail sna hiarrachtaí sin uilig. Rinneadh an obair sin tráth a raibh an pobail ag lagan ar bhealaí go leor. Mar tá cuid mhór den cheart freisin acu siúd atá éadóchasach faoin bhfuil in ann dúinn. Tá an fhianaise ann go soiléir.

## Lagan agus laghdú

Tá an daonra ag laghdú. Tá 55% de laghdú ar an líon gasúr sna bunscoileanna le fiche bliain agus tá ós cionn 30% de laghdú ar an líon daltaí sa meánscoil. Fágann sin go mbeidh sé deacair múinteoirí a fhostú agus réimse ceart ábhair a chur ar fáil sa meanscoil féin. Tá an ceantar buailte go fíor-dhona cheal oibre freisin. Tá muid ar an áit is measa sa gcontae atá buailte ag an dí-fhostaíocht agus bhí sin amhlaidh nuair a bhí an eacnamaiocht faoi lán tseoil in Éirinn. Tá muid imeasc na "Unemployment Blackspots" is measa in Éirinn – féach figiúirí oifigiúla daonra. Cothaíonn sin dúshlán ar leith do Údarás na Gaeltachta. Níl móran léasanna dochais ann anois.

Níl móran cosúlachta ann go dtarlóidh aon bhlas ar Pháirc na Mara i gCill Chiaráin. Maidir leis an scéal mór a cuireadh amach cheithre bliana ó shin go mbeadh €4.7m ar fáil ó Údarás na Gaeltachta le forbairt a dhéanamh thart ar an Saotharlann Mara i Muigh Inis …bhuel níor tharla tada ansin. Dúnadh "Carna Lighting" ar Eastáit Údarás na Gaeltachta i mbliana agus cailleadh postanna ansin. Dúnadh an Co-Op agus d'imigh 5 jab.

Ceart go leor tógadh an tIonad nua Gnó ar an Eastáit Tionscail – jab breá. Bhí caint ann go mbeadh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ag dul isteach ann ach ní cosúil go bhfuil sin ag tarlú ach an oiread.

## Bóthar agus postanna

Tá cás láidir acu siúd a abróidh go bhfuil muid ag dul chun deireadh as éadan. Tá cúpla marach uafásach ar an bpobal – easpa jabanna agus easpa infrastruchtúr ceart.

San agallamh atá tugtha aige don irisleabhar seo dúirt an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Éamon Ó Cuív go mbeidh ar Údarás na Gaeltachta a bheith níos achmhainní ná aríamh. Caithfidh siad, adeir an tAire Ó Cuív, a theacht ar polasaithe "nuálacha" do cheantracha ar nós Iorras Aithneach. Dúirt sé freisin go bhfuil sé ríachtanach go mbeadh bóthar nua as iarthar Chonamara go Gaillimh, sin le deis a thabhairt do dhaoine a bhfuil scileanna agus cáilíochtaí acu cónaí sa mbaile – agus taisteal chuig an jab i gcomharsanacht na cathrach. Meascán don dá rud, adeir sé…roint jabanna sa bpobal agus roint jabanna de chineálacha eile nach mbeadh ró-fhada ó bhaile. Is mór a ghiortódh an bóthar nua an aistir sin chuig an obair. Is fada muide anseo in Iorras Aithneach ar an bport sin – bóthar nua go Gaillimh.

An dtiocfaidh an bóthar agus an dtiocfaidh na deiseanna saothraithe airgid sul a mbeidh sé ró-mhall? Sin í an cheist. Ach tá miotal agus cruas i bpobail mar seo freisin; sin é an t-údar go bhfuil siad pobal fós anseo gan bhuíochas do mhí-bhuntáistí móra. Agus fiú agus go raibh an sruth ina n-aghaidh anseo le fada an lá, is mór an lear atá déanta beag beann ar sin uilig. Tá sin léirithe sna poinntí atá leagtha amach ina gceann agus ina gceann san alt seo. Teastóidh iarrachtaí níos tréine fós anois.

Tá an obair ag tosnú ar an Naíolann agus Naíonra nua ar an Easatáit Tionscail anseo. B'éigean dúinn troid go láidir freisin leis an airgead a fháil le n-aghaidh sin. Cuideoidh an fhoirgnimh agus an tseirbhís leis an nGaeilge. Ach an mbeidh na daoine ann leis an nGaeilge a labhairt amach anseo? Sea, tá feachtas ann agus tá cúlú ann freisin.


**Martin Casey**
**Window Fitting & Maintenance**




**uPVC**
**Aluminum**
**Windows&Doors**

**087-2766924**

# Máirtín Ó Conaire

## *aireofar uainn é ar maidin Lá'l Pádraig*

**Tá pictiúir againn san irisleabhar seo do Pharáid na Féile Pádraig; bíonn chuile bhliain. Agus chuile bhliain go cinnte bhíodh Máirtín Ó Conaire as an gCoillín sna pictiúr sin. Mar ba fear Féile Pádraig é Máirtín Ó Conaire – Máirtín Phádraig Bheartla as an gCoilllín. Bhíodh slacht agus samhlaíocht ag baint leis na "floatanna" a bhíodh ag Máirtín agus a chomhluadar sna Paráideanna. Murach daoine ar nós é ní bheadh na paráideanna chomh maith. Faraíor, ní bheidh Máirtín sna paráideanna níos mó.**




Bhásaigh Máirtín go tobann sa Tuirc ar an 19ú Aibreán. B'uafásach an buille é dá bhean Cathleen agus dá chlann, dá athair agus dá mháthair, a dheirfiúracha agus a dheartháracha agus a dhaoine muinteartha uilig. Mar a tharla ní raibh sé mórán le cois míosa ina dhiaidh sin nuair a bhásaigh a athair Páraic Bheartla Ó Conaire. Suaimhneas síorraí dhóibh anois.

Chaith Máirtín go fial freisin le rudaí eile san áit agus sheas sé go láidir i gcónaí le Féile Mhic Dara. Ba mhaith uaidh amhrán a chasadh; sin rud, ar ndóigh, a bhí ina cheann agus ina chroí. Amhránaí den scoth í a mháthair, Máire Uí Chonaire. Chum Máirtín roint amhrán freisin agus bhí "Currach Chonroy" ar cheann acu.

Chaith Máirtín agus a bhean Cathleen roinnt mhaith blianta i Meiriceá sul ar fhill siad féin agus a gclann abhaile don Choillín. Ba mhór a chur siad leis an bpobal agus leis an gceantar. Bhí áit acu sa Tuirc freisin agus théadh siad anonn scaití. Ba ansin a rug an bás air gan choinne san Aibreán. Is boichte muid uilig – agus i lú spraoi a bheidh againn Lá'l Pádraig seo chugainn – dá uireasa.

* * *

# *Arramara Teo.*

*Cill Chiaráin,*
*Conamara,*
*Co. na Gaillimhe*

**Fón**

095 33404/33417

**Facs**

095 33494

e phost: info@arramara.ie

**www.arramara.ie**

# SEOSAMH Ó CUAIG

Áill na Brún, Cill Chiaráin



**Comhairleoir Contae**
**Comhalta Tofa - Údarás na Gaeltachta**

**Tá fáil orm i gcónaí ...**

**095-33428**

**agus**

**087-2194247**

*Nollaig mhaith agaibh uilig*


# Siopa Dowd

Esso

**Carna**

**Conamara**

**Fón /facs: 095-32882**



Cártaí Mháirín

# Ó Dubhda, Tógalaí

*Seolann muid beannachtaí na Nollag chuig ár gcustaiméaraí ar fad.*

# Pósadh



Máirtín Ó Maoilchiaráin (An Aird Thoir) agus Róisín Ní Chonaire (Cill Bhriocáin) i Ros Muc …22:05:09



Bairbre Ní Mháille (Doire Iorrais) agus Tony McNicholas i Séipéal Chill Chiaráin…1:05:09



Lisa Ní Dhubháin (an Aird Mhóir) & Éamon Mac Donnchada (Ceathrú Rua) i Séipeál Cill Chiaráin…14.02.09



Julie Ní Ghuairim (Leitir Ard) & Alan Byrne (Inis Meáin) i Malta…6/5/2009

# Debs..Debs..Debs....



**An bealach taistil is fearr as Carna!**
**Sa limo mór…ó chlé: Edel Ní Dhúbhda, Tríona Ní Chualáin, Ciarán Bolger, PJ Dundass, Aoife Ní Fhoghlú , Sadhlóg Ní Chualáin, Seosamh Ó Cuirrín agus Murchadha Ó Cualáin.**



**Róisín Ní Dhubháin (ar chlé) as Roisín na Mainíoch agus Irene Ní Fhlatharta as an mBantrach Ard.**



**Gráinne Ní Chatháin (ar chlé) as Glinsce agus Eileanóir Ní Chatháin as Gabhla.**

# Mo Chéad Chomaoineach Naofa — 17 Bealtaine 2009



Cill Chiaráin – Ar gcúl ó chlé; Elizabeth Whelan (múinteoir) agus an Séiplíneach Séamus Ó Dúill. Chun tosaigh ó chlé; Isabella Ní Thuathail, Alan Ó Súilleabháin agus Sarah Ní Chuirrín.



Carna – ó chlé; An tSiúr Marie, Liam Ó Caonaigh, Áine Ní Mhaoilchiaráin, Ciara Ní Cheanneabháin, Chloe Ní Chathasaigh agus Ciarán Ó Dunáird.




Muigh Inis – ó chlé: Courtney Ní Chormaic, Mághnus Ó Domhnaill, Dara Ó Cualáin, Katie Ní Dhonnabháin



An Aird Mhóir –Ar gcúl ó chlé: Johnny Ó Conghaile (múinteoir) agus an Séiplíneach Séamus Ó Dúill. Ansin chun tosaigh na gasúir- Mairéad Ní Éinniú, Cayleigh Ní Mhathúna, Kayleigh de Búrca, Meagan Ní Neachtain agus Aisling Ní Loideáin.



An Aird Thiar- ó chlé: Emmet Davitt, Amy de Búrca agus Tony Fallon.

# Féile Mhic Dara 2009







**Ar chlé – Slua brea fear…cuid acu as taobh Dhoire Fhearta…ag pátrún La'l Mhic Dara.**

**Ar dheis: Nuala Ní Chathasaigh agus a fear Ken Maher agus a gcuid gasur Sadhbh (ina gabháil ag Nuala) agus Johnny (ina ghabhail ag Ken).**

**Fear óg de mhuintir Chathasaigh dá bhaisteadh ar Oileán Mhic Dara ar an 16ú Iúil 2009. An tAthair Peadar Ó Conghaile. .. Sagart Pobail Charna ... ag bronnadh Sacraimint an Bhaisteadh ar Mhicheál beag Ó Cathasaigh. Ó chlé: Seán Ó Cathasaigh athair Mhicheál beag, Seosamh Ó Cathasaigh, uncail Mhicheál beag, a mháthair May agus istigh in íochtar Seán Ó Cathasaigh – deartháir an naíonáin - agus Molly deirfiúr an naíonáin.**
**Ar dheis – Teastaíonn braon bainne ón bhfear óg nua-bhaistithe. Dualgaisí ar a mháthair May agus a dheartháir Seán ag caitheadh súil ar an saol.**





# Aird Mhóir agus Cill Chiaráin



Fire Point! Ceist don Aire – Éamon Ó Cuív agus Príomh Oide Scoil na hAirde Móire Máire Bolger ag oscailt an chuid nua den Scoil i mbliana.



Cuid de ghasúir scoile na hAirde Móire an lá ar osclaíodh an fhorbairt nua ar an scoil i mbliana.




Josie Moylan ar dheis, Annie Devane i lár báire agus Winnie Leavy ar dheis ag oscailt na Scoile ar an Aird Mhóir.



Ó chlé – Ciarán Bolger, Conal Ó Flatharta agus Rónan Ó Ceannabháin i Scoil na hAirde Móire.




Micheál Ó Cuaig – cathaoirleach Choiste Fhéile Joe Éinniú – féile mhaith arís t i mbliana.

Ag ócáid cheoil i gCill Chiaráin tamall maith ó shin – ó chlé: Michael Mháire an Ghabha, Johnny Joe Phaitsín, Bridie Uí Eidhin, Risteárd Ó hEidhin, Cóilín Clisam agus Seán Ó Madaoin.




# *Spiadóirí !*






**Bhí sé ina imní faoi spiadóirí thart anseo i mbliana – go háirithe oifigigh na Roinne Leasa Shóisialaigh, nó na "geaigéirí". Thug cuid de na "floatanna" i bParáid na Féile Pádraig ar an Aird Mhóir agus i gCill Chiaráin léargas ar an droch cháil atá ar "géigearaí" sa taobh seo tíre.**

**Ach tháinig spiadóirí de chineál eile thart freisin i mí Mheitheamh agus chaith said ancaire Tigh Mhóráin. Ach chruthaigh Máire Ní hOibicín go maith – 4 phoinnte as 5 …… nó 4 phionta as 5 phionta.**



SUNDAY WORLD
A REAL IRISH SUNDAY

June 7, 2009 SUNDAY WORLD 79

## TIGH MHORAIN, CARNA

THE woman of the house was sitting outside the counter with the punters and enjoying her dinner when we dropped-in. However, she didn't delay in getting her act together and getting our order up. The old Commando said the porter was fine.

The young Commando thought the place was full of non-nationals until he listened closer to discover they were conversing in the native tongue. Traditional music (what else) was blasting out over the PA system and it would certainly stir every drop of Irish blood in your body.

The premises is divided into three sections with nice archways. The pool table is located away from the bar. Darts are also catered for. We couldn't figure out the fireplace, which was built into the wall of one of the arches.The old style marble floor was clean.

We found the biggest cubicle ever, when we visited the loo. The hand-paper dispenser was empty and needed changing.




**Máire Ní Oibicín bean mhaith taobh thiar den chabhantar – bhí an "Pub Spy" fíor-shásta Tí Mhóráin.**












Páráid na Féile Pádraig ar an Aird Mhóir. Dhá lá ina dhiaidh sin a bheadh foireann rugbaí na hÉireann ag imirt in aghaidh na Breataine Bige le haghaidh an GRAND SLAM. Ach bhí foireann Iorras Aithneach réitíthe le dhul anonn freisin! Barr ar chlé – grúpa acu sa mbus ag dul go Cardiff agus ar dheis an prapa Pádraig Ó Coirbín agus an "second row" Seán Ó Loideáin. In íochtar tá an fhoireann ag fáil faoi réir ag Tigh Leavy …ó chlé: Seán Ó Cualáin, Micheál Ó Clochartaigh, Seán Ó Cathasaigh, Colmán Ó Maolchiaráin, Seosamh Ó Cathasaigh, Séamus Ó Clochartaigh, Pádraig Ó Clochartaigh, Seán Ó Cillín, Seán Mac Donnchadha. Bhí clampar ann ina dhiaidh sin mar nár piocadh duine ar bith acu ar fhoireann na Lions a chuaigh don Afraic Theas.



# Realta Spóirt 2009



Niall Ó Cadhain dá shaothrú agus é ag imirt do Ghaillimh in aghaidh Shligigh i gCraobh Peile Chonnachta 2009



Páraic Ó hIarnáin – seaimpín Judo na hÉireann.



Maeve de Búrca ag imirt do Éirinn in aghaidh na hÍoslainne i 2009



Seán Ó Caonaigh – rothaí agus coisí thar cionn i 2009



Frank Cooke as Muigh Inis ina bhád “An Colmcille” – seaimpín rásaí na leathbháid ar chóstaí na Gaillimhe agus an Chláir i 2009.





Dr Micheál Ó Cathasaigh – 3 lá rothaíochta as éadan i 32 contae i 2009.

# Laochra Spóirt 2009

**Seán Ó Caonaigh**

Saor cloiche as Gabhla. D'imir sé peil ar feadh tamaill le cumann Charna/an Chaisil ach is leis an gcoisíocht agus leis an rothar is mo atá sé imithe le roint blianta. Chríochnaigh sé marathon Chonamara in imeacht 3 huaire agus roint nóiméadacha i mbliana agus rinne sé an Triathlon in Iorras Aithneach gan stró – cé nach bhfuil mórán cleachtadh aige ar an snámh.

Ach sé an píosa mór rothaíochta a rinne sé nuair a chur sé beagnach 600 míle dó in imeacht trí lá…sa gcamchuairt ar chuile chontae in Éirinn…an t-acsain is mó a rinne sé i 2009. Go mba fada buan a chroí agus a chosa!

**An Dr. Micheál Ó Cathasaigh**

Bhí sé ina chaiptín ar fhoireann rásaí trasna tire mheánscoil Dhún Garbhán nuair a bhuachadar craobh na hÉireann – sin ríar mhaith blianta ó shin anois. Bhí sé ar fhoireann Ollscoil na hÉireann i nGaillimh a bhua craobh céad slat na maidí (relay) na hÉireann agus d'imir sé peil Ghaeleach, iománaíocht agus rugbai. Le blianta beaga anuas a chuaigh sé ag rothaíocht go láidir.

Bhí ar an mbuíon a rinne an rothaíocht mhór ar fud na hÉireann i mí Mheán Fómhair – beagnach 600 míle in imeacht 3 lá. Chuaigh sé thrí a chontae dúchais Port Láirge ar an aistir ollmhór seo. Tá an aclaíocht go maith ag an gcroí, adeir an Dr. Ó Cathasaigh!

**Niall Ó Cadhain**

Cabhar dhuine as an taobh seo tire a fháigheann áit ar fhoireann sinsir peile na Gaillimhe. Tá Niall Ó Cadhain ar fhoireann na Gaillimhe le trí bliana agus is iontach a chruthaigh sé agus a theacht ar ais i mbliana théis gur cuireadh obráidí ar a dhá ruitín sa ngeimhreadh seo caite. Tá bonn faoi-21 na hÉireann agus bonn sinsir Chraobh Chonnachta ag Niall. Ní bliain éasca a bhí inti do pheileadóirí na Gaillimhe ná do pheileadóirí Charna/an Chaisil – cé gur shroich siad cluiche ceannais Chomórtas Peile na Gaeltachta. Facthas cumas peile an Chadhanaigh sna cluichí sin ar pháirc Ros Muc i mí Meitheamh.

**Maeve de Búrca**

Cá bhfágfadh sí an aclaíocht agus an choisíocht adeir tú. Iníon í Maeve de Búrca le Stiofán de Búrca as Carna agus a bhean Mairéad as Corca Dhuibhne i gCiarraí. I nGaillimh atá cónaí orthu.

Bhí Maeve thar cionn ina himreoir sacair ó bhí sí ina gasúr agus fuair sí áit ar fhóirne óga na hÉireann. Tá sí anois ar fhoireann sinsir ban na hÉireann agus tá siadsan ag súil go n-éireoidh leo a dhul chomh fada le Craobh Chorn an Domhain sa nGearmáin an bhliain seo chugainn. I Meiriceá atá Maeve faoi láthair agus í ar scoláireacht Sacair in Ollscoil Chonnecticut i New Haven. Tá sí ag staidéar do Mháistreacht Bainistíocht – MBA – ansin freisin. Ach beidh sí anonn agus anall ag imirt d'Éirinn. Creideann a hathair Stiofán go raibh sé féin níos sciobtha ná í ach nach raibh sé chomh paiteanta ar an sacar!

**Pádraig Ó hIarnáin**

Tá chuile cineál beilt agus chuile chineál cáilíocht ag Pádraig i spóirt an Judo. Tá sé ina sheampín meán mheachain ar Éirinn agus tá sé ar phaineál Judo na hÉireann atá ag traeneáil le haghaidh na gCluichí Oilimpeacha i Londain i 2012. As Roisín na Mainíoch é Pádraig - mac le Paddy Chóilín Chól. Tá sé ag obair i Londain faoi láthair. Ach bíonn sé anonn agus anall chuile choicís – nó níos minicí. Bíonn air a theacht go Baile Átha Cliath ag traeneáil le painéal Judo na hÉireann. Ach bíonn sé i gCarna go minic freisin mar go bhfuil Acadamh Judo bunaithe aige san West Connemara Sports and Leisure Centre sa gClochán.

Chaith Pádraig cúpla bliain i Meiriceá áit ar thraeneáil sé le cuid de na daoine ba hábalta ar cheird an Judo sa tír sin. Tugadh ballraíocht dó freisin i gCumann Judo na Seapáine agus sin ceann de na honóracha is mo sa spóirt sin. Go n-éirí le fear Roisín na Mainíoch.

**Frank Cooke**

As Cill Chiaráin ó dhúchas é Frank Cooke agus chaith sé scaitheamh mór blianta i Meiriceá. Bhí sé ina chonraitheoir tógála sna Státaí.

Tá sé ar ais i gConamara anois le blianta beaga anuas agus cónaí air i Muigh Inis.

Cheannaigh sé an leathbhád "An Colmcille" – soitheach a bhíodh ag Cumann Huicéirí na Gaillimhe le oiliúint sheoltóireachta a chur ar dhaoine óga i gConamara. Cheannaigh Frank an soitheach ar ceant ar €19,000 agus chur sé tuilleadh costaisí ar féin dá deasú agus dá réiteach.

Ach bhfiú an tairbhe an trioblóid. Tá togha criú ag Frank agus chroch sé leis Craobh na Leathbhád i 2009.


Lackagh Rock
QUARRY GROUP Limited

Recess, Galway.

**Tel: 095 - 34614 / 34737**

**Suppliers of:**

*Stone - Washed Sand*
*Aggregate Groung Limestone*
*Readymix Concrete Blocks*
*All Pre-Cast Products*
*Hollowcore Flooring*
*Cattle Slats*

FIANNA FÁIL
THE REPUBLICAN PARTY



# Éamon Ó Cuív, T.D.

**Oifig Dáilcheantair**
**Teach Uí Chiaruáin**
**Sráid Thobar an Iarla**
**Gaillimhe**

**Teil: (091) 562846**
**Facs (091) 562844**
**Ríomhphost: mnithuairisg@pobail.ie**

# An Seaimpín Judo as Roisín na Mainíoch

***Seaimpín ar Éirinn é Pádraig Ó hIarnáin as Roisín na Mainíoch. Tá sé roghnaithe ar fhoireann na hÉireann le haghaidh na gcluichí Oilimpeacha i Londain. Mac é Pádraig le Paddy Choilín Chóil agus a bhean Mary. I Londain atá sé ag obair faoi láthair ach tagann sé abhaile go minic. Labhair Máirtín Ó Catháin le Pádraig Ó hIarnáin.***



***Pádraig i lár báire anseo leis an mbeirt a chur oiliúint air an chéad aimsir gCumann Judo na Gaillimhe. Tá Keven Fitzmaurice (Junior) ar chlé agus tá Chris Hickey ar dheis.***

**Ó Catháin:** Cén uair ar chur tú suim sa Judo i dtosach?

**Ó hIarnáin:** Bhuel bhí suim agam i gcónaí san traeneáil fhisiciúil agus san luthchleasaíocht. Bhí mé ag imirt peile do Charna/an Chaisil in éineacht le Val Feeney, Rónán Ó Cualáin, John Mhaggie, Séamus Ó Catháin agus na lads sin uilig. I lár báire sa line leath chúil ba mho a bhí mé. Bhí mé sách maith ach ní raibh aon bhua mór peile agam. Ach ó tharla go raibh mé tugtha don traeneáil bhí mé sách crua agus aclaí agus chuidigh sin líom. Is cuimhin liom go mbínn ag coimhlint le Val Feeney. Bhí …agus tá…Val an sciobtha. Bhí sé chun tosaigh orm sna 'sprints' ach bhfearr mise sa rása fada. Pé ar bith scéal é d'éirigh mé as an bpéil óg go maith ach choinnigh mé go láidir leis an aclaíocht agus an traeneáil. Maidir leis an Judo thosaigh mé leis an Galway City School of Judo i 1997.

**Ó Catháin:** Cén chaoi ar tharla sé gur thosaigh tú leosan?

**Ó hIarnáin:** Thosaigh mé ag dul isteach chuig an Gym i nGaillimh chomh luath agus a d'fhéad mé agus fuair mé roint aithne ar dhreamanna a bhí ag plé le spóirteanna eile. Théis dom an Ard Teist a dhéanamh d'éirigh liom príntíseacht súinéireachta a fháil agus bhínn i nGaillimh níos minicí. Seacht mbliana déag a bhí mé nuair a thosaigh mé an Judo i nGaillimh i 1997. Is minic ó shin a bhí caitheadh ina dhiaidh agam nach raibh deis agam le dhul ag plé leis nuair a bhí mé roint blianta níos óige ná sin. Cheapfainn go mbéinn níos fearr anois – cé go bhfuil ag eirí go maith liom – dá mbéinn tosaithe níos óige.

**Ó Catháin:** Cén t-achar a thóg sé ort nó go bhfuair tú na céimeanna máistreachta … ar nós an Bheilt Dhubh (an *Black Belt*)?

**Ó hIarnáin:** Ar an gcéad iarraidh caithfidh mé an-bhuíochas a ghlacadh le leithide Kevin Fitzmaurice agus Chris Hickey san Galway City School of Judo. Chur siad mé chuig Craobhacha Chúige Chonnacht agus gan ach trí mhí traeneála déanta agam….

**Ó Catháin:** Cén chaoi ar éirigh leat?

**Ó hIarnáin:** Bhuel…d'éirigh liom an Chraobh a bhuachtáil…

**Ó Catháin:** Ba mhór an éacht í sin do dhuine a bhí nuaí ar an spóirt.

**Ó hIarnáin:** Bhuel…bhí sé alright is dóigh. Chuireadar isteach mé scaitheamh ina dhiaidh sin ar na comórtais Craobhe oscailte - na Open Championships i gCúige Laigean, i gCúige Mumhan agus ar Chraobh na hÉireann. Bhí mé ag buachtaint bonnanna airgid agus



*Pádraig Ó hIarnáin anseo ar dheis agus Jimmy Pedro, seaimpín Mheiriceá leis. Bhí Jimmy Pedro san iomaíocht ag 4 chluichí Oilimpeacha.*

cré umha an uair sin agus bhí an Bheilt Dhubh agam in imeacht bliain go leith cheapfainn.

**Ó Catháin:** Ar ndóigh bhí tú ag foghlaim ceird na Súinéireachta freisin sna blianta sin. Cén chaoi ar thaithnigh an chuid sin den tsaol leat?

**Ó hIarnáin:** Go maith, dháiríre. D'athraigh mé isteach im mo chónaí as Carna go cathair na Gaillimhe i 1999 agus chríochnaigh mé an phrintíseacht i 2002. Chuaigh mé ag obair go Baile Átha Cliath ansin.

**Ó Catháin:** Choinnigh tú leis an Judo i mBaile Átha Cliath?

**Ó hIarnáin:** Ó choinnigh. Ach choinnigh mé mo bhallraíocht agus mo cheangal i gcónaí leis an Galway City School of Judo.

**Ó Catháin:** Bhí bua mór agat i 2003.

**Ó hIarnáin:** Bhuaigh mé Craobh na hÉireann allright an bhliain sin. Bhuaigh mé an Chraobh sa rannóg meáchain 73 kilo. Bhí an Galway City School of Judo an bhródúil as sin mar ba mé an chéad duine as an gcumann a bhuaigh Craobh Náisiúnta.

**Ó Catháin:** Rinne tú athrú mór scaitheamh ina dhiaidh sin nuair a shocraigh tú go ngabhfá go Meiriceá. Tuige?

**Ó hIarnáin:** Bhí sé im m'intinn i gcónaí. Bhí an obair go maith in Éirinn an uair sin ach ní dhéanfainn suaimhneas ar bith go ngabhfainn anonn. Agus dháiríre, bhí Meiriceá go hiontach. Go Boston a chuaigh mé ar nós na mílte eile as an bpobal seo agus as Conamara uilig. Ó thaobh an Judo de fuair mé eolas agus taithí nach bhfaighin go brách anseo. Tá na oiread sin cineálacha daoine ag plé leis an Judo i Meiriceá agus go mbíonn ort a dhul níos géire ar. Bhínn im mo shuí ag an 5 ar maidin agus dhéanfainn dhá uair traeneála roimh an obair. Ansin ón 8 go dtí 10.30 san oíche aríst.

**Ó Catháin:** Agus bhí tú ag traeneáil le togha na bhfear.

**Ó hIarnáin:** Ó chomh maith agus a bhí i Meiriceá. Ba é Jimmy Pedro a bhí i gceannas na traeneala agus bhí seisean ar fhoireann Mheiriceá ag cheithre Chluichí Oilimpeacha agus bonn airgid buaighte aige. Ní fhéadfá fear níos fearr a fháil.

**Ó Catháin:** An raibh tú istigh ar mhórán comórtais i Meiriceá?

**Ó hIarnáin:** Go leor – chuile choicís ar a laghad…agus lads mhaith in t-aghaidh. Bh'shin rud iontach. Bhí neart troideanna ag duine.

**Ó Catháin:** Cén chaoi ar éirigh leat?




*Pádraig anseo imeasc togha na bhfear Judo nuair a bhuaigh se an New York Open i 2006 sa rannóg meáchain 81 kilo. Ó chle – Jason Morris (Seaimpín ar Mheiriceá; Pádraig Ó hIarnáin – buaiteoir New York Open 81 kilo; Jay Brooks – Seaimpín Mheiriceá ina mheáchan féin tráth...agus Coachálaí ar fhoireann Judo Mheiriceá sna Cluichí Oilimpeacha i 2008; Luke Corcoran as painéal Oilimpeach na hÉireann agus Jimmy Pedro seaimpín an domhain ina mheáchan féin cheithre huaire uilig. B'é seo an chéad uair a raibh ionadaí as Éirinn páirteach san New York Open.*

**Ó hIarnáin:** Maith go leor. Bhuaigh mé comórtas mór ar a dtugtar an Ocean State International i Rhode Island i 2005.

**Ó Catháin:** Throid tú in aghaidh na Seapánaigh freisin.

**Ó hIarnáin:** Throid. Bh'shin anois taithí iontach. Nuair a bhí mé thall tháinig painéal náisiúnta na Seapáine go Meiriceá ar feadh roint míonna ag traeneáil. Bhíodar linne scaití agus is iomaí sin cor a bhí agam leo. Piocadh mé ar fhoireann de chuid Mheiriceá a throid iad chuns bhí siad ann.

**Ó Catháin:** Cén bhuntáiste atá ag na Seapánaigh sa Judo?

**Ó hIarnáin:** Bhuel sé an spóirt náisiúnta acu é. Tá siad an-dílis dó agus tá caighdeáin ard leagtha síos acu. Tá rud suntasach futhú agus sin nach bhfuil an forsa céanna ag baint lena ngreim agus lena ngníomhaíocht agus atá ag baint linne. Ní airíonn tú a dhath ariamh brú colna scaití – agus de léim tá tú caite de leath taobh. Ach ar an taobh eile den scéal d'éirigh linne cuid acusan a chloigh scaití freisin!

**Ó Catháin:** D'fhaga tú Meiriceá théis trí bliana agus tá tú i Sasana anois. Athrú mór eile?

**Ó hIarnáin:** Bhuel ní raibh mé ag iarraidh fanacht ar an imirce go brách. Tháinig mé ar ais faoi Nollaig 2007 go Roisín na Mainíoch ach chuaigh mé go Sasana i 2008. Bhí rudaí sách sleaiceáilte i dtaobh oibre sa mbaile. Tá mé im mo shaoiste le comhlacht anseo anois agus tá an obair go maith.

**Ó Catháin:** Ach choinnigh tú leis an Judo.

**Ó hIarnáin:** Choinnigh…agus bhuaigh mé Craobh na hÉireann i 2008 – sin í an Chraobh do chuile dhream agus do chuile rannóg meachain.

**Ó Catháin:** Agus tá tú ar fhoireann na hÉireann atá le dhul chuig na Cluichí Oilimpeacha i Londain?

**Ó hIarnáin:** Táim – bhuel tá agúisín le cur leis sin mar go gcuireann an Cumann Idirnáisiúnta Judo triail ort go bhfeicfear an bhfuil tú sách maith – sin fiú agus go bhfuil tú roghnaithe ag do thír féin. Ach tá mé dóchasach go maith go bhfaighidh mé thairis sin.

**Ó Catháin:** An bhfuil sibh ag fáil faoi réir anois?

**Ó hIarnáin:** Ó tá – tá mé ag traeneail liom le dhá chumann i Londain agus tagaim anall minic go maith le haghaidh traeneail le painéal na hÉireann.

**Ó Catháin:** bhí tú ag teacht anall chuile dheire seachtaine ansin le scaitheamh – sin ó bhunaigh tú an tAcadamh Judo sa gClochán. Cén chaoi a bhfuil ag eirí leis?

**Ó hIarnáin:** Go maith dháiríre. Tá ionann agus dhá scór ann. Ba mhaith liom tuilleadh clubanna a bhunú i gConamara – agus ceann anseo i gCarna dá mbeadh áit chóiriúil ann. Ba mhaith lion amach sa mbliain 2010 go mbeadh bus ar bóthar le daoine a thabhairt chuig an gClub sa gClochán agus in áiteacha eile. Ba mhaith lion go gcuirfeadh na scoileanna suim ann…mar is spóirt iontach é don intinn agus don cholainn.

**Ó Catháin:** An bhfuil cáilíochtaí agat féin mar thraeneálaí Judo?

**Ó hIarnáin:** Ó tá. Tá na cúrsaí déanta agam agus na teastais agam.

**Ó Catháin:** Idir an thraeneáil agus an obair chaithfeadh sé nach bhfuil mórán ama le spáráilt agat. An bhfuil aon chaitheamh aimsire eile agat?

**Ó hIarnáin:** Is beag é! Ghabhfainn amach go sóisialta tuairim's uair sa mí. Ní chaithim tabac agus ní fiú



USA JUDO, INC.

This is to certify that

*Paraic Hernon*

having been examined and found qualified in accordance with the standards of the USA Judo, Inc. is hereby promoted to the Seinen rank of Shodan and is awarded this Certificate of Promotion on October 15, 2006.

Certificate #06-011

Jay Brooks, President – Massachusetts Judo, Inc and Instructor – Phoenix Judo Club.

trácht ar an méid alcóil a olaim. Caithfidh tú aire a thabhairt duit féin ag plé leis an spóirt seo. Níl féidir leat a bheith ag braith ar aon nduine eile ach ort féin nuair atá tú ar an 'mata' i ngleic leis an bhfear eile.

**Ó Catháin:** Céard faoi chúrsaí beatha?

**Ó hIarnáin:** Ní ithim go leor feola mar go gcuirfeadh sé feoil orm! Pasta, tuna – rudai mar sin.

**Ó Catháin:** An gcuireann aon nduine aon chaidéis ort - nuair a bhéifea amuigh go sóisialta mar shampla – ag cur 'challenge' ort nuair atá a fhios agat gur seaimpín Judo thú?

**Ó hIarnáin:** A scaití bheadh daoine ag diabhlaíocht ach níl ansin ach spraoi. Bhféidir uair sa gcéad go mbeadh cabhar dhuine ann a bhodhródh thú ceart go leor – bhfearr leat uait iad sin. Ach sí an chluais bhodhar is fearr an uair sin!

**Ó Catháin:** An mbeadh fonn ort a theacht ar ais abhaile as Sasana?


**Ó hIarnáin:** Bheadh…ach tá cúrsaí oibre go dona. Bheadh fonn orm tuilleadh a dhéanamh leis an Judo de réir a chéile. Ach feicfidh muid linn. Idir seo agus sin tá obair mhaith agam i Sasana. Tagaim anall go minic – fágaim an carr ag aerphort na Sionnainne – agus is maith liom é sin.

**Ó Catháin:** Céard faoin Nollaig agus an athbhliain?

**Ó hIarnáin:** Beidh cúrsaí Judo go mór i gceist! Tá súil agam a dhul ar ais go Meiriceá ar feadh trí seachtainí ag traeneáil – thart faoin Nollaig nó díreach ina dhiaidh sin.

* * *

Gannon
SPORTS
Stocking all local clubs merchandise. Please contact shop for further information.
Connemara's
Complete Sports Store
The Square, Clifden, Co. Galway.
Tel: (095) 22268
E-Mail: gannonsports@gmail.com



C.L.PRINT
Clódóirí Lurgan

Seirbhísí Priontála /
Críoch Proifisiúnta /
Dearadh go hInmheánach

Le os cionn 30 bliain taithí ins an gclódóireacht taobh thiar dúinn, agus an treallamh agus innealra is nua aoisí ar an margadh, déanann muid táirge den scoth ar phraghas réasúnach.

I gcóir meastachán glaoigh orainn ag ár n-oifig in Indreabhán, Conamara ag 091 593251.

Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
t. 091 593 251 / 593 157
f. 091 593 159
e. info@clprint.ie

# Festus Madden as Muigh Inis

## *Fear rása marathon den scoth i Meiriceá fadó*

**le Máirtín Ó Catháin**

**South Boston. Trí scóir blianta ó shin…agus tuilleadh. Tá cuimhne ag Béab Uí Uaithnín as Muigh Inis – nó Béab Mhargaret Cheaite as Caladh bhFuínnse - ar an lá sin fós. "Sheas Festy suas agus chaith sé súil ar an matal. Rug sé ar cheann de na cupáin a fuair sé as na rásaí cos a bhí buaite aige. Bhí sé ag síneadh an chupáin agam agus é ag rá liom é a thabhairt 'siar' abhaile liom. Ach labhair bean Festy agus dúirt nach ligfeadh sí an cupán amach as an teach! Thuigfeá di. Bhí nádúr aice leis na duaiseanna a bhí buaite ag Festy. Ach is minic a bhí caitheadh ina dhiaidh agam ó shin nach bhfuair mé an cupán an lá sin le tabhairt abhaile."**

Ba é Festy Madden as Muigh Inis an fear a bhí i gceist ag Béab Uí Uaithnín, bean Johnny Shéamuis Dhiarmuid as Muigh Inis. Festus J. Madden a tugadh air go hoifigiúil agus é ag rith an mharatoin i Meiriceá. Agus bhí fear óg Mhuigh Inse in ann coisméig a choinneáil leis an dream a bhfearr acu i Meiriceá lena linn. Rugadh agus tógadh Festus J Madden gar don áit ar a dtugtar "Casadh Val" – sin é a casadh géar sa mbóthar idir tigh Mháirtín Uí Ghríofa agus tí Johnny Sheáin son Tom i Muigh Inis. Ba as sin a chroch Festus J. Madden seolta an chéad lá ariamh ina fhear óg agus thug a aghaidh ar Mheiriceá. Ba gearr go raibh sé ar dhuine de na fir a bhfearr a bhí ag rith an mharatóin (26 míle agus 385 slat) i Meiriceá. Agus murach nach raibh na páipéir chearta cónaithe i Meiriceá faighte aige bheadh sé ar fhoireann na Stáit Aontaithe sna cluichí Oilimpeacha i Stockholm sa tSualainn i 1912. Lena chois sin is cosúil go mbeadh seans sách maith aige ar bhonn a chrochadh leis an bhliain sin.

Ba col cheathracha iad máthair Bhéab bean Uí Uaithnín – nó Béab Mhargaret Cheaite – agus Festus J Madden. "Bhíodh mo mháthair i gcónaí ag caint faoi Festy Madden agus ba fhada liom go gcasfainn leis nuair a chuaigh mé féin go Boston" arsa Béab. "Bhí mise ag obair i Cambridge ach thugainn cuairt ar



***Béab bean Uí Úaithnín as Muigh Inis – ba col ceathracha a máthair agus Festus Madden.***

Festy sách minic i South Boston. Bhí sé ag teannamh amach sna blianta roint an uair sin ach bhí sláinte mhaith aige agus é ag caitheadh an tsaoil go deas. Ba as taobh Iorras Mhór a bhean ach ní raibh aon fhamily acu. Gaeilge a labhraíodh Festy i gcónaí ach silim nach raibh aon Ghaeilge ag an mbean. Ag caitheadh súil siar di anois ceapann Béab gur fear ard, lom, cnáimheach a bhí i bhFesty. "Ach is iomaí lá é sin ó shin anois", adeir sí.

Chuala Jackie Connolly as Muigh Inis caint ar Festy Madden é féin. "Tá a fhios agam go gcloisfinn daoine ag rá go bhfaigheadh a mháthair litreacha abhaile as Meiriceá uaidh. Ach an oiread le go leor eile san am ní raibh léamh ná scríobh aice. Léightí na litreacha dá mháthair agus nuair a bheadh scéal eicínt iontu faoi rása a bhíodh buaite ag Festy d'ordaíodh sí go léighfí an píosa sin aríst!"

Tá na Madaoíneacha imithe as Muigh Inis le fada an lá. Ar nós teaghlaigh go leor eile d'imigh siad leo ar an imirce agus ní raibh duine ar bith fanta sa deire. Ach tá lorg an tsean tigh ansin i gcónaí; scioból beag atá ann anois.

Seán Pheaitsa Mhadaoin a bhí ar athair Fhestus Madden – ba as Muigh Inis é. Bhí beirt dhearthár de na Madaoíneacha ann – Sean agus Val. Máire Ní Chualáin a bhí ar mháthair Festus Madden agus ba as Caladh bhFuighinse a tháinig sise go Muigh Inis. Máire Rua a



***Colmán ÓMaoilchiaráin caiptín pheileadóirí Charna 2009...fear muintireach le Festy Madden***

thugadís uirthi. Anois – téigheadh muid píosa beag siar sa stair.

Ba deirfiúr í Máire Rua (máthair Festus Madden) le Máirtín an Mhac Ó Cualáin agus bhí cónaí ar an teaghlach sin ag crosbhóthar Chaladh bhFuínnse. Bhí Máirtín an Mhac Ó Cualáin pósta ag Ceaite (Ní Chonghaile). Ceaite Bheag a thugaidís uirthi. Tá muid gaibhte píosa mór siar anois… Máirtín an Mhac Ó Cualáin pósta ag Ceaite bheag Ní Chonghaile i gCaladh bhFuínnse.

Bhí ceathar clainne ag Máirtín agus Ceaite. Bhí Margaret ann – bh'shin í máthair Bhéab Uí Uaithnín i Muigh Inis. Ansin bhí Mary Ann Cheaite ann bh'shin í máthair Mháirtín Festy. Ansin bhí Béab Cheaite ann agus bh'shin í máthair Phat Fheistín Fheichín. Bhí mac amháin sa teaghlach sin agus bh'shin é Pat Cheaite. Bhí Pat Cheaite – nó Patrick Folan – ar dhuine den dream a báitheadh sa mbád a chuaigh síos agus í ag teacht amach as Muigh Inis ar Lá'l Mhic Dara 1907. Ba col cheathracha iad an teaghlach sin uilig do Fhestus Madden.

Leis an scéal a shoiléiriú níos fearr don ghlúin óg bheadh Festus J Madden ina shin shin shean uncail ag an bpeileadóir Colmán Ó Maoilchiaráin…agus níor chur Colmán na gruaige rua a ghaol amú le Máire Rua fadó! Ar ndóigh tá an ghruaig rua ar an dá thaobh ag Colmán! Ba sin shean uncail é Festus J Madden freisin do Mháire Ní Uaithnín, an Príomh Oide sa mbunscoil i Roisín na Mainíoch i gCarna. Bheadh an gaol céanna ag Máirín Loftus agus ag Ellen Loftus atá ag obair in oifig an dochtúra i gCarna le Festus Madden…agus bheadh an gaol céanna freisin leis ag Pádraig Phat Fheistín Fheichín as Caladh bhFuínnse. Níl ansin ach riar bheag de daoine muintireacha Fesus Madden– tá cuid mhaith eile ann. Ba mhaith an fear é a bhfear muintireach Festus J Madden as Muigh Inis.

# Festus J Madden

## *– bheadh sé san iomaíocht do bhonn Oilimpeach ach beagán seachtainí eile a bheith caite aige i Meiriceá.*

### le Seosamh Ó Cuaig

Sa mbliain 1907 d'fhág Festus Madden Maínis le ghabhail go Meiriceá. Dhá bhliain agus fiche d'aois (22) a bhí sé. Dá mbeadh a fhios aige céard a bhí roimhe bheadh Maínis fágtha aige cúpla mí roimhe sin mar dá ndéanfadh bheadh sé sna cluichí Oilimpeacha i Stockholm sa tSualainn sa mbliain 1912.

Sa mbliain 1911 tháinig sé sa dara háit i Marathon Bhoston. Seo é an cuntas a tugadh ar an Rása i bpáipéar nuachta thall:

***RECORD IS BROKEN FOR BOSTON RACE,***

*New England runner wins the classic marathon,*
*Longboat's mark is beaten,*
*Second man has hard luck.*

Boston, Mass. April 1911: "Sparing his reserve power for a hasty finish, Clarence F. Demar of the North Dorchester, Mass. Athletic Association won the Boston Athletic Association's fifteenth marathon today and established a new record of 2 hours 17 minutes 39 seconds for the 25 miles. The previous record 2:24:24 was made by Tom Longboat four years ago.

F.J Madden of South Boston was second, only missing getting inside the record through an accident. Edward Fobore of Montreal was third and Robert J. Fowler of Cambridge fourth. Although he is but 21 years old, Demar is an old hand at long-distance racing. He finished second in the marathon a year ago and in the same position in the race to Brockton last fall. He has won several first prizes at shorter distances.

***Conditions ideal-***

The weather was ideal, the roads perfect and the runners in splendid trim. More than 200,000 people lined the course. Demar and James J. Corkery were the favorites in the field of 143 entrants but the latter collapsed three miles from the finish.

***Motor butts in-***

Two miles from the finish Madden running strongly, after Demar, was knocked into the gutter by a motor car, spoiling his chance of record breaking. The South Boston runner was dashing past Coolidge Corner two miles from the finish when an automobile seeking to pass him nearly knocked him into the gutter. He recovered in time to save being passed by Fobore.

Thirty six runners finished inside of three hours. The times of the first four runners follow:

| | |
|---|---|
| Clarence Demar, North Dorchester | 2:21:39 |
| F.J Madden, South Boston | 2:24:31 |
| Ed Fobore, Montreal | 2:29:23 |
| Robert J. Fowler, Cambridge | 2:29:31 |

B'íontach an saothraí é Madden ach dá fheabhas é an lá sin ba tábhachtaí go mór fada Marathon Bhoston an bhliain dar gcionn. Ba shin í an bhliain a raibh na Cluichí Oilimpeacha i Stockholm sa tSualainn.

Shocraigh na Meiriceánaigh gurbh iad na coisithe ab fhearr a dhéanfadh i Marathon Bhoston a chuirfidís i Marathon na gCluichí Oilimpeacha. Bhí an-bharúil go deo d'fhear Mhaínse. Dúradh sna páipéir gurbh é an "favorite" é cinnte. Ach an Domhnach roimh an rása foilsíodh an méid seo san "Washington Post".

### *MADDEN IS INNELIGIBLE*

*Crack Marathon runner cannot represent U.S in Olympic try-outs.*

Boston April 13 – It was announced today that Festus J. Madden of the North Dorchester A.A who finished second to Clarence Demar in last years' marathon was not eligible to compete for a place on the American team for the Olympic Games. Madden is regarded as the logical favorite for the Patriots' day race this year.

Bhí an méid seo i bpáipéar nuachta eile:

"*The Department of immigration could do nothing to hasten the ratification of his naturalization papers so as to make him eligible to represent America at the Olympic Games*".

Chaithfeadh sé a bheith chúig bhliana i Meiriceá agus bhí sé seacht seachtainí gann air sin. Ní raibh aon mhaith ag caint. Ritheadh an Marathon i mBoston ar chuma ar bith. Sa tríú háit a thainig fear Mhaínse. Éireannach eile, Michael Ryan, a bhí sa gcéad áit agus fear as treabh Indiach i Maine, Andrew Sockalexis, sa dara háit. Ní raibh an Madaoineach i bhfad ina ndiaidh. An dtabharfadh an tríú háit sin chuig na Cluichí Oilimpeacha é dá mbeadh a chuid páipéar réitithe? Thabharfadh gan amhras ar bith. An ceathrar a tháinig isteach ina dhiaidh sa Rása toghadh ar fhoireann Mheiriceá iad as sin go ceann cúpla seachtain. An éireodh go maith le Madaoíneach Mhaínse i Stockholm? Chuile sheans go n-éireodh. Dúirt na tráchtairí uilig go raibh sé i mbarr a mhaitheasa. An tIndiach sin as Maine a bhí beagáinín roimhe i mBoston tháinig sé sa gceathrú háit i Stockholm. Bhí fear eile, John Gallagher, ar theip ar Marathon Bhoston a chríochnú. Chuaigh seisean go Stockholm ar a chostas féin agus tháinig sé sa seachtú háit ann.

I mí an Aibreáin a rith fear Mhaínse an Marathon i mBoston. I mí Iúil a ritheadh an marathon ag na Cluichí Oilimpeacha i Stockholm. Seacht seachtainí dar gcionn glacadh le páipéir saoránachta Festus J. Madden. American citizen a bhí ann sa deireadh. Dá mbeadh sé ina shaoránach i Meiriceá níos túisce an bhliain sin d'fhéadfadh go mbeadh bonn Oilimpeach ag Festus J Madden a rugadh agus a tógadh gar don áit ar a dtugtar "Casadh Val" i Maínis i bpobal Charna.

### Tuilleadh Eolais:

Daonáireamh 1901 i Maínis:

| | |
|---|---|
| John Madden | 65 |
| Mary Madden | 54 |
| Anne Madden | 23 |
| Ellie Madden | 12 |
| Patrick Madden | 18 |
| Festus Madden | 16 |

Daonáireamh 1911 i Maínis:

| | |
|---|---|
| John Madden | 78 |
| Mary Madden | 68 |
| Pat Madden | 28 |

Nóta – Níl aois athair agus máthair Festus Madden ag teacht go cruinn leis an mbearna blianta atá idir an dá Dhaonáireamh. Ach is rud é sin a bhíodh ag tarlú san am; ba mhinic nach mbíodh a n-aois go cruinn ag cuid den seandream.

Is léir gur imigh triúr de chlann na Madaoineach sa tréimhse idir 1901 agus 1911 agus go raibh Festus ar dhuine acu sin a d'imigh. Tá a fhios againn anois gur i 1907 a d'imigh Festus.

* An bheirt a chuir a gcuid ainmneacha le iarratas an Mhadaoinigh ar shaoránacht Meiriceánach:
  John O'Brien
  Peter Connolly
* Seoladh amháin a bhí aige thall: 30 West Fifth Street, South Boston.
* Na daoine a bhí ina theach i mBoston i 1930:
  Mary Madden
  Patrick Madden
  Festus Madden
  Thomas O'Malley
* Cailleadh Festus Madden i mí na Nollag 1962 in aois a 77 bliain.


**Richard Quinn Jeweller**

**Gaillimh**

Más fáinne é – más seodra é…más uaireadóir é ….
Nó céard faoi thrófaithe Spóirt, Cupáin agus Coirn?



Tabhair do aghaidh ar
Richard Quinn Jewellers
60 Sráid Dominic, Gaillimh


**Telefón agus Fax: 091-564968**
**Email: richardquinnjewelers@hotmail.com**


CLOTHING MERCHANDISE
advertees SHIRTS
info@tees.ie
CONNEMARA INTERNATIONAL MARATHON
GALWAY INTERNATIONAL OYSTER FESTIVAL
GALWAY ARTS FESTIVAL
dubarry
Heineken
GUINNESS
NBCRI
SLIGO JAZZ
advertees SHIRTS
SCREENPRINTING & EMBROIDERING SPECIALISTS
Unit 25 Glenrock Business Park, Ballybane Industrial Estate, Galway. Tel: 091-770870

# Sna blianta siar



*Dream daoine as Caladh bhFuínnse san aimsir a caitheadh. Ó chlé – Pat Mhargaret (Breathnach), Máirtín Mhargaret, Mary Mháire Mhargaret, Margaret Cheaite agus Cuimín Pheadar Chuimín (Ó Neachtain).*



*Tom agus Jimmy Mhicil Thomáis (Ó Maoilchiarán) as Caladh bhFuínnse.*



*I Sasana sna blianta a caitheadh. Ó chlé – John O'Connor as Ciarraí, Pádraig Ó Cualáin as Muigh Inis (beannacht Dia leis), Seán Ó Madaoín as Cill Chiaráin agus Gerry Coffey as Ciarraí.*

# Céimeanna agus Campaí



*Bronnadh céim BA le Onóracha ar Pauline Ní Chualáin as Muighros in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh i mí Dheireadh Fómhair. Ta sí anseo lena teaghlach…ó chlé Máire Uí Chualáin (máthair), Micheál (deartháir), Pauline Ní Chualáin í féin, Pádraig (a hathair) agus Martina (deifirúr).*



*Deire Ní Fhéinidh as Leitir Deiscirt ar bronnadh céim BA Onóracha uirthi in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh i mí Dheireadh Fómhair.*




*Campa Samhraidh in Áras Shorcha Ní Ghuairim samhraidh 2009.*

# Saol eile ar chósta Chill Chiaráin



*Ag plé le slata mara i gCill Chiaráin i 1947. Johnny Madden, uncail le muintir Mhadaoín ar chlé agus Michael Madden ar dheis – athair Sheán agus Mhichael, Tom agus Mary. Sí bean Donald Robb – an fear a chaith blianta ina bhainisteoir ar chúrsaí feamainne agus slata mara i gCill Chiaráin - a thóg an pictiúr.*



*Seo cóip de phictiúir a thóg Jerimiah Curtin i gCill Chiaráin an scríbhneoir Meiriceánach in 1892. Tógadh an pictiúr ó shráid Tigh Chlancy. Sin iad tithe mhuintir Mhadaoín atá le feiceáil uait. Tabhair faoi deara na stucaí sna garanaí – stucaí coirce. An fharraige amach uait.*

# Damhsa agus Iomra





▲ *An pictiúr thuas: Grace Ní Chuirrín agus a col ceathrar Micheál Ó Madaoín as Cill Chiaráin - 1949.*

◀ *Sa Hangar i nGaillimh ag damhsa i 1959 …ar lá rasaí currach an Tóstail. Packy O Brien as an Meall Rua ar chlé agus Seán Ó Madaoín as Cill Chiaráin.*



*Foireann iomra Arramara Teo – monarcha na feamainne – ag an Tostal i gCill Chiaráin i 1965…sin iad an triúr chun tosaigh. Ó chlé: Máirtín Dundass as Coill Sáile, Paddy Dundass agus Páraic Mac Donnchadha as Cill Chiaráin. San line cúil ó chlé: Marcus Mac an Iomaire (Leitir Ard), Colm Mac an Iomaire (Ros Dugáin), Seán Ó Madaoín (Cill Chiaráin) agus Joe John Mac an Iomaire.*


# Joe Lydon

## *– fear ceannais an Chumann Lúthchleas Gaeil i Meiriceá*

**Sé Joe Lydon as Dorchester i mBoston an Cathaoirleach ar an gCumann Luthchleas Gael ar fud na Stáit Aontaithe uilig. Sé Joe an chéad duine nár rugadh in Éirinn a toghadh sa bpost sin. Ach munar rugadh in Éirinn féin é is beag nach b'é an cás céanna é. Is as Roisín na Mainíoch a athair – Cóilín Joe Choilm Liam – agus is as Leitir Ard a mháthair, sin í Bríd an Ghabh (Nic Dhonnchadha).**

Bhí baint mhór ag athair Joe – sin é Cóilín – leis an gCumann Luthchleas Gael i mBoston mar imreoir agus mar oifigeach leis na Connemara Gaels. Go deimhin, ba uncail le Joe…Pádraig Joe Choilm Liam … a bhunaigh cumann na Connemara Gaels i mBoston. Bhásaigh Pádraig i mí Dheireadh Fómhair i mbliana. Ach leanann oidhreacht an Chumainn Luthchleas Gael ar aghaidh i measc mhuintir Loideáin agus tá an post is sinsirigh san eagraíocht sin i Meiriceá ag duine acu anois.

Mar seo rinneadh cur síos ar Joe Lydon, cathaoirleach an Chumainn Luthchleas Gael i Meiriceá sa leabhrán a foillsíodh nuair a reachtáileadh comórtais Mheiriceá uilig, *All American*



BIOGRAPHY OF JOE LYDON

**First American-Born County Board Chairman of The Gaelic Athletic Association**

**Chairman of the North American County Board**

Joe Lydon was born in Boston, Massachusetts, just about the same time the founding members of the North American County Board were getting started. Joe's father Coleman was always involved with the G.A.A. at club level in Boston since he immigrated to the United States in the 1950's. He was a player with Saint John's, Saint Columbkilles, Erins Hope and the Connemara Gaels. Joe's first experience with Gaelic Sports was chasing wides at Franklin Field at Erins Hope's practices and in the 60's at the Cardinal Cushing Field Day in Tech Field in Brookline.

Joe remembers a day when the great Mattie McDonagh was lining up to take a free in for a point, and he must have taken too long because Joe ran out onto the field, picked up the ball and started to solo toward the Goal while being chased by the referee George Shanley and the Chairman Bernie O'Reilly. Needless to say, Joe did not score. Bernie was a little faster in those days.

Joe was drafted to play Senior Football in the 70's by Paddy Keaneyout in the Columban Fathers Grounds in Milton. The Criteria to play was whether you were big enough, do your parents come from Galway if so what part. Joe must have given Paddy the right answers because in less than five minutes he was playing for the Connemara Gaels. Joe won two Divisional Championships with the Connemara Gaels and also served as Secretary of the club. He went on to serve the New England Gaelic Athletic Association for over twenty years, serving as long-time Chairman, Secretary, Registrar and Ast. Secretary. In 1997 and again in 2000 Joe suffered two massive strokes that immobilized and weakened his left side, but with the help and support of his family and friends, especially the G.A.A. and other Irish organizations, Joe has made a somewhat remarkable recovery. In 2006 after being out of the G.A.A. for about 5 years, Joe was elected as Secretary of the North American County Board where he served two years until being elected the Chairman of the North American County Board in December 2008.

Joe lives in Dorchester and is happily married to his wife Ann of 27 years. They have three lovely daughters - Catherine, Roisin, and Danielle.


A statement from Joe: "Look to the past to find out where you are going and what your future will be."

2009 North American GAA Finals 3

## Cló Iar-Chonnacht

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 cic@iol.ie www.cic.ie


# Sladmhargadh na Nollag ar siúl ón 23 Samhain – 23 Nollaig
# Lacáiste 50% ar leabhair – réimse leathan leabhar ar fáil





### Salann Garbh
Joe Steve Ó Neachtain

Cnuasach pearsanta, machnamhach gearrscéalta le Joe Steve a théann i ngleic le fadhbanna sóisialta mar fhoréigean teaghlaigh, creideamh agus uinéireacht talún.

### Ó Chósta go Cósta
Frank Reidy





Leabhar taistil, le grianghraif lándaite, bunaithe ar thuras a rinne an t-údar ó oileán Lamu ar chósta thoir na Céinia, áit ar thug sé cuairt ar sheanmháthair Bharack Obama, go bruach Loch Victoria i Uganda.




### Cré na Cille
Máirtín Ó Cadhain


Athchló é seo ar an mbunleagan a céadfhoilsíodh i 1949 de mhórshaothar Uí Chadhain.





### Mícheál Breathnach: Scríbhinní
Tomás Mac Domhnaill agus Seán Mac Enrí a chuir in eagar
Athchló cóirithe ag: Lochlainn Ó Tuairisg

Scríbhinní Mhichíl Bhreathnaigh i gcló arís. Seo athchló ar leabhar a céadfhoilsíodh i 1913, an t-aon athchló a cuireadh air le beagnach céad bliain. Tá scríbhneoireacht taistil, iriseoireacht, tráchtaireacht ar an bpolaitíocht agus ar an litríocht, cuimhní cinn, cumadóireacht agus filíocht sa leabhar, chomh maith le scéal a bheatha – cloch bhua ar charn duine de cheannródaithe móra na scríbhneoireachta sa Nua-Ghaeilge.

### Murcha Mór
Micheál Ó Conghaile
a d'aistrigh
Aoisghrúpa: 4 -7




Ón am go raibh Murcha an Siorc Mór Bán beag bídeach, bhíodh Seáinín Súmaire lena ais lá agus oíche. Ansin, lá amháin, dúisíonn Murcha agus tá Seáinín imithe ... Scéilín beag gleoite.




### Murcha sa bPoll Báite
Micheál Ó Conghaile
a d'aistrigh
Aoisghrúpa: 4–7

Is breá le Murcha an Siorc Mór Bán a bheith ag déanamh folach bíog lena chara Síle Sumaire. Ach nuair nach dtugann siad aird ar fhainic a mháthar agus nuair a thugann siad a gcuid spraoi síos sa bpoll báite ní fios céard a tharlóidh ...

**Tá catalóg iomlán ar an suíomh idirlín www.cic.ie**

# Cóilín Ó hIarnáin ar shlí na firinne – dornálaí cumasach

Bhásaigh Cóilín Ó hIarnáin as Roisín na Mainíoch ó dhúchas – Cóilín Sarah – in Earrach na bliana seo. Bhí cuntas againn ar na gaiscí móra a rinne Cóilín mar dhornálaí trom-mheáchain in irisleabhar Iorras Aithneach roinnt blianta ó shin. Bhí sé ar fhoirne idirnáisiúnta na hÉireann sa rannóg trom mheáchain beagnach leathchéad bliain ó shin. Bhí cónaí air i mBéal Átha na Slua ar feadh cuid mhór dá shaol agus ba as an taobh sin tíre a tháinig an tuairisc seo a foillsíodh sa "Connacht Tribune" sa Márta seo caite.

NEWS 3
FRIDAY MARCH 20, 2009 CONNACHT TRIBUNE

## Boxer's death stirs memories of a glorious sporting career

**COLMAN Hernon of Brackernagh, Ballinasloe, who passed away recently was probably best remembered as an Irish heavyweight boxer, who also sparred with the great British boxers of the fifties such as Henry Cooper, Brian London and Brian Erskine.**

Born in Rusheenamanagh, Carna, Co. Galway on June 1 1927 to Colman and Sarah Hernon (nee Sullivan), he was the fifth oldest of four boys and four girls.

He trained as a psychiatric nurse in St. Brigid's Hospital in Ballinasloe and was appointed the first Community nurse there, providing nursing care and support to patients in the Galway and Roscommon areas.

During the late 40's and 50's Colman pursued a successful amateur boxing career, becoming both the Connemara Heavyweight champion and Irish international, winning championship fights in Germany, Wales and Scotland.

While in the UK he also took part in "Boxing Booths" where you could spar with other boxers and win money for the number of rounds you "survived."

That was where he entered the ring with the legendary Henry Cooper, Brian London and Brian Erskine, something that Colman said few boxers ever achieved. In 1959 Colman was ranked fifth in the top ten sportstars in Connacht.

Always involved in the sporting life of his adopted town, Colman with Buddy Donnellan re-established the Boxing Club in Ballinasloe in the 1950's, producing a wealth of under-age talent.

It subsequently lapsed, but in the mid seventies the "Gentle Giant" teamed up with Buddy Donnellan, Tom Watters, Frankie Walshe, Johnny Walshe, Joe and Eamon Donnellan, got it going again.

Once again the produced young boxers at different weights, some of who went on to win national titles.

Colman was actively involved in the Ballinasloe Fair and Festival Committee always generous in his time for the organising and stewarding in various events.

He was deeply involved in the annual pony races as well as the tug-o'-war competitions. He also found time to breed and maintain a number of Connemara ponies.

As his remains reposed at the family home many of Colman's boxing friends and opponents came to pay their respects and likewise at his funeral mass in St. Michael's Church, prior to his burial in Creagh Cemetery.

The late Mr. Hernon is survived by his wife Nancy, son Joe and daughter Una as well as his ten grandchildren, sister Maire Hernon (Moycullen) and many other close relatives including his nephew, Joe Hernon, who is a respected international amateur boxing referee.



Colie Hernon in his prime, boxing at heavyweight for Ireland.

**COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE**
Co. Galway Vocational Education Committee
**Soláthraithe Oideachais san 21ú hAois**

- **Raon iomlán Cúrsaí Lae á gcur ar fáil i nGairmscoileanna uile an Choiste Gairmoideachais (12), lena n-áirítear 3 Scoil Oileáin agus 3 Scoil i nGaeltacht Chonamara**
  - **Baile Átha an Rí**
  - **Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí**
  - **Baile Locha Riach**
  - **Tuaim**
  - **An Creagán**
  - **An Cnoc Breac**
  - **Indreabhán**
  - **Ros Muc**
  - **Corr na Móna**
  - **Inis Oírr, Oileáin Árann**
  - **Cill Rónáin, Oileáin Árann**
  - **Inis Meáin, Oileáin Árann**

- **Cláir faoin Scéim Deiseanna Oilúna Gairmoideachais ( VTOS), oideachas athdheise do dhaoine 21 bliain d'aois agus os a chionn atá ag fáil Sochair Leasa Shóisialaigh**
  - Ros Muc
  - Leitir Fraic
  - Tuaim
  - Béal Átha na Slua

- **Ionaid Ógtheagmhála, ag tairiscint oideachas athdheise do lucht luathfhágála scoile sna hionaid seo a leanas**
  - Béal Átha na Slua
  - Tuaim
  - Leitir Móir
  - Leitir Fraic
  - Port Omna (ag oscailt go luath)

- **Ionaid Oiliúna do Thaistealaithe Sinsearacha**
  - Béal Átha Ghártha
  - Béal Átha na Slua
  - Tuaim
  - Baile Locha Riach

- **Ionad Oideachais Allamuigh (faoin aer), ag tairiscint cóiríocht chónaithe do dhaoine ar spéis leo gníomhaíochtaí oideachais allamuigh**
  - Ceapach na gCapall, An Fhairche, Co. na Gaillimhe

**Foghlaim ar Feadh an tSaoil**

Cuireann Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe clár cuimsitheach aosoideachais ar fáil ar fud an chontae, cosúil le An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), cláir litearthachta d'aosaigh, cúrsaí oíche, Filleadh ar Oideachas, Filleadh ar Fhoghlaim, Seirbhísí Rianaithe (tracking) & Aighneachta (advocacy), Seirbhís d'Oideachas Pobail agus cruthú Áiseanna Foghlama trí Ghaeilge ag *Breacadh.*

**Seosamh Mac Donncha**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.**

# Cuimhní cinn ar chairde agus coranna an tsaoil

**Máirtín Bairéad**

**Nuair a dúnadh Scoil Mhuighrois an bhliain chéanna bhí mé ag dul thrí liosta na múinteoirí. Bhí Seán Ó Cuinneagáin ar dhuine acu…1950-1952. Ní raibh aithne agam ar Sheán nuair a bhí sé i Muighros ach chur mé aithne mhaith air i mBaile Átha Cliath ins na seascaidaí. Bhí Seán bacach mar go bhfuair sé polio agus é ina bhuachaill óg agus chaith sé tamall in Ospidéal Chappagh i mBaile Átha Cliath.**

Bhí mé féin a léamh píosa sa bpáipéar lá a scríobh an scríbhneoir cáiliúil Benedict Kiely. Sa bpíosa seo bhí Benedict Kiely ag cur síos ar mhúinteoir a casadh leis ar thraen i dtuaisceart na hÉireann. B'é ainm an mhúinteora a ghéaraigh mo shuim sa bpíosa, Aubrey de Vere. Ní ainm é a ndéanfá dearmad ar. Bhí Aubrey i rang na hArd Teiste agus mise ag déanamh na Meánteiste i gColáiste Éinde sa mbliain 1950. Bhí Seosamh Mac an Ríogh as an Aird Thoir sa rang céanna.

Tamall gearr ina dhiaidh sin bhuail mé le Seán Ó Cuinneagáin in áit éicint agus cé a bheidh leis ach Aubrey De Vere. Bhí mé ag caint le Aubrey faoin bpíosa a scríobh Benedict Kiely faoi agus go mba aisteach an rud é go bhfaca mé a ainm taréis na mblianta i gColáiste Éinde. Ach bhí scéal níos aistí ag Seán.

Bhí sé maidin Domhnaigh ag éisteacht leis an gclár ar raidió RTE "Sunday Miscellany". Cé a bheadh ar an gclár ach Benedict Kiely agus é ag caint faoi thréimhse a chaith sé in Osbuidéal Cappagh, nuair a bhí a dhroim go dona, agus ar an mbuachaill óg a bhí sa leaba len ais. Go tobann thuig Seán Ó Cuinneagáin go raibh sé ag caint faoi fhéin. Bhí cuimhne aige fós ar an bhfear mór a bhí sa leaba lena thaobh, é i gcónaí ag léamh…an bhanaltra ag rá leis féin (Seán) a bheith ciúin agus gan a bheith ag cur isteach ar an Ollamh!

An uair dheireannach a bhfaca mé Aubrey ba ag sochraid Sheáin Uí Chuinneagáin é. Go gairid ina dhiadh sin fuair Aubrey De Vere bás é féin. Fuair Benedict Kiely bás cúpla bliain ó shin. Shíl mé go mba ait an scéal é – na coranna a bhíonn anonn agus anall sa saol. Cheap mé gur bhfiú é a inseacht i gcuimhne ar na cáirde atá imithe … Aubrey, Seosamh Mac a'Rí, Seán Ó Cuinneagáin a bhí ag teagasc i Muighros agus rang na hArd Teiste i gColáiste Éinde i 1950.


# T. Ó Máille Teo.

Ros Muc, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-574101

• Earraí Grósaera • Crua-Earraí, Éadach •
• Ábhar Tithe •

*Go n-éirí go geal leis an gCoiste ina gcuid oibre.*



# Ionad Oideachas Pobail Iorras Aithneach

## Seanscoil Ghlinsce



## Cúrsaí Caitheamh Aimsire 2010

(Hobby Courses)

| Ainm Cúrsa | Sonraí | Méid | Dáta Tosnú |
|---|---|---|---|
| **Obair Phaissteála agus Cuilteáil**<br>Le Linda<br>(Patchwork Quilting) | **Cúrsa 8 seachtainí**<br>**(Íosmhéid duine 8)** | **€65** | **2/2/2010**<br>**7:30i.n.— 9:30i.n.** |
| **Ranganna Feadóg Stain**<br>Le Nóirín Uí Shuilleabháin | **Cúrsa 8 seachtainí**<br>**(Íosmhéid duine 5)** | **€64** | **1/2/2010**<br>**7:i.n.— 8:i.n.** |
| **Cuir in eagar Pictiúir Dhigiteacha.**<br>Le Bridgie agus Sue.<br>Méadaigh, Stóráil agus Foilsigh pictiúir ó do cheamara digiteach | **Cúrsa deireadh seachtainí**<br>**(Íosmhéid duine 6)** | **€100** | **6ú - 7ú Feabhra 2010** |
| **Damhsa ar an Sean Nós**<br>Le Gearóid Ó Dubháin | **Cúrsa 8 seachtainí**<br>**(Íosmhéid duine 8)** | **€80** | **Dáta le réiteach.** |

Chomh maith leis sin beidh Oíche Thacaíochta do lucht méala (Bereavement Support), níl aon iocaíocht ar seo. (Dáta le réiteach fós).





Má tá aon suim sna cúrsaí seo thuas

**Déan Teagmháil ag:**
**Ghlinsce: 095-32714**
**Caiseal: 095-31052**

**scoilghlinsce@eircom.net**

# 1959
# 50 BLIAIN Ó SHIN
## 1959 i gCill Chiaráin agus i gCarna

*le Seosamh Ó Cuaig*

**Shíl mé go mba dheas an rud é a dhul siar leathchéad bliain go bhfaigheadh muid beagán eolais faoi rudaí a bhí ag tarlú sa taobh seo an uair sin. Is éard a rinne mé cuairt a thabhairt ar an Ollscoil i nGaillimh agus a dhul thrí na cóipeanna ar fad a foilsíodh an bhliain sin de dhá pháipéar – an "Connacht Tribune" agus an páipéar Gaeilge "Inniu". Seo anois cuid de na scéalta as taobh Chill Chiaráin agus Charna a bhí go mór i mbéal an phobail 50 bliain go ham seo.**

**1959**

### Cúrsaí uisce i gCill Chiaráin

£800 an teach – tuairim €1,000 – a chosnódh sé uisce reatha a chur sna tithe i gCill Chiaráin i 1959. Bhíothas ag iarraidh soláthar uisce reatha sa gceantar san am sin. Bainisteoir Chomhairle Chontae na Gaillimhe a thug an meastachán ar an gcostas ag cruinniú den Chomhairle Contae. Ach bheadh sé ró-chostasach a dúirt an bainisteoir.

Dúirt an Teachta Dála Johnny Geoghegan go raibh sé theach déag as scór ar an mbaile ag iarraidh an uisce. Tá tobar beag in aice leis an reilig, a dúirt sé agus ní mórán fonn a bhíonn ar dhaoine an t-uisce sin a ól. Mhínigh sé go raibh monarcha feamainne ar an mbaile agus go raibh seans ann go dtiocfadh monarcha beag eile isteach go gairid. Bhí halla damhsa ann freisin, pictiúrlann agus dhá phub.

Dúirt an Teachta Geoghegan nach dteastódh ach £4,000 a fháil ar iasacht mar go mbeadh deontas le fáil ón Roinn Rialtais Áitiúil agus deontas breise ó Roinn na Gaeltachta. Tar éis tuilleadh argóna, a raibh an Teachta Dála Fintan Coogan páirteach ann freisin, glacadh leis an scéim.

**1959**

### Dornálaí cumasach

Ba é Colie Hernon as Roisín na Mainíoch laoch dornálaíochta na bliana 1959 ag an "Connacht Tribune". Bhí sé ag troid ar fhoireann na hÉireann i nGlasgow tamall roimhe sin agus leag sé amach sa dara babhta an dornálaí trom-mheáchain ab fhearr in Albain ag an am, A. Barker.

**1959**

### Drámaíocht

Bhí an-fhoireann drámaíochta i gCarna an uair sin. Léirigh siad aistriúchán ar an dráma "Margaret Gillen" trí oíche i dTaibhdhearc na Gaillimhe. Ba iad a bhuaigh an phríomhdhuais ag Féile Drámaíochta Thobar an Choire i gcontae Shligigh in aghaidh drámaí maithe Béarla. Cháiligh siad ansin le dhul i gCraobhchomórtas na hÉireann in Áth Luain. Ba shin é an chéad uair riamh a bhfuair drama trí mhíre Gaeilge isteach sa gcomórtas sin.

**1959**

### Féile Drámaíochta Charna 1959

Bhíodh Féile Drámaíochta i gCarna féin freisin an uair sin. Ba é léiritheoir an dráma "Margaret Gillen", Tomás Ó Flatharta (Tom Sailí) a bhuaigh Sciath na Féile i gCarna an bhliain sin. Ba é Pádraig Ó Neachtain, oide scoile, an tAisteoir ab fhearr, Nóra Ní Chlochartaigh an bhanaisteoir ba cumasaí agus fuair Micheál Ó Móráin duais speisialta.

Dúradh sa "Connacht Tribune" gur thug Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge na haisteoirí móra Rae Mac an Ailí agus a bhean Ronnie Nic an Mháistir as Amharchlann na Mainistreach go Carna tamall roimhe sin agus gur chaith siad seachtain ag cuidiú le aisteoirí na háite.

**1959**

### Cogadh Gaeilge

Thosaigh argóint mhór faoi chás na Gaeilge i gceantar Charna i 1959 nuair a chuir Criostóir Mac Aonghusa rún chun cinn ag Ardfheis Chonradh na Gaeilge i gCorcaigh ag rá gur mhór an náire go raibh banaltra as Sasana nach raibh aon Ghaeilge aici curtha ag obair i gCarna. Níor thaithnigh an chaint sin beag ná mór le Cumann Drámaíochta Charna. Chuir siad ráiteas amach an tseachtain ina dhiaidh ag rá gur thosaigh an

bhanaltra ag foghlaim Ghaeilge chomh luath agus a cuireadh go Carna í. "Is gnách," a dúirt siad, "do lucht gairme úsáid a bhaint as Béarla sa nGaeltacht ach má ghníonn féin, tá Gaeilge chomh láidir i gCarna inniú agus a bhí leathchéad bliain ó shin." Dúradh freisin "gur dona an mhaise don Chonradh glacadh le rún den tsaghas seo gan fáirnéis iomlán a fháil ar an scéal; nach údar misnigh do lucht foghlama é, ach a mhalairt ar fad, agus gur chóir an rún a chur i *n-oilembec neamh-éiseallach na húire."*

**1959**

**Coiníní Mhaínse**

"You could stand on Mweenish beach with a hundred dogs and you could not get rid of them", a dúirt Johnny Geoghegan ag cruinniú de Chomhairle Contae na Gaillimhe agus é ag iarraidh ar an gComhairle rud eicínt a dhéanamh faoina coiníní a bhí ag déanamh dochair sa reilig. "Dá mbeadh fáil ar an myxomatosis," dúirt Johnny Geoghegan "bheinn ar an gcéad duine a scaipfeadh ar na coiníní é." (Galra a bhí sa myxomatosis a rinne scrios ar na coiníní le himeacht aimsire).

D'fhiafraigh Bainisteoir na Comhairle Contae an raibh muintir na háite ag déanamh tada faoina coiníní. "Ní fhéadfar iad ar fad a fhágáil faoin gComhairle Contae," a dúirt sé.

Tráthúil go leor bhí tuairisc i "Nótaí Chois Fharraige" ar an "Connacht Tribune" go raibh monarcha Ghael Linn san Aird ag ceannacht coiníní. "Más beag éileamh atá ar bheithigh is caoirigh ní hé a fhearacht sin ag na coiníní é," a dúradh. "Tá monarcha Ghael Linn i gCarna ag ceannacht coiníní fúthab agus tharab is iad ag íoc dhá scilling an ceann orthu. Níl aon ghlacadh le coiníní atá stróicithe ag gadhair agus ní mór iad a ghlanadh go luath thréis a maraithe. Tá an bus a théann go Carna siar chuile thráthnóna Dé hAoine an-fheilteach leis na hainmhithe beaga daora a iompar siar chun na monarchan."

**1959**

**Ionad Taighde**

D'oscail Pádraig Ó Céidigh, a bhí ina léachtóir in Ollscoil na Gaillimhe an uair sin, an chéad Ionad Taighde sa gCrompán. Dúradh go raibh sé beag fós ach go bhféadfadh tábhacht mhór a bheith leis amach anseo.

**1959**

**Monarcha Glasraí**

Bhí Gael Linn ag reo glasraí san Aird. Dúradh ag cruinniú de Choiste Talmhaíochta na Gaillimhe go raibh tús maith déanta ach go raibh drogall ar mhuintir na háite a dhul ag fás glasraí.

**1959**

**Tuilleadh Bád**

Tháinig tuilleadh de bháid Ghael Linn go hIorras Aithneach. Seo iad na hiascairí a bhí i gceist: Seán Ó Ceoinín as Leitir Ard; Colm Ó Cathasaigh agus Pádraig Ó Conaola as Maínis; Colm Ó Maoilchiaráin as Roisín na Mainíoch agus Micheál Ó Ceannabháin as an Aird Mhóir. Chuaigh na fir suas go Cill Chaol i gCo an Dúin áit a bhfuaireadar na báid. Sheoladar go Bleá Cliath iad , anuas an Chanáil Mhór, tríd an tSionainn go Luimneach agus as sin aníos go Carna.

**1959**

**Oscailt oifigiúil**

Osclaíodh go hoifigiúil monarcha Ghael Linn san Aird. I dtuairisc a d'fhoilsigh Pádraic Ó Gaora (Carna) sa bpáipéar nuachta "Inniu" dúirt sé an méid seo: "Ba mhór an lán béil é an 'beet' i gceantar Charna tráth, agus caithfidh mé a rá gur iomaí sin teaghlach sa gceantar ar choinnigh an cúpla mí seo oibre i Sasana snáth faoin bhfiacail leo, ach 'bíodh an diabhal aige mar bheet', a cloistear anois, "nach bhfuil ár 'mbeet' féin anois againn?"

**1959**

**Fínis**

Bhí alt eile ag Pádraic Ó Gaora ar "Inniu" faoin teideal "Ní fada go bhfágfar Fia-inis ag na coiníní a's na hÉin Mhara". Scríobh sé mar seo: "Ní mórán scoile a theastódh uait leis an méid tithe cónaí atá ar Oileán Fhia-Inse a chomhaireamh anois. Mura bhfuil dul amú mór orm tá bordáil le seacht gcinn ann."

**1959**

**Gradam "Inniu"**

Ba í Máirín Ní Oireachtaigh a bhuaigh Gradam "Inniu" as aiste a scríobh sí. I gColáiste Mhuire i dTuar Mhic Éadaigh a bhí sí. Dúirt sí ag an am gur "ceol an caitheamh aimsire is fearr liom agus caithim roinnt mhaith ama leis an bpiano agus an veidhlín."

**1959**

**Bás Uí Mhóráin**

Cailleadh siopadóir cáiliúil Charna M.A. Moran –athair mór Mhicheál agus sin shean athair Dominic, Mhicheál, Mháirtín agus Mháire (Uí Chonchubhair). Cuireadh dhá Aifreann lena anam sular adhlacadh é. Ba é a mhac Willie Moran, Sagart Paróiste Ros Muc, a léigh an chéad cheann. Bhí Easpag na Gaillimhe, an Dr. De Brún i gceannas. Bhí slua níos mo fós de na sagairt ar an altóir an lá ar cuireadh é.

**1959**

**Aimsir na Nollag**

In alt a scríobh Pádraic Ó Gaora ar "Inniu" i gcomhair na Nollag bhí an méid seo le rá aige: "Is dóigh go n-abródh duine liom nach aon eisceacht é Conamara maidir le postas na Nollag, ach tá aon difríocht mhór amháin idir na litreacha agus na cártaí Nollag a thagann go Conamara agus na cinn a thagann go ceantair taobh amuigh de – sa nGalltacht mar shampla-mar ní caint bhláfar ar bith a bhíonn iontu, ach an rud is mo a mbíonn fáilte roimhe an cúpla punt airgid!"

# Buaiteoir Náisiúnta 1959

## – Máirín Bean Uí Dhúbhda

**Mar atá luaite sna scéalta atá againn faoin mbliain 1959 bhuaigh Máirín Ní Oireachtaigh as Carna an gradam náisiúnta an bhliain sin as aiste a scríobh sí don pháipéar nuachta "Inniu". Máirín Bean Uí Dhúbhda atá ar Mháirín anois le scaitheamh maith blianta agus í pósta chuig Jackie Dowd i gCarna. Seo é an cur síos a bhí ar an duais sa bpáipéar nuachta…agus ina dhiaidh sin an aiste a scríobh Máirín i 1959.**



**Máirín Ní Oireachtaigh:**

*"Gabh iontas agus áthas mé nuair a fuaireas do litir. Ní raibh súil ar bith agam Gradam INNIU a ghnóthachtáil le m'Aiste. Táim fíorbhuíoch díot féin agus de na moltóirí eile as ucht an onóir mhór seo a bhronnadh orm . . ."*

**AN DUAIS-AISTE**

### An Ghaeilge san Aois Adamhach

**le Máire Ní Oireachtaigh**

SEA! tá an Ghaeilge ann san Aois Adamhach, agus beidh go deireadh na haoise. Cé cheapfadh é, agus an t-uafás iarrachtaí atá déanta i stair na hÉireann an teanga a bhascadh? Ní cheapfadh éinne é ach an té a chreideann i scéal an Fhéinics go bhfuil rudaí ann nach féidir a mharú!

Is amhlaidh atá scéal na Gaeilge faoi láthair, go bhfuil sí ina seasamh ag cros bhóthar. Ar thaobh na láimhe deise tá "dul chun cinn" scríofa agus ar an taobh eile tá "cúlú". Cé acu bóthar a bhfuil an Ghaeilge claonta ina threo? Sin ceist atá á plé go minic faoi láthair agus go leor tuairimí éagsúla ag daoine fúithi. Níl dabht ar bith ach gur crua casta an bóithrín atá roimh an nGaeilge. Tá scéimeanna á gcur ar fáil ag an Rialtas chun Gaeilgeoirí a ghríosú. Tá drámaí ag glacadh páirt mhór i saol sóisialta na ndaoine; tá pictiúir reatha á ndéanamh i nGaeilge; agus tá Cumainn ag obair ar son na Gaeilge a bhfuil saothar nach beag á dhéanamh acu. Dá leanfadh "An Ghaeilge Mhilis" ar aghaidh ar an mbóthar seo, níl amhras ach go scroichfeadh sí barr buaic a réime san Aois Adamhaigh.

Ach faraoir tá lucht na contrála le cur san áireamh - an freasúra láidir de dhaoine borba feargacha atá ag déanamh a ndíchill chun an teanga a bhascadh agus "Éigeantacht" mar rosc cathu acu. Ní beag an uimhir dá leithéidí siúd atá sa tír agus tá siad le fáil i ngach uile chúinne sa tír, thuaidh, theas, thoir agus thiar - Gaeltacht nó Galltacht. Séard atá sa Ghaeilge dar leo seo - seanteanga gharbh chasta, a gcaitheann siad na blianta á foghlaim agus nach mbíonn dada acu dá bharr - ní teanga í seo atá feiliúnach don Aois Adamhaigh, do aer-thaisteal nó do spás-fhionnachtana.

*(ar lean ar lth. 56)*

An bhfuil an ceart acu siúd a deireann nach bhfuil an Ghaeilge sách nua-aimsireach? An teanga í atá easnamhach i leaganacha a fheileann don am? Sé an freagra nach bhfuil teanga ar bith iomlán - fiú an Béarla iontach féin! Caithfear focail nua a chumadh ó am go ham, ach níl morán maitheasa sna focail seo a chumadh as teanga iasachta agus bheith ag athrú na Gaeilge le himeacht na mblianta - má abraíonn na Rúisigh "Sputnik" cén fáth go mbéadh an focal "sputnic" sa Ghaeilge?

Sé trua scéal na Gaeilge gur féidir an seanfhocal a chur in oiriúint di - "mairg don cheart nuair bhíonn sé gan neart." Ar ndóigh, sé neart an tsaoil seo an t-airgead, agus ní sa Ghaeltacht ná ag Gaeilgeoirí atá airgead na hÉireann. Ní mór airgead a sholáthar don chlann dhílis, ach ó tharla fuil uibhreach Gael bheith ionainn ní mór an t-airgead seo a sholáthar trí thionscail. Caithfidh Gaeilgeoirí a n-áit a thógáil sa tionscalaíocht agus caithfear lucht rachmais na tíre a ghaelú. Ní hiad lucht gairme amháin a shlánós an Ghaeilge.

Ach sé tionscal na talmhaíochta an ceann is tábhachtaí sa tír. Mura mbíonn tairbhe fónta as an talamh ní mheallfaidh na tionscail féin na Gaeilgeoirí ar ais. Ní féidir le rud ar bith beo maireachtáil gan bia - siad na Gaeilgeoirí bia na Gaeilge. Mura gcoinneofar iad seo sa bhaile agus obair a chur ar fáil dóibh tá sé fánach bheith ag iarraidh an Ghaeilge a choinneáil.

Nuair táthar ag múineadh Gaeilge san Aois Adamhaigh ní mór coinneáil leis an am. Seo í an Aois Adamach! Seo í an aois nach bhfuil duine ar bith ag dul a chur saothar ar féin má tá aicearra as. Ní le leabhar gramadaí agus le slat a mhúinféar Gaeilge san aois seo- beag an baol! Le suim na bpáistí á mhúscailt sa Ghaeilge ní mór [illegible] a mhúineadh céim ar chéim, gan aon bhrú ar aghaidh bheith le feiceáil. Spóirt is cluichí a mhúsclós suim na ngasúr chuig "draíocht" na Gaeilge. Seift eile sea comórtaisí beaga a bhfuil duaiseanna ag dul do na buaiteoirí.

2

Seo í an chaoi a mhairfeas an Ghaeilge san Aois Adamhaigh - mar seo bheas sí le feiceáil i ngnóthaí polaitíochta, i dtionscail agus i dtráchtáil amach anseo. Cé bhfios nach bhfaigheadh eolaithe óga na hÉireann an seans fós dul amach sa spás agus plainéad a ghabhail ann! Nach i Mars a bheadh an spraoi nuair a bheidís ag cur an chéad teachtaireacht síos chuig an Domhan i nGaeilge! D'fhéadfaidís spás-stáisiúin a chur ar bun agus Éireannaigh a bheith fostaithe iontu.

Tá mianach na hÉireann san aos óg. Leis an méad suime tá siadsan a chur i gceol Gaelach, i ndrámaí agus i scríobh faoi láthair cá bhfios nach mbeidh duine éigin clúiteach acu ab baint cáil d'Éirinn lá éigin le feabhas a chuid ealaíne agus a chuid Gaeilge. Agus beidh, má chuirtear an treoir cheart ar fáil dóibh. Má fhaigheann cumann Gaelach an conradh i gcomhair teilifís na hÉireann a bhfuil siad ag súil leis is cinnte go gcabhrófar go mór le leathnú agus le láidriú na Gaeilge.

Cuma cé chomh réabhlóideach is a bheas cúrsaí na Gaeilge go deireadh na hAoise Adamhaí, ní ó spás-thaisteal ná ó theilifís ná ó chumann ar bith a gheobhfas sí a buncloch ach ó fhoinse gach uile dhuine sa domhan - cumann an tí nó an teaghlach. Sa bhaile a chothófar meas ar an nGaeilge nó gráin uirthí; sa teaglach a ghriosófar an gasúr scoile a chuid Gaeilge a fhoghlaim agus as an teaglach freisin a chuirfear gach uile dhuine a bheas mar chaomhnóir ar an teagain amach anseo. Ansin pé bí rud a cheapann Gaill -.

"D'ainneoin a ngliceas táir cinnte i státa,  
Is go broinne an bhrátha beir mo mhúirnín féin."

**Dúirt na Moltóirí:**

*"Gaeilge ar fheabhas agus eagar maith ar na smaointe—tá ábhar scríbhneora againn san iarrthóir seo."*

Siopadóirí ag Carna, Conamara, sea a hathair Mícheál Mac Oireachtaigh agus a máthair Eibhlín, agus nuair a bhí Máirín ceithre bliana d'aois thosaigh sí ag dul ar Scoil an Chlochair, Carna, mar a bhfuil Siúracha na Trócaire ag múineadh.

Sa dara rang di thosaigh sí ag foghlaim an phianó agus tá sí ag leanúint de ó shin. Nuair a bhí sí dhá bhliain dhéag d'aois chuaigh Máirín go Clochar na Trócaire, Clár Cloinne Mhuiris, tar éis di Scoláireacht na Gaeltachta a fháil. In ansin a thosaigh sí ar an veidhlín. Ní hábhar iontais é, mar sin, a chloisteáil uaithí gur "ceol an caitheamh aimsire is fearr liom agus caithim roinnt mhaith ama leis an bpianó nó an veidhlín."

Tá Máirín Ní Oireachtaigh ag súil le bheith ina hoide scoile ar ball.

# Baile Dhoire Iorrais …. imeall thoir an pharóiste

*le Meta Uí Mháille*

**Tá baile Dhoire Iorrais suite ar ghualainn thoir thuaidh chnoc Mordáin. Tá dhá bhóthar ag dul thríd an mbaile, an bóthar nua a théann suas thríd an mbaile agus Bóthar na Scrathóg a théann siar ó dhroicéad an Inbhir Mhóir don Chaiseal.**

Tá go leor logainmneacha i nDoire Iorrais. Tugtar Bun Inbhir ar an gcuid sin den bhaile a bhfuil a aghaidh ar an bhfarraige. Liacán atá gar don fharraige, ait a raibh conaí uair eigint fadó agus liacán beag. Amach ó dhroichead Inbhear Mór, tugann bóthar an-chung amach tú go dtí an Loigín áit a raibh conaí freisin agus a bhfuil teach maoir ar bhruach loch an Loigín. Tigh Chóilín an Loigín a tugtar go háitúil ar. Sé Cóilín Sheáin Shéamuis Ó Suilleabháin a bhí anseo. Siar ón droicéad tugtar Doire Iorrais ar an gcuid eile den bhaile go dtagann tú go sruthán an bhaile ar Bhóthar na Scrathóg, sin é an teorainn idir Doire Iorrais agus an Gabhlán Thoir.

Sul má shroicheann tú an sruthán garbh agus an droicéad a' torann, an torainn idir an Gabhlán agus Gabhla, tá tamhnach, Sean Tamhnach an Ghabhláin áit a raibh conaí uair amháin. Tá na seanbhalaí ansin i gconaí. De réir an tseanchais ba Cosgrove an sloinne a bhí ar an dream a bhí ina gconaí ar Shean Tamhnach an Ghabhláin fado riamh an lá. Is cosúil gur b'é an chaoi ar dhíbir muintir an bhaile iad mar go mbíodh said ag goid chaorach.

Fad t'amhrac amach uait ansin tá réimse mór criathraigh - criathrach coirill atá daite le aibhneacha, srutháin locha agus tulacha sléibhe, sul má leagann tú do shúile chor ar bith ar na beanna árda maorga, na Beanna Beola agus ó thuaidh uait ar shléibhte Mhám Tuirc. Ag breathnú ar dul faoi na gréine ar chúl na mbeanna as Doire Iorrais, trathnóna samhraidh sáraíonn sé aon rud dá bhfaca súil riamh.



*Nóra Geary, iníon le Taimín Tom Ó Máille, Gabhlán. Bhí Nóra pósta ar dtús ag Stiofán Tom Ó Súilleabháin as Doire Iorrais, a fuair bás go hóg, agus Annie Pheadair Tom Ó Máille, Doire Iorrais, bean Sheán Joeín a' Bhreathnaigh.* **(Pic: le Irene Walsh)**

## Sloinnte go leor

De réir an tseanchais áitúil ba Súilleabháin an chéad dream a chuir futhú i nDoire Iorrais, cé nach bhfuil aon bharúil Cén t-achar ó shoin, ach bhí daoine anseo aimsir an Ghorta Mhóir agus tá lorg iomairí fataí i gconaí ar thaobh an cnoic suas ós cionn an Ghabhláin.

Ar na sloinnte eile a bhí ar an mbaile bhí muintir Uí Dhomhnaill. Seoige, Laoi, Niaidh, Conaire, Reilly, Breathnaigh, Chonghaile, Mainnín, Catháin, Fártaigh, Brianaigh, MacChraith, agus Máille. Níl aon duine de mhuintir Chonaire, Dhonaill ná Ó Briain anois ar an mbaile ach tá Ceannabháin, Loftus, Neachtain, Ó Riain. Miele, Colson agus Martín anois ar an mbaille, agus tá roinnt tithe saoire ag daoine anseo freisin. Bhí teach ag an scríbhneóir agus ag an iriseoir Prionsias Mac Aongusa atá anois ar shlí na fírine i nDoire Iorrais áit a gcaitheadh sé píosaí móra den tsamhraidh. Tagann a bhean Catherine agus a gclann i gconaí.

Bhí go leor Máille ar an bhaile agus tá i gconaí. Bhí ochtar mac agus iníonn amháin ag Tom Ó Máille a raibh conaí ar i mBun Inbhir. Phós seachtar den chlann mhac agus an iníon ar an mbaile, Éamonn, Seán, Peaitch, Máirtín, Peadar, Taimín agus Bríd. Chuaigh Stiofán go Meiriceá ach nuair a tháinig sé abhaile is i nDoire Iorrais a chaith sé deireadh a shaoil.

Mar atá luaite agam níos tuisce tá teorainn idir Doire Iorrais agus an Gabhlán. Is í Paróiste Mhughrais a bhí Doire Iorrais i gconaí, ach ba le Cloch na Rón an Gabhlán cé nach raibh idir iad ach sruthán. Ba as an Sraith Salach a thagadh an posta don Ghabhlán agus Gardaí ag *raideáil* poitín. As Rosmuc a thagadh posta go Doire Iorrais, ach deirtear liom nar stop an teorainn Gardaí Rosmuc ag *raideáil* poitín ar an nGabhlán. Teach amháin a bhí ar an nGabhlán agus ba teach maoir a bhí ann. Maor a bhíodh ag tabhairt aire do chaoire, beithigh agus do chapaill don úinéar talún agus ceannaitheóir ceilpe Thomas Hazell a bhí ar an gCaiseal sna 1840aidí agus ba dó a tógadh Cashel House, an t-óstan anois. Bhí muintir Uí Brian ag maoirseacht dó ar an nGabhlán suas go dtí 1920. Ní



*Pete Taimín Tom Ó Máille, Gabhlán.* **(Pic le Meta Uí Mháille)**

raibh aon duine in ann inseacht dom an raibh siad ann ón tús agus sé an t-údar a raibh mé ag cur na ceiste, mar tá áit eile ar an nGabhlán ar a dtugtar ballaí Walsh,bhí seanbhalaí anseo ach níl aon rian de na ballaí fanta anois  agus ní raibh aon eolas ag an seandream cé iad fhéin ná an b'iad a bhí ann ann roimh na mBrianaigh.

Is thart ar 1920 a d'imigh na Brianaigh agus a tháinig Taimín Tom Ó Máille ann, Ag maoirseacht a bhí seisean freisin.  I 1935 tugadh seilbh ar an nGabhlán do Taimín Tom agus an bhliain chéanna cuireadh an Gabhlán isteach faoi Pharáiste Mhuighrais.

Is iomaí duine a bhí Antaine Phat Taimín Ó Máille a rá liom a chodail oíche ar an nGabhlán. D'fanfhadh daoine ó thaobh istigh de chuan ann, a thagadh trasna an chnoic ar a mbealach go Mám Éan dóibh, agus ligeadh daoine a bhíodh ag dul ar aonach an Chaisíl píosa den oíche thartú ann. I bhfoscadh in ascail an chnoic síos fúth ón nGabhlán tá an lug áit a bhfuil coill crainnte beithe, coll , saileánach, caorthann agus cuileann. agus ina bhaile ag go leor éanlaithe fíáine. Taobh thoir den tsruthán a ritheann thríd an lug, tá an Chill bheag áit a ndéantaí páistí gan baiste a adhlacadh. Tá naoi n-uaigh bheag anseo. Bhíodh sé de nós ag gasúir an bhaile sna blianta seo caite an áit a choinneáil glan agus bláthanna fiáine a leagann ann.

## Radharcanna breátha

Tá radharcanna iontacha as an Ghabhlán, Tá teach nua ansin anois ar an áit a mbíodh an seanteach.  Níl loch, abhainn na sruthán dhá bhfuil ar chriathrach Coiríll nach bhfuil tú in ann a fheiceáil as, agus an teach atá ar oileán loch Cuiríll, Teach Mór Loch Coiríll. agus ar lá breá cloch Corril an chloch is mó in Éirínn a deirtear.

Sé Peter Jainín Breathnach as Doire Bhanbh an saor cloiche a thóig Teach mór loch coiríll agus is iad Peait Mhagg Johnny Ó Fátharta as Doire Iorrais agus Máirtín Stiogáin O Griallais as Glinn Chatha, a tharraing an stiuif ar fad ar a ndroim ó bharr bhóthar an Chuing go bruach na locha aistir fhada tríd chriathrach, agus é a thabhairt as sin i mbád isteach ar an oileán. Deirtear gur mar bhronntanas pósta a thóig fear uasal an teach dhá bhean a raibh an-suim ar fad aici san iascaireacht. Ba le muintir Ghuinness é – sin iad lucht an phortéir.  Bhíodh  lucht an phlúir na Odlums ann freisin, agus an Coirnéal Miller. Thug said sin ar fad saothrú maith do mhuintir na háite ag obair mar maortha, ag iomra ag na lochanna agus ag obair ar na haibhneacha. Nuair a tháinig mise don i rith an tséisiúir. Níl aon iascach dhá dhéanamh anseo anois leis na blianta.  Is leis an Uasal Ryan as Co. na Mí anois teach mór Loch Curill agus na cearta iascaireachta ar locha agus aibhneacha Inbhear Mór.

## Braon maith i nDoire Iorrais

Bhí tionscail mhór poitín i nDoire Iorrais agus stiléireacht ar siúl i rith na bliana. Níl mórán bruach sruthán na gleann iargúlta i gcnoc mordáin na ar criathrach cuiríll nach raibh still house nó aitha, agus ar na ceanna is mo a ndéantar tagairt dóibh mar mharcanna talún nó luainmneacha anois *tá stillhouse* log an Leanna, still house na gCeannadás, still house Sheáin Johnny, *stillhouse* pholl an chriathraigh, *stillhouse*  Bhun an Fhiodáin gan a luath ach cuid acu. Meastú dhá ndéantaí forbairt ar thionscail an phoitín agus é a dhéanamh dleathach ar nós mar a dhéanamh in Albain, nach mbeadh '*Log a' Leanna Single Malt*', '*Doire Iorrais Special Blend*' nó '*Gabhlán Mountain Dew*' ar an margadh.  agus bheadh sé nádúra na haimneacha a bheith 'blendáilte' freisin, mar bhí an bearla agus an Ghaeilge *blendáilte* i nDoire Iorrais agus déantar tagairt I gconaí do bhéarla Dhoire Iorrais.

Choiníodh an poitín gardaí aclaí ag iarradh breith ar lucht a dhéanta agus sin chuile dhuine ar an mbaile bhí sé comh maith duit a rá. Cé nar téadh tóin pota stileach i nDoire Iorrais leis na blianta, suas go dtí cúpla bliain ó shoin thagadh na Gardaí amach faoi Nollaig i gconaí ag cuartú poitín.

Is iomaí oíche fada airneáin a baineadh as scéalta a bhain le déanamh poitín, cruachán, milt, déanamh leanna, stiléirí maithe, rith ó Ghardaí agus na sióga fhéin bhí láimh acu ann.  Is iomai poll, loch agus muing a bhfuil *worm* an phéist chopair agus oirnéis a cuireadh i bhfolach ar ghardaí.  Amach anseo beidh seandálaithe ag teach ar seo, meastú Cén cur síos a déanfar air.

## Braon sna cnoic

Sé m'athair chéile Pete Taimín a bhí ag inseacht an scéal seo dom nuair a tháinig mé go Doire Iorrais ar dtús. Bhí sé fhéin agus a chol ceathar Peait Mháirtín Tom Ó'Máille ag cruachán ar átha thaobh an cnoic oíche nuair a thug said faoi deara an bheirt ghardaí an-ghar dóibh. Rith an bheirt, ní raibh aon chosaí ar an mbaile is cosúil a bhfearr na Peait Mháirtín. Ag rith dóibh trasna na ngaranta is a raibh ann, léim Peait thar chloí agus chuaigh sé go na ghluine i bpoll, ó dhiabhail a deir sé nuair a chuala sé Pete ag teacht ina dhiaidh, tá mé i ngreim,  shíl sé gurbh iad na gardaí a bhí ann, ó connigh ort a deir Pete agus tabhairfidh muid poll na ngadhar amach orainn tá said ag breith suas orainn. Ní raibh ag Peait ach na cosa a tharraingt as na bróga agus é a thabhairt faoi na boinn.  '' Tá poll na ngadhar i gcriathrach coiríll poll



*Peait Mháirtín Tom Ó Máille, Doire Iorrais.* **(Pic lena hiníon Máirín Hoban)**

domhain fada leathan agus ní mórán a bhí in ann é a chaitheamh de léim ach is dócha go raibh cleachta mhaith acusan a bheith ag caitheamh an phoill seo agus nar bhé seo an chéad uair'' Amach leo agus na gardaí ag teannadh leo i gconaí. Ar dhuine de na gardaí bhí fear óg McBride, a cuireadh go Rosmuc is cosúil le breith ar lucht déanta poitín, de réir na scéalta bhí go leor rásaí buaite aige agus cáil an tsúil air. Gar go maith do pholl na ngadhar bhí Peait píosa maith an tosaigh agus ba gear go raibh poll na ngadhar caite aige. Bhí McBride ag an tráth seo i ngreim in iachtar saicéid ar Phete, tharraingt sé na lámha as an saicéad agus scaoil leis é agus chuaigh sé de léim thar an bpoll. Ní raibh na gardaí in ann é a chaitheamh agus bhí orthu dul timpeall. Thug an bheirt an Loigín soir orthu fhéin, chuaigh said i bhfolach agus lig said a scith go raibh sé ag déanamh lae. Bhí leo ach amháin go raibh an saicéad ag an ngarda agus go raibh fhíos aige cé mba leis é. Ar an mbealach isteach bóthar an chuing dóibh agus iad ag iarradh cuimhniú ar phlean éigint sea a chuimhne Pete go raibh shaicéad mar a chéile ag fear eile i mBun Inbhir. Sé an lá céanna a chuir an bheirt an dá shaicéad dhá ndéanamh ag an táiliúr. Chuaigh sé siar ag an teach aige agus d'inis sé a chás dó agus fuair sé an saicéad uaidh. Ní raibh sé ach sa mbaile agus a chuid éadaigh fliúcha athraithe aige nuair a landáil na gardaí arís. Is fearr duit a theacht linn anois a duirt said mar ó fhada ag dul leat é tá tú i ngreim anois, tá do shaicéad againe. M,anam nach bhfuil mo shaicéad sa ag duine ar bith a déir sé, mar tá mo shaicéadh crochta ar chúl an dorais ansin. Ní raibh faitíos ar bith air ach go ndearfadh sé leis an saicéad a chuir air ach níor iarr agus d'éirí leis an iarradh sin.

## An Sagart freisin

Ní amháin go mbíodh na gardaí ina ndiaidh ach bhíodh na sagairt in ndiaidh freisin go mór Fr. Connolly.

Bhíodh Peait Dharach a' Craith beannacht Dé le na anam, ag inseacht dom go raibh an oiread faitíos ar féin oíche, chuaigh sé amach ag iarradh buidéal poitín a bhí i bhfolach i bpoll portaigh aige, oíche a rugadh duine dhá chlann le braon punch a dhéanamh don bhean chabhrach. Bhí Fr. Connolly i gCill Chiaráin tamall roimhe sin agus dúirt sé duine ar bith a bhearfadh ar bhuidéal poitín go ngrameódh sé dó. Bhí mé ar bhruach an phortaigh a deir Peait agus chuirinn mo láimh amach le breith ar an mbuidéal ach m'anam go raibh fatíos orm faoin rud a dúirt Fr. Connolly. Sa deiridh dúirt mé liom fhéin idir mo bheo is mo mharbh go gcaithinn mo chaipín leis agus má bhí sé le greamú do mo láimh go ngreamóidh sé do mo chaipín, níor ghremaigh agus ní mórán aird a thug mise ina dhiaidh sin ar shagairt.

## Obair agus Lúthchleasaíocht

Le linn an chogaidh bhíodh obair go leor le fáil ar phortaigh an Council atá thuas ós cionn Tamhnach an Ghabhláin ar thaobh an cnoic nó sa sruthán mór mar a tugtar air. Thagadh fir as Coill Sáile agus Loch Con Aortha trasna an cnoic ag obair anseo ag baint mhóna, comh maith le muintir an bhaile. Bhíodh Máirtín Éamoin Ó Máille agus agus Dinny Ó Sullivan as Uachtar Ard ag gangeáil ann. Bhíodh leaids óga ag obair i rith an tsamhraidh ag cur mhóna ar bóthar le asail ar ocht scilling sa tseachtain. Chuaigh daoine as an mbaile ina dhiaidh sin go Cill Dara ag baint mhóna. Bhíodh comórtas baint mhóna ar siúl an sin agus ar dhuine de'n dream as Conamara a bhuaigh an comortás sin bhí Peaidí Sonaí Pheaitch as Doire Iorrais. Seard a bhí i gceist leis - chaitfheadh chuile bhinse móna a bheith an fad céanna, chuile fhód a bheith an mhéid céanna agus oiread aithrid a bheith bainte taobh istigh de dhá uair a chloig.

Bhí lúthchleasaí maithe ar an mbaile freisin. Máirtín Chóilín Joe Mhóir Ó Conghaile a bhí go maith ag rasaí cos agus Peait Mháirtín, deirtear nach raibh a sharú ann, beannacht Dé lena n'anam. Bhíodh Colman Pheait Taimín ag caitheamh meachain agus bhí an cháil ar Antaine Pheait Taimín ina chosaí agus ar an mbicycle, ach bhí neart cleachta acu. Bhí Anatine ag inseach dom gur d'fhág sé an baile maidin Domhnaigh ar a rothar le dul isteach go Gaillimh le páirt a thógáil i rása bicycle, agus tár éis an rása a rith an bua a bheith aige aghaidh a thabhairt amach abhaile arís ar rothar. Ní bheadh blas drugall orm an t-am sin aghaidh a thabhairt ar Ghaillimh a dúirt sé liom, mar bhíodh mé ag obair ar bóthar in áiteacha éagsúla ag an am, cúpla míle taobh thiar de Chloch na Rón, ar an Mám agus taobh amuigh de Chor na Móna agus ag cycleáil ón mbaile gach maidin agus ar ais arís trathnóna. Tá go leor eile le blianta beaga anuas ar éirí, agus a bhfuil ag éirí go maith leo i gcúrsaí spóirt.


## Laethanta portaigh

Bhí dhá shiopa ar an mbaile uair amháin, Tigh Éamoin Tom agus Tigh Bháitéir, ach níl siopa ar bith anois ann. Bhí neart saortha agus lucht céirde freisin ar an mbaile.

Bhíodh tarraingt daoine go leor ar Tigh Pheadair Tom is dócha go raibh sé ar cheann de na chéad Tithe Lóistín sa gceantar. Thug Annie Pheadair Tom a bhí pósta le Sheáin Joeín Bhreathnaigh as na hOileáin i Rosmuc, dídeann do go leor. Bhí a hiníon Iriene ag inseacht dom gur d'fhan Raftery sa teach. Ar na daoine eile a d'fhan ann bhí Pádraig a' Lása, Fear de mhuintir Bheilbigh, bean a dtugtaí Pen Watta uirthi agus tá páiste le Pen a dúirt Irene liom curtha sa gCill bheag. Sí Máire Bhán an duine is deanaigh a d'fhan ann. Bhí glór breá ag Annie agus bhíodh sí ag canadh amhráin i dtithe ceoil. Ar cheann de na hamhráin ba mó a bhí luaithe leí bhí an t-amhrán " *She Moves through the fair*".

An t-athriú is mó a fheiceann mise, nuair a tháinig mé anseo i dtosach bhíodh go leor ag dul siar ar rothair ar na pórtaigh i nGleann Locháin, ar an Mása Mór agus ar an bplantation ag baint mhóna, as chuile bhaile timpeall agus bhíodh comhluador breá ag am lón ar an bportach nuair a thagadh chuile dhuine le chéile ag ól tae agus píosaí breá cainte, comhrá agus corr bhréag gan dochar freisin. Níl morán anois ag dul don obair seo le tamall. Tá go leor den seandream imithe ar shlí na fírine. Tá athrú eile tagtha freisin buíochas le Dia, tá go leor den ghluain óg ag tógáil tithe nua , ag cur futhu sa mbaile agus tógáil a gclann anseo. Is iontach an difríocht a dhéanann gasúir agus daoine óga, an spiorad, misneach agus fuineamh atá acu agus an beocht atá san áit a mbíonn siad. Le cúnamh Dé saoróidh siad na deacraíochtaí atá ann faoi láthair mar a rinne a muintir rompu.

# Lough Inagh Lodge Hotel






Inagh Valley Recess, Connemara, Co. Galway

Tel 095-34706
Fax E-mail:inagh@iol.ie

Web http://www.loughinaghlodgehotel.ie





# Séan Kyne

Comhairleoir Contae




Más féidir liom cabhrú leat ar bhealach ar bith ar fud Chonomara, thuaidh, theas, thiar nó thoir cuir glaoch orm.

**Seoladh:** Clydagh, Moycullen
**Teileafón:** 087 6137372
**rphoist:** kynesean@eircom.net



Nollaig shábháilte shéanmhar díbh go léir



# Cumann Dramíochta Scadán Caoch 1991

*- Madra Rua Ghleann Dorcha*



**Líne cúil ó chlé:** *Máire Ní Neachtain, Máire Bn. Uí Fhlatharta, Seán Mac Donnacha, Liam Ó Flatharta, Pádhraig Ó Conghaile, Eileen Ní Clochartaigh, Úna Ní Fhlatharta, Caroline Ní Chuinneáin, Michéal Ó Cuaig, Gearldine Neade.*
**Líne lár ó chlé:** *Áine Ní Chuaig, Róisín Ní Dhonnacha, Liam Ó Costdealbha, Colm Ó hUaithnín, Mairéad Ní Choisdealbha, Colm Ó Cadhain, Mairéad Uí Chuaig, Séamus Ó Súilleabháin,*
**Chun tosaigh ó chlé:** *Michelle Ní Chuaig, Mairéad Ní Chuaig, Diarmuid De Faoite, Tanya Dervin, Máire Ní Chuaig.*

*Ba leagan stáitse a bhí ann do scéal a bhailigh ag Liam Ó Costealbha ó cheann de scéalta Éamonn a' Búrc ais Áill na Brún. Sa Taidhbhreac a léiriodh an dráma seo. Ba rud mór é go raibh Liam Ó Cosdealbha i láthair.*

# Taibhdhearc na Gaillimhe

## Amharclann Náisiúnta na Gaeilge




Mar gheall ar dhamáiste tine, tá doirse na Taibhdheirce dúnta ó mhí na Samhna 2007. Faoi láthair, tá Taibhdhearc na Gaillimhe ag cur tús le feachtas maoinithe chun an obair atógála a thosú agus caoi a chur ar an bhfoirgneamh.

Beidh fáilte roimh aon chúnamh gur féidir linn a fháil chun an aidhm phráinneach seo a bhaint amach. Tá eolas faoi na bealaí gur féidir leat cuidiú linn ar an suíomh gréasáin: *www.antaibhdhearc.com*

Tá an foirgneamh dúnta go fóill ach leanann an obair ar aghaidh!

• Na Crosáin – Cúrsaí Drámaíochta don Óige •
• Gradam Bháitéar Uí Mhaicín – Duais Scríbhneoireachta •
• Cúrsaí Scríbhneoireachta don stáitse • Drámaíocht • Opera •
• Cantóirí & Ceolfhoireann Fhiolarmónach na Taibhdheirce • Damhsa •

*Bígí linn don séasúr nua!*

## An Taibhdhearc – Amharclann Náisiúnta na Gaeilge

An tSráid Láir, Gaillimh.
Guthán: 091 562024 / 563600   Faics: 091 563195   R-phost: eolas@antaibhdhearc.com

# Cuimhní cinn ar obair an “Bheet” i Sasana

*le Louis Mac an Iomaire*



**In aimsir an Dara Cogadh Mór 1939-1945 bhí an saol fíor-chrua i Sasana. Bhí na fir óga agus aon fhear ábalta san Arm agus iad ag troid in áiteacha éagsúla ar fud na cruinne. Bhí gánntan mór daoine leis an obair a dhéanamh sa mbaile go mór-mór ar an talamh - is iad na mná a bhí i mbun na hoibre seo. Baisteadh na “Land-Army-Girls” orthu. Ba mhaith uathu a gcuid oibre a dhéanamh de réir mar a dúirt daoine liom. Bhí cuid acu ábalta mála céid nó mála deich gclocha a iompar gan stró. Bhí roinnt acu ábalta mála dhá chéad meáchain a iompar: Mar mhíniú dóibh siúd a d’fhoghlaim cúrsaí meáchain sna cileagraim: mála céad meáchain = 50kg.**

Timpeall an ama seo bhí roinnt daoine as Éirinn ag triall ar Shasana ag lorg oibre. Rinne Rialtas na hÉireann agus rialtas Shasana socrú le daoine a thabhairt go Sasana le cuidiú leo agus go mór-mór le obair a dhéanamh ar an talamh. Bhí ceann de na socruithe seo a bhain le obair ar an mbiatas nó ‘Sugar Beet’. Ag an am sin bhí ná mílta acra biatais dá bplandáil chuile bhliain. Bhain go leor do mhuintir na hÉireann leas as an socrú seo agus bhí na céadta acu ag obair ar an “mBeet” as sin amach. An chéad uair a ndeachaigh mise ar “an mBeet” ná sa mbliain 1969. Fuair mé glaoch go dtí monarca próiseála i mbaile Ely i gCambrideshire, timpeall 60 míle ó thuaidh de Londain. Áit bheag é Ely. Tá sé suite i lár talamh maith feilme agus tá na mílte acraí Beet dhá fhás timpeall air. Bhí muid ansin ó dheireadh Mheán Fómhair go dtí tús Feabhra. Bhí tú ansin i gcaitheamh an gheimhridh nó go raibh an biatas uilig próiseáilte. Sa monarca seo ba siúcra buí a bhí á chur ar fáil. Sin le rá nach raibh aon siúcra mar tá le fáil sna siopaí le fáil ann. Leoraithe móra le Tate & Lyle ag bailiú an ábhair agus “Refining” dá dhéanamh in áit éigin eile. Obair mhonarchain a bhí againn – sealanna oibre de ló agus d’oíche.

## Cromwell agus a mháthair

Cé gur beag triáil a bheadh ag duine ón obair chur mé spéis sa teampeall mór nó cathedral i lár an bhaile. Dúirt daoine liom nár chaith na Gearmánaigh aon phléascán anuas air in aimsir an Chogaidh mar go ba é an marc a bhí acu le tabhairt faoi chathair Coventry. Thug mé cuairt ar an Teampall mór lá amháin agus bhí mé ag caint le sagart nó “parson” agus thug sé timpeall mé agus stair an Teampaill dá inseacht aige. Nuair a tháinig sé go dtí tuamba amháin dúirt sé liom “Ní cara do na hÉireannaigh an duine atá curtha anseo, seo í máthair Oliver Cromwell”. Rugadh Cromwell fhéin deich míle ó Ely i mbaile ar a dtugtar St.Neots air. Timpeall dhá mhíle ó Ely atá an baile beag Sohan agus tháinig scéal truaimhéileach as sin roinnt blianta ó shin; sin é an áit ar dúnmharaíodh an dá chailín óg sin Molly Wells & Tracey Chapman.

Chaith mé dhá bhliain in Ely ag obair agus fuair mé athrú go dtí monarcha eile i Brigg i Lincolnshire. Tá an baile seo suite gar don Humber. Monarcha mór a bhí anseo agus bhí an siúcra dá “Refineáil” acu. Bhí cuid dó ag dul i málaí 50kg agus bhí cuid dó ag dul i málaí 1kg mar atá le fáil sna siopaí. Nuair a




*Ely Cathedral*



*Ag teacht abhaile ón mBeet i monarcha Brigg i 1962. Ó chlé –Cóilín Stiofáin (Máimín), Paraic Judge (Ros Comáin), Tommy Dolan (An Cábhán), Michael Madden as Cill Chiaráin agus Seán Madden as Cill Chiaráin. Sé Tommy McTavish as Carna atá ina sheasamh ar chúl an phictiúir.*

bhíonn an biatas le baint ó Mheán Fómhair ar aghaidh bíonn chuile chineál oibre ar bun ar an bhfeilm, ag baint an bhiatais, ag tarraingt go dtí an mhonarcha agus dá chur amach nuair a bhíonn an phróiseáil réidh.

D'fheicfea scuainí móra fada leoraithe ó mhaidin go hoíche ag tabhairt an bhiatais isteach. Bíonn sampla le baint as gach leoraí agus cnoc mór biatais á dhéanamh. Le brú uisce a bhrúitear an biatas isteach sa monarcha; gunnaí móra uisce ag níochán an bhiatais agus dhá chur isteach sa monarcha. Gearrtar ina phíosaí beaga é sa gcéad áit a gcuirtear é agus isteach leis ansin lena ghlanadh. Ina dhiaidh sin déantar é a phróiseáil mar shiúcra. Ag an bpointe seo déantar scaradh air agus téann an fuílleach treo eile isteach i tank mór agus baintear an sú amach as agus isteach leis sna "Dryers" ansin. Nuair a thagann sé anach an taobh eile, pacáiltear i malaí é, pulp é anois agus tá an-tóir air le haghaidh beathú beithíoch. An sú a chuaigh isteach sa tank eile bíonn sé ag teacht amach mar shiúcra bán. Tá cúpla cineál éagsúil siúcra garbh le haghaidh úsáid mar "preservative", siúcra mín le haghaidh úsáid boird nó cócaireachta. Siúcra "castor" nó siúcra "icing" a déantar as an deannach a thagann as an siúcra agus é dhá áthrú ó áit go háit de réir don phróiseáil a bheith ar bun. Chaith mé ocht mbliana ansin i mBrigg. Bhí an obair ar bun sa ngeimhreadh agus bhí muid ag fanacht i hostel a mba le lucht na monarchan é.

## Deireadh leis an mBeet

Amach sna 1980óidí tháinig deireadh leis an gcineál oibre seo. Ní raibh an oiread biatais dhá chur agus bhí innill nua sna monarchana. Chuir an E.U. lena gcuid rialachaí deireadh cuid mhór leis an tionscal. Bhí ocht gcinn déag de mhonarchana "Beet" i Sasana agus in Albain. Is iomaí duine a shaothraigh punt ins na monarchana seo. Obair chrua, uaireanta fada agus ba mhar a chéile Lá'l Pádhraig, Lá Nollag agus Lá Chinn Bhliana le chuile lá eile. Bhí an obair le déanamh agus na hinnill ag obair chuile lá beo. Is iomaí teach agus is iomaí díon tí a saothraíodh ar an "mBeet". Is iomaí carr agus "Honda 50" a chuir sé ar bóthar agus is iomaí culaith bhreá éadaigh a chuir sé ar dhaoine.


Ba as iarthar na hÉireann formhór na bhfear a chuaigh anonn ar an "mBeet". Bhí cuimse as Conamara ann agus bhí siad ann as áiteacha eile i nGaillimh, as Maigh Eo, as Co. an Chláir as Dún na nGall agus as Ciarraí. Is iomaí fear as an bpobal sin againn féin anseo in Iorras Aithneach a bhí ina measc.


**Séamus Ó Scanláin**

**LICENSED BY CONNAUGHT WASTE MANAGEMENT**

- Septic Tanks Cleaned & Emptied
- Covering Galway and Connemara
- Permit No: CW 109
- **Rapid and Efficient On-Site Dewatering of Septic Tanks, Grease Traps etc.**

Established 1985
Cloch Mór, Baile ha hAbhann
Phone (091) 593048 Mobile 087 2572308
Fax: (091) 505798



# Pósadh



Gearóid Ó Cualáin as Muigh Inis agus Emma Bassey a phós i Séipéal Charna ar an 1-8-2009.



Grainne Ní Mháille as Doire Iorrais agus Damien Burke a phós i Séipéal Chill Chiaráin an 12-09-2009



Valerie Ní Chaonaigh (Gabhla) agus Javier Quintero (Meicsiceo) i Séipéal Charna…7/8/2009.



Séamus Ó Súilleabháin as Damhros, Carna agus Louise McBride as Béal Feirste a phós i mí Iúil in Alloway san Alban.

# Oíche na "Debs"




**Seosamh Ó Cuirrín as an Aird Mhóir agus Sadhlóg Ní Chualáin as Carna.**



**Nóra Ní Cheoinín as Leitir Ard agus Máire Ní Bhriain as Loch Con Aortha.**



**Tríona Ní Chualain as Muighros agus Ciarán Ó Bulgdhuir as an Aird Mhóir.**



**Laura Ní Iarnáin as Roisín na Mainíoch agus Valerie Ní Chonaire as an gCaiseal.**

# Airgead Lotto..in RTE agus i gCarna





**Máire Ní Chathasaigh as Muigh Inis – an dara bean ó dheis ag fáil seic €22,000 in RTE théis dí a bheith ar an gclár "Winning Streak" i mbliana. Kathryn Thomas ar dheis agus Aidan Power ar chlé.**




**An bua ba mhó i mbliana i Lotto Chumann Peile Charna/an Chaisil. Cathaoirleach an Chumainn Seán Ó Cualáin ag bronneadh €18,900 ar Pháraic Ó Clochartaigh i lár báire. Tá Uachtarán an Chumainn Páraic Ó Coirbín ar chlé**

# Seaimpín na Mara




An Colmcille – bád Frank Cooke as Muigh Inis.
Sí a bhuaigh Craobh na leathbhád ag féilte
na bliana seo ar chóstaí an iarthair i 2009.

**Cheannaigh Frank Cooke an bád ag ceannt i gCarna i 2007 ar €19,500. Rinneadh go leor oibre ar an mbád ó shin agus chruthaigh sí thar cionn ar chuanta Chonamara i mbliana. An pictiúr ar chlé thíos …Frank Cooke ar chlé, Máirín Cooke agus an tAthair Peadar Ó Conghaile ag seoladh an bháid in athuair i mbliana. Sa bpictiúr ar dheis… an tAthair Ó Conghaile agus an buidéal uisce coisricthe ina láimh ag Micheál Ó Clochartaigh.**





# Caipple … Croí … agus cuimhní cinn



**Cowboy Dec – Seo é Declan Mac an Iomaire, fear an phosta sa gcuid thuaidh den phobal seo…ach is i bhfad ó bhaile a tógadh an pictiúr seo an samhraidh seo caite. Chaith Declan seachtain ag obair ar fheilm i Colorado mar chuid de fheachtas bailiúcháin airgid le haghaidh na heagraíochtaí "Croí" in iarthar na hÉireann.**



**Seo í Canal Princess, bliain d'aois, an seaimpín sóisireach ag Seo Uachtar Ard i mbliana. Ag Pádraig Ó hEidhin as Béal an Átha Fada agus a bhean Máire as Roisín na Mainíoch atá an capall seo. Cheannaigh siad an stail as a dtáinig sí in aonturas sa nGearmáin …mar go mba as Caladh bhFuínnse a tháinig a athair siúd, *Marble*. Ag Máirtín Festy a bhí *Marble* agus ba mhór é a cháil.**

**Pictiúr deas do chailín beag agus do chapall a hathar mór. Ach pictiúr brónach anois é freisin. Seo í Maeve Seoige as Aill na Brún agus an stail "Seoigeach" a bhuaigh geall na staltracha ag Seó an Chlocháin 7 mbliana ó shin. Bhí Maeve 12 san am. Bhásaigh sí go tragóideach i dtimpiste bóthair i mbliana.**



Maeve Joyce (12) of Kilkerrin, Carna, Co Galway, with Séogeach, after winning the three-year-old registered stallion class.

# Boston



**Nell an Ghabh as Leitir Ard, Mary Mhattie Riocaird agus Úna Seoige as Muigh Inis ag Party Delia i mBoston.**



**Party 80 – Delia Uí Mhaoilchiaráin ag ceiliúradh a  lae beirthe agus í ar cuairt go Boston i mí Eanáir i mbliana.  Ó chlé:  Cóilín Ó Loideáin as Roisín na Mainíoch agus clann Delia – Joe, Nóra (Nic Craith), Máire (Uí Mhainnín) agus Delia ar dheis.  Bhí an chóisir i dteach ósta Joe i Quincy, sin é an "Goalpost".**



**Marcus Mac Cormaic as Leitir Ard agus a bhean May – i mBoston san Aibreán.**



**Peige Joe Choilm as Roisín na Mainíoch ar chlé agus Máire an Ghabh as Leitir Ard.**

# DOCHTÚR, GARDA,
# FEAR POSTA AGUS PRÍOMH OIDE



An Dr Gearard Hooke dá thógáil go réidh amach ó Mhuigh Inis.




Bhí Gardaí Chonamara sách corraithe i mí Feabhra seo caite nuair a cuireadh an dleacht pinsin ar a bpáigh. Seo dream acu imeasc an tslua agus Garda Charna, Máirtín Ó Gríofa ansin leis na spéacláirí dubha.




Fear posta agus fear filíochta…Seosamh Ó Guairim – Josie Joe Pheadair – ag dáileadh amach an phoist i gCarna i mí Dheireadh Fómhair. File é Josie freisin agus feicfidh sibh cuid dá shaothar i gCúinne na Filíochta san Irisleabhar seo.



Ag fágáil slán leis an gcuid sin den tsaol…Tomás Ó Nídh ag imeacht as Scoil Phobail Charna i mí Dheireadh Fómhair théis 10 mbliana mar Phríomh Oide.




**Líne cúil- ó chlé: Sorcha Ní Chonaire, Páraic Seosamh Ó Ceannabháin, Ciara Ní Mhaoilchiaráin, Siobhán Ní Ghriallais, Ciara Ní Chualain agus Sinéad Bhreathnach.**
**Chun tosaigh: Aibha Ní Chonaire, Ciara Ní Loideáin, Shane Ó Cathasaigh, Róisín Ní Chlochartaigh agus Ríona Ní Dhuinnshléibhe.**



**Stiofán de Búrca – coisí maith é féin – ar chlé agus a bhean Mairéad ar dheis…agus i lár báire a n-iníon Maeve atá ag imirt do fhoireann sacair ban na hÉireann.**

**Tá Stiofán ag éirí as a phost i Roinn na Mara ag deireadh na bliana seo. Go n-éirí an saol nua leis.**



**Joe Lydon ar dheis agus a bhean Ann as Boston. Sé Joe an Cathaoirleach ar an gCumann Lúthchleas Gaeil i Stáit Aontaithe Mheiriceá uilig. As Róisín na Mainíoch a athair…Cóilín Joe Choilm Liam…agus as Leitir Ard a mháthair, sin í Bríd an Ghabh (Nic Dhonnchadha).**




**Bhuaigh foireann Charna/an Chaisil Craobh sinsir Chonamara de Chomórtas Peile na Gaeltachta i mbliana agus shroich siad an cluiche ceannais sa gComórtas Náisiúnta. Tógadh an pictiúr seo den fhoireann ar pháirc Ros Muc sa samhraidh seo caite. An líne tosaigh, ó chlé: Colmán Ó Maolchiaráin, Micheál Ó Cathasaigh, Dónal Ó Dúbhda, Cillian Ó Coirbín, Val Ó Féinneadha, Seán Ó Flatharta, Beartla Ó Cathasaigh, Seosamh Seoige, Seán Ó Cathasaigh, Colm Ó Neasa agus Seosamh Breathnach.**

**An líne cúil, ó chlé: Rónán Ó Cualáin, Éamon Ó Cuinneáin, James Ó Flatharta, Mark Mac Fhlannchadha, Colm Ó Dubháin, Micheál Ó Coirbín, Dónal Mac Donnchadha, MacDara Breathnach, Seán Seosamh Ó Cuirrín, Seán Ó Cillín, Seosamh Ó Cathasaigh agus Niall Ó Cadhain.**

**Bhí cluiche ceannais Shraith Idirmheánach an Chontae sroichte acu ag deireadh na bliana freisin … agus ag éirí go maith leis na Sóisir chomh maith.**

# Leitir Ard agus Doire Iorrais – inné agus inniu




**Cuan na Beirtrí Buí agus Cnoc Chloch na Rón siar uathu – pictiúr a tógadh i Leitir Ard fadó an lá. Ar dheis John Thomáisín (Ó Conghaile), Christina Ward agus Josie Phádraig Pheatsa (Ó Caonaigh).**



**Michael Shéamus Ó Ceannabháin agus a bhean Mary Ann as Doire Iorrais ag ceiliúradh dhá scór bliain a bpósadh i mbliana.**

# Pósadh



Nóra Ní Neachtain as Caladh bhFuínnse agus Gerry Burke as an Dún Mór a phós i gCill Chiaráin ar an 31-7-2009.



Bridie Ní Neachtain as Caladh bhFuínnse agus George Thomson a phós i Séipeal Chill Chiaráin i mí na Nollag 2009.



Róisin Bairéad (Muighinis & Brighton) lena fear céile Dave Macioce agus clann a dearthára Abaigh & Nóra Bairead (Ruisín a' Chaladh). Phós siad i mBrighton i Massachusetts i mí Mheán Fómhair!



Nuala Ní Chathasaigh as an Más agus Ken Maher, Phós siad i Rinn Mhaoile 11-9- 2009.



# Mianta na mban óg?

*Curtha i dtolla chéile ag Michelle Ní Chuaig*





## Ceisteanna ar na mná óga


1. Cén post ar mhaith leat amach anseo?
2. An gceapann tú go mbeidh tú i do chónaí thart anseo? nó in áit éicint eile faoi cheann 20 bliain?
3. Cén ceoltóir/banna ceoil is fearr leat?
4. Cén clár teilefíse is fearr leat?
5. Cén siopa éadaí is fearr an bhfuil éadaí ann go do aois ghrúpa féin?
6. Dá bhféadfá a dhul amach ar 'Date' le do rogh fear sa domhan, cén duine a thabharfá leat?





1. Dlíodóir b'fheidir – rud éicint a thabharfadh deis taistil dom!
2. Silim go mbeidh mé i bhfad ón áit seo – san áit a mbeidh an ghrian…ach feicfidh muid linn.
3. King of Leon…cumasach!
4. The O.C
5. Is dócha Topshop
6. Robert Pattinson, tá sé an-handsome!
7. Carr mór éigin - Níl 'clue' agam faoi charanna….Convertible b'fhéidir.



Robert Pattinson






Josh Hartnett




Kings of Leon




1. Ba mhaith liom a bheith i mo Gharda.
2. San gceantar seo ba mhaith liom a bheith im mo chónaí amach anseo.
3. King of Leon…an togha uilig
4. Bíonn mé ag féachaint ar Ros na Rún gach seachtain.
5. Is é an siopa éadaí is fearr liom ná New Look.
6. Dá mbeadh rogha ar bith agam, cinnte is é Josh Hartnett ar mhaith liom dul ar Date leis. Caithfidh mé scéal a chur chuige.
7. Audi, is breá liom iad.






# Mianta na mban óg?


Míanta na mban óg??

1. Beautician- jab deas feictear dom.
2. Ba mhaith liom cónaí amuigh faoin tír nó in áit éigin a bhfuil an ghrian ag scoilteadh na gcloch.
3. Bruce Springsteen
4. "Home and Away" nó "One Tree Hill"
5. Jane Norman & River Island.
6. Chad Michael Murray- tá mé anseo a Chad!
7. Range Rover- mé féin agus Chad!



Chad Michael Murray – tóir ar i gCaladh bhFuínnse




1. Múinteoir i scoil Náisiúnta nó "Event manager"
2. Ba mhaith liom a bheith i mo chónaí i Meiriceá nó in áit éicint in aice na farraige.
3. Ceol damhsa & Akon
4. Greys Anatomy
5. Oasis, A Wear,Topshop agus Penneys –tá neart ansin.
6. Ben Affleck & Casey Affleck
7. Mo Phassat beag gorm féin!!



Greys Anatomy



Ben Affleck & Casey Affleck




1. Fashion buyer
2. Anseo le cúnamh Dia!
3. Beyoncé- glór breá aice
4. Gossip Girl.
5. Topshop
6. Channing Tatum
7. Volks Wagon Golf



Volks Wagon Golf

# Debs.. Debs.. Debs...'



★ ★ ★ ★ ★ ★

**Ag taisteal sa Limo – ó chlé: Sarah Ní Chlochartaigh, Aindriú Mac Donnacha, Rory Ó Ceallaigh, Joe Breathnach, Laura Ní Iarnáin, Róisín Ní Dhubháin agus Valerie Ní Chonaire.**

★ ★ ★ ★ ★ ★ ★ ★ ★ ★ ★



**Anseo thíos - Katie Ní hAllmhuráin (ar chlé) agus Kathriona Ní Nídh**




**Edel Ní Dhúbhda (ar chlé) agus Tara Ward.**

# Féile Lá le Pádraig



An “Géagéara”, Nan bean Uí Chatháin (Nan Johnny) ag dul géar ar bhainteoirí feamainne – Stiofán Ó Cualáin (Stiofán Antaine) ar chlé agus Máirtín Ó Curraoín.



Ireland’s Got Talent!!
Ó chlé:
Tomás Ó Allmhurmháin as Cill Chiaráin, Aongus Mac Donnacha agus Declan Ó Mathúna as an Aird Mhóir.



Léacht don “Ghéigéara” – Máirtín Ó Conaire as an gCoillín agus Treasa Uí Chuaig as Aill na Brún agus iad in éadan an ghéigéara Louis Mac an Iomaire as Coill Sáile.

(Lá’l Pádraig seo caite – nach beag a chréidfeadh go mbeadh Máirtín Ó Conaire ar shlí na fìrinne anois . Bhásaigh sé ar an 19ú Aibreán)

# Féile Lá le Pádraig 2009







Gadaithe! An bhfeiceann sibh fear beag an ghunna agus an "hoodie" air. Fear contúirteach. Tá Páraic Breathneach faoi smacht na ngadaithe agus é ag iompar an mhála mhóir airgid amach as Tí Leavy. Céad slán leat a Pháraic!



Bancanna briste na hÉireann agus an "Tax Payer" bocht ag cuardach a gcuid airgid.
Chun tosaigh ó chlé; Micheal Ó Maoláin, Laine Ní Mhaoláin, Tina Ní Mhaoláin agus Kiaran Ó Maoláin. Ar chúl, ó chlé: Evelyn Ní Mhaoláin agus Ciarán Bolger.

# Féile Mhic Dara 2009





Slua mór thimpeall na haltóra.








**Féile Mhic Dara 2009 – Barr – Soiscéal Mhic Dara..ó chlé: an tAthair Pádraig Ó Fearrchair, an tAthair Peadar Ó Conghaile, Sagart Pobail Charna agus an tAthair Séamus Ó Dúill, Cill Chiaráin.**
**In íochtar –ar chlé..Joe John Mac an Iomaire, Damhnait Bhreathnach, Paula Ní Chualáin, Johnny Sheáin Jeaic (go ndéana Dia grásta air) agus Johnny Mháirtín Larry.**
**In íochtar – ar dheis...Ag teacht i dtír ar Oileán Mhic Dara...Josie Sheáin Jeaic chun tosaigh.**



**Anuraidh ag bainis Róisín …muintir Mhic Dhonnchadha as an Aird Thiar. Ó chlé…Máirín, Kathy, Johnny, Béab, Róisín, Fíona agus Seán.**



*Seán Cloherty (anseo i lár báire sa líne tosaigh) as Carna agus Loch Garman. Mac é Seán le Joe agus Bernie Uí Chlochartaigh. Anseo le foireann Rapparees-Starlights faoi-14 a bhuaigh craobhacha iomána agus peile an chontae i Loch Garman i mbliana. Bhuaigh siad craobh na hÉireann i gcomórtas peile faoi-14 freisin agus chuaigh siad go dí an cluiche leath cheannais sa gcomórtas náisiúnta iomána. Bhí Seán ag imirt leis na hiománaithe agus na peileadóirí. Ar ndóigh ní ón ngaoithe a thug sé é. Bhí a athair Joeen cumasach é féin!*



**Rebecca (ar chlé) agus Zara Ní Mhaoilchiaráin – sí Rebecca iníon Mháirtín Uí Mhaoilchiaráin as Leitir Ard agus sí Zara iníon Joe.**



**Col ceathracha Zara agus Marcus Ó Maoilchiaráin. 'Sé Marcus mac Mháirtín Uí Mhaoilchiaráin as Leitir Ard agus sí Zara iníon Joe Ó Maoilchiaráin agus Bharbara.**

# Gradaim




**Ó chlé: Liam Ó Cuinneagáin, Peggy Ní Chlochartaigh as Loch Con Aortha agus bean eile ar bronnadh gradam uirthi sa Kennedy Library i mBoston. An páipéar nuachta an "Irish Echo" a bhronn an gradam ar Pheggy as cur chun cinn na Gaeilge i mBoston. Sé Liam Ó Cuinneagáin cathaoirleach Bhord Údarás na Gaeltachta.**



**Jackie Mac Donnchadha as Cill Chiaráin ar chlé agus an t-amhránai Joe John Mac an Iomaire as Ros Dugáin ar dheis. Pictiúr a tógadh i Portland Maine. Téann an bheirt anonn chuile bhliain ar chuireadh ó Chumann na Gaeilge i mBoston. Seaimpín sean nóis é Joe agus bhuaigh Jackie ceann de Ghradaim Liteartha an Oireachtais i mbliana.**



**Máirtín Ó Catháin ar chlé, Siúbhán Nic Grianna –Bainisteoir Cumarsáide agus Margaíochta Údarás na Gaeltachta - sa lár agus Joe Steve Ó Neachtain ag bronnadh Gradaim Chumarsáide an Oireachtais.**

# Gasúir





Bróna Aisling Ní Mhadaoín as an Ruisín i gCill Chiaráin – a rugadh i mbliana do Dolores agus do John Ó Madaoín.

Ella Ní Mhadaoín…deirfiúr le Bróna bheag..lá na rásaí i gCill Chiaráin i mbliana.



Síofra Ní Mhurchú- an bhean bheag -agus a dearthair Colin..clann Pauline Uí Mhurchú as Gabhla agus a fear Ciarán.



Ar chlé - Mac le Julie Ní Ghuairim as Leitir Ard - Ryan 3 bliana d'aois.



Ar chlé -Siobhán Ní Ghriallais as an mBantrach Ard agus Charlie Anne Ní Mhainnín as Ros Muc – col ceathracha.

Ar dheis – Niall Ó Dúnshléibhe as Carna.



# Féile Lá l'Pádraig



## Deireadh le Cúirt Charna

**Cuireadh deireadh leis an gCúirt i gCarna i 2009. Bhíodh sí ann uair sa ráithe. Níor ligeadh deireadh na Cúirt i ndearmad ag páráid na Féile Pádraig ar thrá Chaladh bhFuínnse.**



**Paula Ní Chualáin agus a fear céile Briain Ó Callaghan agus iad gléasta le haghaidh na hócáide.**




**Batman é féin ar paráid: Bairbre Uí Bhriain agus a cuid gasúr**

# Muintir Mhuigh Inse- 1970óidí



**Líne cúil ó chlé: Johnny Coyne (a bhí ina chónaí gar don chladach gar go tí Mháirtín Uí Ghríofa), iníon deirfíre le Johnny Coyne (as Portland, Maine), Colm Ó Uaithnín i ngabháil a athar Johnny Ó hUaithinín, Michael Nóra Ó Maoilchiaráin fear an phosta as Leitir Deiscirt, Béab Bean Uí Uaithinín, Matt Ó Maoilchiaráin – Matt Mhichael Mhaitiú - as Muigh Inis. Chun tosaigh, ó chlé: Máire Ní Uaithnín ina cailín beag, Bridget Coyne (deirfiúr le Johnny Coyne a bhí sa mbaile as Portland) Mairéad Ní Uaithnín ina cailín beag agus a deartháir Séamus Ó hUaithnín.**

# Bus Charna fadó, anois..??





Joe Monaghan – bhí cónaí air i Muigh Inis agus chaith sé blianta fada ag tiomáint bhus Charna.




San aimsir a caitheadh…Ag dul ar bhus Charna - Nan Bheartla Rua as Leitir Ard, Seán Joe Bheartla Rua ina ghasúr sa lár agus Beartla Joe Bheartla Rua ar dheis.



Johnny Geohegan T.D. – stiúrthóir (conductor) ar bhus Charna ar feadh blianta fada.



Máire Geohegan-Quinn (An Coimisinéar Éireannach nua san Eoraip)….sé bus Charna a thug a hathair go Carna an chéad uair.



Danny Monaghan as Muigh Inis – mac leis an tiománaí Joe Monaghan.




Bus Charna faoi stiúir Aodh Uí Dhomnaill agus í ag Tigh Dowd ar a mbealach as Gaillimh i mí Mheán Fómhair 2009.




Aodh Ó Domhnaill as Muigh Inis – an tiománaí anois

# Bus Charna

## – is beag nár imigh sí uainn i 2009

**Is ar éigin go gcreidfeadh daoine in Iorras Aithneach agus i Ros Muc go raibh baol dháiríre ann go gcuirfí deireadh leis an tseirbhís bhus as Carna go Gaillimh. Bhí sé ann le ionann agus 80 bliain. Níl aon bhus eile ag freastal ar an gceantar. Ach dúirt Bus Éireann i dtús an tsamhraidh seo caite go raibh siad ag cuimhniú go láidir ar dheireadh a chur le seirbhís Bhus Charna.**



**Routes affected**

Areas where services will be totally withdrawn or drastically reduced



**1. Waterford: 362 Ardmore – Ring-Oldparish** (Friday/Saturday all year round and Monday to Saturday, July and August), withdrawn.
**366 Dungarvan – Fermoy – Mallow** (Monday, Thursday, Saturday) withdrawn
**377/383/386 Wexford** local services, withdrawn.
**73 Waterford – Athlone** and return, no service except Friday and Sunday.
Waterford City Services, no services after 7pm.

**2. Cork: 230/231 Ballingeary** withdrawn.
**234 Stuake**, withdrawn.
**251 Skibbereen – Baltimore**, withdrawn.
**212 Glenthorn – Cork City**, withdrawn.
**201 Northern Orbital**, withdrawn.

**242 Mallow – Churchtown – Doneraile**, withdrawn.
**71 Cork – Athlone**, withdrawn
**Cork City Services, 3/6/7/10/14**, no services after 7pm.

**3. Limerick: 358 Miltown Malbay – Ennis**, withdrawn.
**72 Limerick – Athlone**, withdrawn.
**314 Limerick- Glin**, reduced 50%.
**320 Limerick- Charleville**, reduced 50%.
**329 Limerick – Kilfinane**, reduced 50%.
**Limerick City Services**, reduced **302//304/308**, no services after 7pm.

**4. Tralee: 272** reduced.
**274 Ballybunion – Ballyheigue**, withdrawn.
**275 Tralee- Dingle**, reduced.

**5. Galway: 416 Galway – Carna**, withdrawn.

**Scéal san *Irish Independent,* 19-6-2009**

I would also like to thank you and the local community for the great deal of thought and effort that has gone into looking at other solutions in relation to the route. We greatly welcome this feedback, which we are currently reviewing.

Unfortunately, due to very low support from the community, this route has been significantly loss making for a considerable time and is not economically viable in the current economic environment.

www.buseireann.ie

thóirí Directors: J Lynch (Cathaoirleach Chairman), T Honan, J Byrne, J Hegarty, R Langford, B McCamley, J Moloney, J Pender, T Byrne
cuideachta theoranta í seo atá cláraithe in Éirinn ag An Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7. Uimh.: 119570 Uimh. CBL: 4812850177.
A Limited Company Registered in Ireland at Broadstone, Dublin 7. No. 119570. VAT No. 4812850M

**Seo é an port a bhí ag fear ceannais Bhus Éireann Tim Hayes**

Dúirt Bus Éireann go raibh caillteanas €30m. sa mbliain ar an gcomhlacht agus go gcaithfí deireadh a chur le seirbhísí a bhí ag cailleadh airgid. Dúradar gur 8 paisinéirí an rud ab airde a bhíodh ar Bhus Carna nuair a shroichfeadh sí an Teach Dóite ar maidin. Bhí an bus i mbaol.

Bunaíodh an grúpa "Coinnigh an Bus" agus throideadar an cás go láidir. Shínigh 1,800 duine sa gceantar litir ag iarraidh go gcoinneofaí an bus. Thug an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Éamon Ó Cuív agus Frank Fahey, T.D. atá ina chathaoirleach ar Choiste Iompair agus Taistil na Dála cúnamh.

Tháinig an Seanadóir Margaret Craven as Maine i Meiriceá (as Leitir Ard ó dhúchas) agus an Feisire Páirliminte Martin Walsh i Massachussets (as Carna agus Ros Muc a athair agus a mháthair) i gcabhair orthu.

Cuireadh moltaí chun cinn go ngabhfadh an bus soir bóthar Chois Fharraige (den chuid is mo) agus go mbeadh na praghasanna níos ísle ar an aistir.

## Joe Monahan – tiománaí a raibh cion agus cáil air

***Chaith Joe Monahan píosa mór ag tiomáint bhus Charna. Seo píosa faoi a chur a mhac Danny Monahan ar fáil dúinn.***

Nuair a thosaigh Joe Monaghan ag tiomaint an bhus as Carna go Gaillimh go gairid taréis an dara cogadh domhanda ní raibh móran caranna i bparáiste Charna. Dá bhrí sin bhíodh ar Joe go leor teachtaireachtaí beaga 'is móra a dhéanamh ar son mhuintir ba háite. Bhíodh leabhar notaí aige agus beagnach chuile oíche den tseachtain thagadh daoine chuig an teach agus nuair a d'iarrfadh siad air teachtaireacht a dhéanamh dhíobh chuirfí gach aon cheann isteach sa leabhar notaí.

Ag teacht suas ar an Nollag bhíodh níos mó daoine ag teacht nó mar ba ghnáthí áirithe i ngan fhios do pháisíe na háite. Bhíodh air turas a thabhairt air shiopaí móra na Gaillimhe mar shampla Tigh Raftaire agus McDonaghs i rith an lae. Ag an am sin bhíodh stiúrtheoir (conductor) air an mbus agus áit ar barr le haghaidh gach cineál parcel a chur i dtaisce agus aníos is aris bhíodh Raleigh Bicycles ar an mbus chomh maith le boscaí day old chicks.

Ar ndóigh mar gheall ar rudaí mar seo bhí aithne ag chuile dhuine ar fear an bhus. Ní raibh gá go mbeadh an clog féin ag obair mar chomh luath agus a chuaigh Joe Monaghan amach ar bóthar bhí fhios ag chuile dhuine cén t-am é, agus mar a chéile ar an mbealach abhaile ar ais.

### Road Passenger Service

15/07/85

Mr. Joesph Monaghan, R.P.S Galway who retired recently was the youngest CIE driver to qualify for the goldwheel award in 1968.

Joining the service in 1939, Joe as he is affectionately known, had an exciting and varied career. In the road freight section he worked on many beet campaigns. During the war he was engaged in turf haulage from county Donegal to St. Johnston railhead en route to the Pheonix Park and tells of being held up by the British Army who on one occasion ordered him to unload by the roadside.

For a number of years he drew timber from Cong to Killybegs where a thriving boat-building industry was located. The movement of turf-cutting machinery between Conamara and county Offaly, was another series of operations in which Joe was engaged.

In 1949 he was transferred to the Road Passenger Section and worked the Carna service for many years where his conductor was Johnny Geoghegan later to become T.D and junior Minister. Joe recalls with obvious happiness and satisfaction that he assisted Johnny in many election campaign.

Joe Monaghan has numerous awards for driving; certificates, plaques, gold wheel and two years ago he was presented with an inscribed gold watch to mark 35 years. Accident-free driving – a magnificent achievement indeed.

### Safety First Ireland

| | |
|---|---|
| 1952 | Silver Medal 5 year accident free |
| 1957 | Gold Medal 10 year accident free |
| 1962 | Gold Star 15 year accident free |
| 1968 | Gold Wheel 21 year accident free |
| 1983 | Inscribed Gold watch to mark 35 years accident free. |

*Is léir go raibh Joe cúramach ar bóthar. Tugadh an t-aitheantas sin dó go hoifigiúil agus seo píosa a bhí sna páipéir nuachta faoi san am sin.*

## Súil siar - 80 bliain ar bóthar

Ní fhaca na buachaillí i scoil Charna a leithide de charr ná do charáiste ariamh roimhe sin. Tháinig siad sna cosa in airde aniar ón scoil, a bhí ar láthair an tsean halla san am, chomh fada le sráid Tí Mhóráin. "Bhí muid ag déanamh iontais de", adeir Joe Ó Guairim – Joe Pheadair as Roisín na Mainíoch. Bhí Joe ar dhuine de na gasúir a tháinig ina sciotán aniar ón scoil an lá sin. "By dad silim go mba é 1931 é", adeir Joe. "Tá mé a'cheaptha go mba é an Fómhair é. Is fada an t-achar ó shin é. Tá a fhios agam go raibh Pádraig Ó Loideáin a bhásaigh i mBoston le gairid (Pádraig Joe Choilm Liam) ar dhuine de na gasúir a bhí sa ngrúpa sin an lá sin. Pádraig bocht – go ndéana Dia grásta air." Tá Joe ocht mbliana le cois na cheithre scóir anois ach feiceann sé an bus sin i suile a intinne i gcónaí. "Tá a fhios agam go raibh na litreacha C.O.C. scríofa ar a taobh" arsa Joe Níos deireannaigh ansin bhí na litreacha C.O.C.I. scríofa uirthi. Chaithfeadh sé gur comhlacht eicínt a bhí i gceist.

Bhí Joe Guairim ag caint faoi dhream a théigheadh soir as Roisín na Mainíoch san am de shiúl a gcos nó go

sroichfeadh siad droichead Flannery. Bhídís ansin ag faire ar an mbus ag teacht anoir thar an droichead – is dóigh go mba mhór an t-iontas é an bus a fheiceail ar an droichead. Ansin théighidís ar an mbus pé ar bith pingineacha beaga a chosain an aistir go Roisín na Mainíoch san am. Ba mhór an "outing" é a dhul siar an bóthar ar an mbus! Bhí an t-am ann freisin is cosúil nuair a bhíodh ar dhaoine a theacht amach as a gcuid suíocháin agus an bus a bhrú in agaidh an aird thoir ar an mBantrach Ard; theastaíodh beagán cúnamh uatha ar an aistir.

### *Coiníní agus "day old chicks" ar bord*

Chomh maith le bheith ina deis taistil do mhuintir an phobail d'iompraití chuile chineál ábhar an an mbus san aimsir a caitheadh. Bhíodh "day old chicks" ar cheann de na hábhair a bhíodh ar bord scaití. Tá scéal againn i gcuid eile den irisleabhar seo faoi choiníní a bheith dá gcur anoir as Cois Fharraige ar an mbus leathchéad bliain ó shin chuig monarcha coiníní a bhí bunaithe ag Gael Linn san Aird.

Tá Joe a'cheaptha go mba é Val Flaherty a mba as Droichead an Chláirín taobh thoir de Ghaillimh dó an chéad thiománaí a bhí ar bhus Charna. "Bhí daoine ag teacht is ag imeacht", adeir Joe. "Bhí Hugo Carey ann píosa, an fear a d'imir peil do Charna agus do Ghaillimh agus a bhuaigh boinn Chraobh na hÉireann. Anseo a bhí a mhuintir." Ach sna blianta ina dhiaidh sin is dóigh go raibh beirt a bhí luaite go mór le bus Charna. B'shin iad Joe Monaghan agus Johnny Geoghegan. Go deimhin chaith an bheirt scaitheamh maith in éineacht ar an mbus, Joe Monahan ag tiomáint agus Johnny Geoghegan ina stiúrthóir, nó "conductor" mar a tugtaí air. Agus tá stair bus Charna bainteach le stair pholaitíocht Chonamara – agus bhféidir go bhfuil tuilleadh le cur leis gan mórán achair.



*An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i gcuideachta Joe Ó Guairim roint blianta ó shin. Ta cuimhne ag Joe ar thosaigh seirbhís bhus Charna ionann agus 80 bliain ó shin.*

### *Bus polaitiúil*

Ba as Gleann Gabhla in Uachtar Ard é Johnny Geoghegan ó thús agus chuile sheans gur chuidigh bus Charna leis go mór agus é ag tosaí amach sa bpolaitíocht: bhí aithne ag mórán chuile dhuine air agus an cháil air go raibh sé gnaiúil agus oibligáideach. Is cosúil gur thosaigh sé ag obair mar "chonductor" ar bhus Charna in aimsir an Chogadh. "De réir mo chuimhne bhí sé ann i 1945", adeir Joe Ó Guairim. Phós sé Béab Khatín Sheáinín as Duibhithir nó Bairbre Ní Chualáin. Ba muinteoir óg scoile a bhí inti san am agus í ag múineadh i …… Bhí sí bainteach le polaitíocht Fhianna Fáil, í ag tacú le Gerald Bartley agus bhí sí ina rúnaí ar Chumann Fhianna Fáil i Muigh Inis. Bhí Johnny Geoghegan ag fanacht i gCarna san am freisin. Phós an bheirt agus ba leo an teach atá díreach amach ar aghaidh an Phlantation i gCarna – san áit a bhfuil na banaltraí Indiacha ag fanacht anois. Bhí mac acu Seán…beannacht Dia lena anam…agus iníon Máire. Sin í anois Máire Geoghegan-Quinn atá ina ball de Chúirt na nIniúchóirí i Luxembourg. Tháinig sí i gcomharbacht ar a hathair Johnny Geoghegan mar Theachta Dála do Ghaillimh Thiar nuair a bhásaigh Johnny i 1974. Bhí sí ar an gcéad Aire ban i Rialtas Phoblacht na hÉireann ó aimsir Chountess Markivich. Tá caint ann anois go bhféadfadh sé go gceapfadh an Rialtas í ina Coimisinéir Eorpach – post fíor shinsireacha san Aontas Eoraip.

Is iomaí sin cor agus casadh atá curtha d'i ag bus Charna…agus tá an rud céanna ag baint leis an bpolaitíocht.


# ANNE DOWD

## *Gruagaire Charna*

**Mná, páistí agus fir**

*Seirbhís ghairmiúil den chéad scoth*

**Glaoigh ar 095-32277**

# Crumpán Charna




*Crumpán Charna 1946 – Tigh Sonny Chiaráin suas uait. (As Life Magazine)*



*Sa gCrumpán fadó…an bheirt chailíní…Máirín Chatherine Sonaí ar chlé agus a deirfiúr Brídín. An bheirt bhuachaillí beaga – Colm Chatherine Sonaí ar chlé agus a dheartháir Tom. Sé John Tommy Mhartin (an fear ard), a nathair agus sé an fear leis an mbuicéad ina láimh athair mór na ngasúr, sin é Sonaí Chiaráin.*

# Ag coinneáil traidisiúin na nGael ar na dugaí i Portland, Maine

**Chuaigh cuimse daoine as an gceantar seo ar an imirce go cathair Portland i Stát Maine i Meiriceá san aimsir a caitheadh. Go deimhin tháinig an t-am go raibh mac as teaghlach acu sin ina Ghobharnóir ar an Stát. B'shin é Joseph L. Brennan a mba as Caladh bhFuínnse a mhuintir.**

**Ba as Caladh bhFuínnse freisin iad muintir an Dr Michael Connolly atá ina Ollamh le Stair i gColáiste Naomh Sheosaimh i Maine.**

**Thug an tOllamh Connolly léacht ag comhdháil in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh i mbliana faoin gcaoi ar coinníodh na tréithe Gaeleacha beo imeasc na bhfear a bhí ag obair ar na dugaí i Portland – bhí go leor as an taobh seo imeasc na bhfear sin. Comhdháil mhór a bhí inti i nGaillimh agus bhí go leor stairíthe agus ollúna as Meiriceá, Éirinn agus áiteacha eile ann.**

**Thug an tOllamh Connolly cead do "Iorras Aithneach 2009" píosaí as an léacht seo a úsáid. Seo mar thosaigh sé a chuid cainte:**

★ ★ ★

## *"Men Along the Shore: Survival of Cultural Traits Among Galway-Born Dockworkers in Portland, Maine"*

**Dr. Michael C. Connolly**
**Prof. of History, Saint Joseph's College of Maine**

The Portland-born poet Henry Wadsworth Longfellow wrote of his birthplace:

I remember the black wharves and the slips
and the sea-tides tossing free;
and Spanish sailors with bearded lips,
and the beauty and mystery of the ships,
and the magic of the sea.

Portland was, and will always be, associated with the sea. It's a maritime city by nature and its population is shaped by this geographic fact. During the Colonial and Federal periods this maritime reality determined its early settlement and growth. The earliest two European settlers were George Cleeve and Richard Tucker who landed on the peninsula around 1633, having been evicted from a nearby island to the south. Although they had reasonably good relations with the First Peoples living in this area, the Wabanaki, later white settlers would strain these relations, and eventually this would be affected greatly by the global struggles between France and England for hegemony in North America, and elsewhere. Formal boundary disputes between Maine and Canada, first controlled by the French and later by the British, were not settled until the Webster-Ashburton Treaty of 1842.

The main source of income for the early settlers was derived from the area's natural resources, primarily fish and lumber. The British Navy took an early interest in the tall, straight pines that grew along the Maine coast for use as mast on their ships of commerce and war. Shipbuilding also became a mainstay of the local economy, an occupation that involves many Mainers down to the present day.

Maine, as a part of Massachusetts during the Revolutionary period, played an early and active role in the new country's independence movement. Just two months after Lexington and Concord, on June 11-12, 1775, Jeremiah O'Brien and sons captured a British frigate off the coast at Machias – the so-called first American naval victory. Four months later, for this and other perceived transgressions against the Crown, Portland (then called Falmouth) was bombed from the sea and then burned from the ground by British Royal Naval forces let by Lt. Henry Mowatt, under Admiralty orders. Most of the commercial district lay in ruin and would not recover until after the Revolutionary War. British forces captured land near Castine, at the mouth of the Penobscot River, and created a loyalist stronghold there for the war's duration.



*Stairíthe – An tOllamh Michael Connolly as Portland ar chlé agus Cóilín Ó hIarnáin as Roisín na Mainíoch.*

## Ionsaí ar an Ól!

***Síníodh conradh síochána in 1783 ach bhí sé ina chogadh idir Sasana agus** Meiriceá **arís in 1812. Taobh istigh de Mheiriceá fuair Stát Maine a saoirse fein agus rinne rialtas an Stát ionsaí ar an alcól!***

By 1820 Maine had secured its independence from Massachusetts and Portland was its first state capital, until that honor was transferred to the more centrally-located city of Augusta in 1832. Many of Portland's wealthy commercial families had been restored to financial preeminence, such as the McLellans, Clapps, and Baxters. Along Portland's waterfront much of the heavy manual labor was being performed by a small but prominent black community of dockworkers. Some of these had come to Portland by following the molasses trade from the West Indies. Using this dark sticky substance, Portland became a notable supplier of refined sugar, through the J. B. Brown sugar refinery, and rum and other forms of alcohol, through the McGlinchy brewery and other legal and semi-legal enterprises. Ironically, this occurred in the same city that gave the nation the "Maine Law" – one of the first statewide prohibition laws that would eventually serve as a model for national prohibition in the next century. The person most identified with prohibition was Portland's mayor, Neal Dow. Dow, a Quaker, led a "Prohibition Regiment" in the Civil War and was captured and held prisoner at the infamous Libby Prison. Today his home on Congress Street near the Bramhall neighborhood is the national headquarters of the Women's Christian Temperance Union.

Portland's maritime history, and indeed to a large extent in commercial position, changed dramatically in 1853 when the city was linked by rail to Montreal. This was the dream of John A. Poor who saw the potential of Portland as a major world entrepot connecting the markets of the American continent with the maritime centers of Europe. He even thought that Portland could rival the major cities of the Baltic. The development of Portland as Canada's main "winter port" was significant, even though it never quite rose to the level of Poor's dreams of greatness. The major commodity to be handled through the port of Portland during the winter months (November through April) when the Saint Lawrence was frozen was Canadian grain.

## Iarnród as Montreal – borradh faoi Portland

***Míníonn an tOllamh Michael Connolly go ndearna tógáil an iarnróid as Montreal go Portland an leas do na dugaí ansin. Bhíodh abhainn an St Lawrence atá ag sníomh ón Atlantach isteach go Montreal ar feadh píosaí móra den gheimhreadh. Nuair a tharlaíodh sin d'fhéadfaí ábhar a chur suas agus anuas as Montreal go Portland.***

Beginning in 1853 large steamships arrived in Portland with increasing regularity during the winter, giving the longshore laborers steady, and eventually increasingly more lucrative, work. This railroad connection coincided with the arrival of large-scale immigration from Ireland in the years immediately following the devastating famine of the late 1940s. Although many of Maine's early Irish settlers had originated from the north of the country, mainly Scot-Irish Presbyterians from Ulster, the newer famine-era immigrants came largely from the poorer western regions of Ireland. In Portland the Irish country most represented numerically was Galway, with its strong Irish language (Gaelic) tradition. Many of these immigrants came from one of three regions in the western part of County Galway, Cois Fharraige (along the coast from Bearna to Rosaveal), the Joyce's Country (from Cornamona to Maam Cross and Recess near the Twelve Pins of Connemara), and finally Carna and Callowfeenish (on the Iorras Aithneach peninsula hugging Galway Bay in western Connemara). The phenomenon creating such specific source areas is known as "chain migration." Simply stated, one family member will arrive and pave the way for others to join, usually by sending "money from America" to help with the cost of passage on steamers. This would not have been nearly as powerful unless there was plenty of work available in the new country. Demographers and historians refer to this as "push/pull factors." In the 1850s and beyond, with the exception of some periods of economic depression in America, these factors were remarkably favorable for large-scale immigration.

One place that the Irish laborers could find work in Portland was along the shore. By the mid-19th century the Irish had already displaced the smaller black dockworkers. As work became more regular and attractive, at least in the winter months, the Irish dockers attempted to formalize their labor. By the 1860s an Irish longshore association was demanding higher wages, especially during the boom times around the Civil War. Finally, by 1880, these workers incorporated the Portland Longshoremen's Benevolent Society (PLSBS), the charter members of which were largely Irish and, to a certain degree also Irish-speaking. One of the Bylaws of the PLSBS stated unequivocally that "No colored man shall be a member of this society." The transformation from black to green had occurred and there would be nó going back. Anti-black racist behavior was not unique to the Irish or the labor movement, but it was prevalent in these areas. One of the many ironies involved in this outward manifestation of racism was that the Catholic Bishop of the Diocese of Portland, James Augustine Healy (1875-1900) was himself half black and half Irish.

## Níor mhair an Ghaeilge

***Ach cé gur coinníodh go leor de thraidisiúin na Gaeltachta i Portland níor amhlaidh cás don Ghaeilge – agus tá lorg an ruda a tharla in Éirinn le tabhairt faoi deara ansin freisin.***

Irish cultural traits abound among the Portland Irish longshoremen. Professor Kenneth Nilsen of Saint Francis Xavier University (Antigonish, Nova Scotia) has made the claim that Portland had arguably a higher percentage of Irish-speakers than any other major American city in these years. This was simply because of the source area of its immigrants – all Irish-speaking areas, and largely still so even today. These immigrants congregated in two

main neighborhoods and the streets connecting them along Portland's waterfront. The west end, later known as Gorham's Corner, with its Saint Dominic's parish (the oldest Catholic Church in Portland, dating from 1833). The east end, better known as Munjoy Hill, with its Cathedral of the Immaculate Conception. It seems that the parochial nature of life in Galway, with regional differences reflecting seemingly small geographic distances, had migrated intact to Portland. Often the children from one of these neighborhoods hardly knew the streets or the residents of the other, even though they were barely one mile apart.

Although many of the cultural traits would be passed on from generation to generation, it was not, apparently, the case with the Irish language. This ethnic marker was rarely passed onto the second generation, and proficiency in English was seen by both parents and children as the surest way forward. The erosion of Irish in Portland was accelerated, especially after immigration restriction in the early 1920s reduced dramatically the number of new Irish speakers arriving in the city from Galway. By the early 1980s there were only about fifty Irish speakers remaining, about twenty of whom were recorded by Professor Nilsen. Today their number has dwindled to only a handful. There was one anecdotal story by an *RTÉ* executive of an Irish monoglot speaker (Irish only, with nó English) arriving in Portland in the 1950s where he stayed for nearly two years. When he returned to Ireland, he was still a monoglot Irish speaker!

Another cultural trait prevalent in Ireland that survived in Portland was the common usage of nicknames, especially among those with common Galway surnames. A cursory listing of some of the more Gaelicized forms would include:

> Bád ní ngean (Ball of yarn); Bartla Tadhg; Breathnach; Calibhfuinse (Callowfeenish); Clegger dubh; Cockaneeney (Cac an éinín), Go fáda (long way); Cois Fharrainge; Dinish; Greenhorn geimhridh (winter); Joe Mhike; Marcuísín, Máirtín (Maucheen); Michilín, Paddy na gcnoc (of the hills); Peadar (Pather); Philipín, Polikeen; Secadog; Sparideog (little sparrow); Stíofáin ní Calibhfuinse; and Táimín George.

A strong adherence to the Catholic Church was common, especially in western and southern Ireland as it was among the Irish in Portland. Each and every bishop since the Diocese of Portland was first created in 1855 had an identifiably Irish surname:

> Bacon; Healy; O'Connell; Walsh; Murray; McCarthy; Feeney; Gerety; O'Leary; Gerry; and Malone.

## Polaiteoirí cumasacha

***Ach an oiread leis na hÉireannaigh i Státaí eile bhí ar an dream a bhí i Maine cosaint a dhéanamh orthu féin ó dhreamanna a bhí in aghaidh na gCaitliceach. Ina dhiaidh sin féin bhí na hÉireannaigh go maith ag plé leis an bpolaitíocht.***

In the field of politics the Irish led the way in their support for the Democratic Party in a state that was known for its strong support for the Republican Party (Hannibal Hamlin, James G. Blaine, Thomas Brackett Read, and later Margaret Chase Smith). Maine, with its WASPish ethnic nature was a stronghold for the Republican Party even up to the election of Franklin D. Roosevelt. When it became only one of two states to vote against the re-election of FDR, a well-known political maxim was changed to read, "As Maine goes, so goes Vermont." In essence, as the first non-WASP group in the state, the Irish served as a role model for other immigrant groups soon to follow, especially to its urban areas. The Irish provided leadership not only in the Catholic clergy and the Democratic Party, but also in the labor movement, including majority-Irish unions such as the PLSBS.

By the 19th century there were numerous Irish social, cultural, and political organizations. Matt Barker of Portland has documented many of these, and has also described several prominent Irish locations in the city in the highly accessible website:
*www.MaineIrishHeritageTrail.org.*
A cross-section from the mid-19th century includes:

> Catholic Temperance Society; Hibernian Benevolent Society; Portland Repeal Society; Catholic Total Abstinence Society; Young Catholic Friends Society; St. Patrick's Benevolent Society; Irish American Relief Association; Ancient Order of Hibernians; Fenians (O'Donoghue Circle); Greeley Guards; Sheridan Cadets; Portland Catholic Union; Grattan Literary Association; Celtic Club; Wolfe Tone Association; Young Men's Social Club; Gaelic Prayer Group; Emerald Boat Club; Cumberland Rowing Association; Irish National Land League; Ladies Land League; National Irish Athletic Association; Irish American Union; Emerald Association; Tammany Group; Hibernian Cadets; plus many other religious and labor groups, such as the PLSBS.

In analyzing whether the Irish preserved their ethnic uniqueness or assimilated, one would have to conclude that they did both. In this regard, there was a tremendous generational divide with the older Irish remaining much more clannish. For example, fully 95% of first-generation Irish longshoremen lived in only three out of twenty-five of Portland's enumeration districts (EDs for census studies). Certainly local and district politics opened many doors, as the labor organizations offered economic security. The Catholic Church offered protection from nativist outbreaks, and it favored parochial over public education – something that not all members availed themselves of. The Democratic Party in Maine, strongly assisted by urban Irish adherents, would break through by the late 1950s with the election of Edmund Muskie of Rumford as Governor. Later, other Catholic political leaders gained prominence, such as Senator George Mitchell (of mixed Irish and Lebanese background; Governor Joe Brennan (the son of a first-generation Irish longshoreman); and current Governor John Elias Baldacci. In a state that is still heavily Yankee, it is interesting to note two recent gubernatorial contests pitting two Irishmen, a Brennan versus a McKernan, and, more recently, two Italians, a Baldacci versus a Cianchette!

Finally, in a sign of the times perhaps, when inner-city Portland attendance at the Saint Dominic's Church forced the Diocese to deconsecrate and sell the building, the city decided to transfer ownership to the Irish American Club so that it could be preserved and function as a Maine Irish Heritage Center. How appropriate for a building that was once served by a young altar boy by the name of John Martin Feeney, who after graduating from Portland High School would move to Hollywood and become better known to America as the country's most prolific film director, John Ford. Winner of four Academy Awards for Best Director, and two more for wartime documentaries, Ford's first and last Oscars were for quintessentially Irish films, *The Informer* (1935) and *The Quiet Man* (1952).

★ ★ ★

***Seo thíos sleachta as píosaí cainte ar dearnadh taifeadadh orthu i Portland i dtús na 1980óidí agus ar thagair Michael Connoly dóibh sa léacht i nGaillimh:***

### Steve Concannon

Born December, 1990 in Derryloughane (seven miles west of Galway)

**Ag labhairt faoin nGaeilge –**
"We were all speaking the Gaelic, you know, at that time.
Steve had learned a little English working for one and one-half years as an agricultural laborer near Caherlistrane.

I preferred to talk Gaelic with my friends. They had to have a little English to buy or sell in Galway. If you tried to talk English among our crowd they'd say you were tying to put on the airs, you know.

In Ireland [Furbo] the teacher had several classes. Not much room for personal attention. We had to bring a side of turf for the two big fires. Classes were half in Irish and half in English. In West Galway there are some that didn't speak English at all. Once you leave Ireland you can't speak Irish with anybody else.

My uncle told me [in November 1921 when he joined the PLSBS] at that time there were 1,200 members. Really, 80 percent I would say of those members in the longshore union they were all Irishmen that came direct from Ireland. And they all spoke Gaelic. I felt right at home with them. That's all I cared to speak."

### Larry Welch

Born in Portland in 1902. Father from Half-Mace, mother (Loftus) from Dinish. **–**

**Ag labhairt faoin obair ar na dugaí i Portland:**
"There wasn't any Yankees there. They had more sense, for Christ's sake, I guess. It was a pretty close corporation. Who would hire them? – they're all Irish bosses. Who do you think they're going to hire? One time it was all Irish. They're the only mucks that would tackle it years ago before the union got any wages. It was not a good job, you know. They were driven in those days – nó safety precautions, nothing! I imagine just like any immigrant class, they got the shit jobs. I suppose that's how it started."

### Phil O'Donnell

Born in Portland of Irish parents and worked longshore fifty years (1929-1979). He was known locally as "The Harbormaster" or "The Iron Colt" (son of "The Iron Horse").

"Some of the greenhorns only had broken English. Bartley Mulkern was good at Irish. He was sent over to Ireland – the judge warned, there wouldn't be a next time. That Bartley was quite a boy!"

### Royal Caleb

Born in Portland of Scots and English ancestry. He was the oldest active PLSBS member in 1982 having worked over fifty years longshore.

**Ag labhairt faoi aighnis imeasc mhuintir Chonamara–**
"As long as you could hold us your own end, there was no animosity. I saw more animosity between Irishmen themselves than between other nationalities. Mulkern vs. Welch - them two were fighting all the time. The Twelve Pins of Connemara (that's the Twelve Points) – Welch came from up there in the woods. [Mulkern was] from down on the flats ."

**Ag labhairt faoin nGaeilge –**
Yes [there was lots of it spoken] but it just went right over my head; quite a lot, especially the real old ones. [He spoke of a relative, Roy Mulkern, from Peaks Island] – "I've heard him sing in Irish."


**Adhmad Teo.**

Casla, Conamara, Co. na Gaillimhe.

**KITCHEN UNITS • CÓFRAÍ**

***Troscán de chineálacha eile***
***Togha na hoibre***

**Fón : 091-572290**

# Dán an Uachtarán



*"Fáilte charthanach, mharthánach, chiúin, dheas, chóir,*
*An fáilte is deise dar chuir muid roimh dhuine ar bith fós.*
*Fáilte na máthar roimh an leanbh atá i mbroinn go fóill,*
*Fáilte agus fiche, tá muide ag cur na gcéadta leo.*
*Seo é Cearbhall Ó Dálaigh, Uachtarán Éire fré chéile*
*gan teorainn ach an fharraige mhóir."*

***Cóilín Máirtín Sheáinín as Muigh Inis – duine de fhilí agus de sheanchaithe móra an phobail agus buaiteoir Oireachtais go minic…agus an Fháilte a chur sé roimh an Uachtarán Cearrbhail Ó Dálaigh go Carna i lár na 1970óidí.***



***Boston 1950 Johnie Green (Biddy), Pat Connolly as an Spidéal, Bartley Faherty as Maigh Cuillin agus Pádraig Joe Choilim Liam (Ó Loideáin) as Roisín na Mainioch.***

# Drámaí Chill Chiaráin agus cuairt chuig Tigh Pháidí Sé



*Dráma sa sean halla i gCill Chiaráin – Jimmy Ó Ceannabháin (an Garda) agus Cóilín Mháirtín Sheáinín (geansaí geal), Máire Uí Chonaire ar chlé agus Mary Kelly(léine bhán) lena taobh. Máire Staff ar dheis uilig. Sin í Mary Moylan as an Aird Mhóir – an múinteoir anois..atá ag breathnú suas ar an nGardaí agus ar Chóilín.*



*Damhsa sa sean Halla i gCill Chiaráin – Dicky Hynes agus Mary Kelly; Joe John agus Bidín Phádraig Mhaidhc –bean Dara Beag; ina shuí ar chlé tá Pádraig Tom Phatch.*



*Tí Pháidí Sé i gCorca Dhuibhne i 1987 – ó chlé: Cóilín Clisam, Seán Ó Madaoín, Dara Bán Mac Donnchadha, Páidí Ó Sé…an peileadóir cumasach as Ciarraí…Fionnuala iníon le Joe John Mac an Iomaire agus Joe John é féin.*



*Cóilín Mháirtín Sheáinín as Muigh Inis agus Máire Uí Chonaire as an gCoillín sa dráma seo i gCill Chiaráin.*

# Féilte…buaiteoirí agus lucht Bulls Eye…2009



*Róisín Ní Éinniú as an Aird Thoir agus John Joe Ó Donnchú an Aird Mhóir a bhua an rása fear agus bean sna currachaí ag Féile Mhic Dara 2009.*



*Josie Sheáin Jeaic ar chlé agus Jimmy Ó Ceannabháin ag Féile Joe Éinniú 2009.*





*◂ Ag Fleadh Ceoil na hÉireann sa Tualach Mhór – clann Dara agus Mary Ó Flatharta buaiteoirí ag an ócáid. Sa líne cúil tá Mary Uí Fhlatharta, Micheál Ó Cuaig, Dara Dara Beag agus Áine Ní Chuaig.*



*Buaiteoir Chomórtas caitheamh Saighid Fhéile Mhic Dara i dTeach Ghlinsce – John Joe Ó Donnchú ar chlé; an réiteoir ag an gComóras Declan Mac an Iomaire sa lár agus Máirtín Johnny Willie as na hOileáin – an dara háit – ar dheis.*



*Fear eile a bhuail an Bulls Eye i 2009! Toghadh Seosamh Ó Cuaig ina Chomhairleoir Contae arís. Sa bpictiúr seo tá Seosamh agus a bhean Treasa ag ceiliúradh in Óstán Chuan Charna.*

# An Breathnach a mhicó!

**Séamus Walsh**

**– Comhairleoir Contae**
**– Údarás na Gaeltachta.**



**Bainfidh Séamus Breathnach cor as na húdaráis ar mhaithe le muintir Chonamara.**

**Tá cónaí orm sa nGleann in Uachtar Árd.**
**Teileafón….091-552726**

**Glaoigh no teara chugam – beidh fáilte romhat.**

**Mo chuid den Nollaig oraibh uilig.**

# Seán Ó Briain

## *- scéalaí Loch Con Aortha*

**Alt le Jackie Mac Donnchadha**

**Seán Ó Briain, 1852 – Eanair1934. ( Seán Éadbhairt )**
**Seachtú cúig bliain ó shin a cailleadh Seán Ó Briain.**

Rugadh Sean Ó Briain sa mbliain 1852. Ba as Cill Bhríde, in aice le Loch Measca do mhuintir a athar, agus ba de mhuintir Mhic Chonaola a mháthair.

I Loch Con Aortha a bhí cónaí air ó bhí sé dhá bhliain d'aois. Nuair a d'fhás sé suas, chaith sé tamall ina mhaor ar an nGabhlán i nDoire Iorrais, ach ba í an bhádoireacht a chleacht sé. Chaith sé tamall ag iascaireacht le na uncail Antoine Ó Conaola. Ba scéalaí mór le rádh a bhí in Antoine Ó Conaola agus ba amuigh ar an doimhin, ar an bhfarraige, a chuala Seán na scéalta.

Bhí Seán pósta le Nainín Reilly, agus bhí deichniúr clainne acu. Rugadh Nanín sa mbliain 1853, agus bhasaigh sí i 1925.Tá a sliocht, agus sliocht a sleachta, ar fud na hÉireann agus Mheiriceá.

Bhí a bhád féin ag Seán Ó Briain, agus bhíodh sí feistithe ag binn an tigh aige, i Loch Con Aortha. Rinne sé feirmeóireacht freisin le cur leis an saothrú farraige.

Bhí thart ar 50 scéal fada ag Sean Ó Briain.

Chaith an bailitheóir, Jermiah Curtin, thart ar cheithre mhí i gCill Chiarain, sa mblian 1892 / 1893, agus chaith sé cuid de'n am ag tógáil scéalta bealoidis ó Sheán Ó Briain. (obair eile a bhíodh idir lámh ag Curtin, ná ag déanamh aistriúcháin go béarla ó theangacha eile )

Cé go raibh roinnt gaeilge fóghlamtha ag Curtin blianta roimhe sin, ar a chéad chuairt go hÉirinn, ( 1887 ) ni bheadh baol ar a dhóthain aige, chun scéalta fada, fileata, Sheáin Uí Bhriain a thuiscint, ná a bhreacadh síos.

Bhí fear i gCill Chiaráin darbh' ainm Séamus Ó Laoidhe, a bhí ina chléireach sa bparoiste. Ba é Séamus a bhí ag déanamh an aistriúcháin, ó bhéal Sheáin Uí Bhriain go páipéar Churtin. Bhí luathscriobh ag Alma, bean Churtin, agus chuidigh sí go mór lena fear nuair a bhiodh sé ag scríobh.

Thagadh Seán Ó Briain go Cill Chiaráin mar ba ann a bhí na Curtins ag fanacht. Tigh Mrs. Cooke. ( Tigh Chlancy anois.) Dhá scor bliain d'aois a bhí an seanchaí an t-am seo.

Bhí scéalta Sheáin Uí Bhriain an – fhileata. Bhi go leór focail ársa, ghaelach, aige.
Bhí an – tuiscint ag Curtin ar chultúr agus traidisiún, agus thuig sé an tábhacht a bhain leis an obair a bhi idir lámha aige. Thuig sé go raibh carachtair agus múnla intinne san teanga nach raibh le sonrú in aon áit eile ! Ó'n méid a bhí le rádh aige san réamhrá do *Myths and Folk-Tales*, 1889, trí bliana roimh theacht go Cill Chiaráin dó, ba léir go raibh fios aige go raibh an ghaeilge, an cultúr, agus an tradisiún, ag meath. Ba é an chéad bhailitheóir a chuaigh chomh fada le foinse na litriochta béil, ie. an cainteóir dúchais. ( thaisteal sé ó dheas agus ó thuaidh freisin )
Cé nach raibh aon ghaeilge ag Curtin ag teacht go hÉirinn ar dtús, thuig sé an tábhacht a bhain leis an teanga ghaeilge. Chuir sé as go mór do Churtin nuair a fuair sé eolas ar an gcaoi a raibh ceannas togtha ar intinn mhuintir na hÉireann ag an iasacht. Teanga a bhí caomhnaithe go láidir ag glúnta eile, bhí sí anois mar chuma liom ag furmhór Éireannaigh. Sin beagnach céad fiche bliain ó shin, ó dúirt Curtin na focla sin.

Ar a chéad chuairt go hÉirinn duirt sean – fhear leis i gCuige Uladh nach raibh aonduine, in aon áit in Éirinn, a raibh an seanchas ná an béaloideas acu, mar go raibh siad caillte, curtha, le blianta fada!
Chomh maith le Seán Ó Briain, bhí togha na scéalaithe sa gceann thiar de pharoiste Iorras Aithneach an t-am sin. Agus gar go maith dhuinn fhéin, siar an bóthar, bhí Eamon A' Búrc, a bhasaigh i 1942.

Le linn aimsir Sheáin Uí Bhriain, agus roimhe, bhí nós na scéalaíochta ag dul i léig. Bhí an saol ag athrú, agus na sean nósanna ag imeacht. Ba mhór ab fhiú go dtáinig Curtin nuair a tháinig. Is mór an fiú freisin go bhfuil cuid de scéalta Sheáin Uí Bhriain scríofa síos.

Murach go dtáinig Curtin go Cill Chiarain nuair a tháinig, b'fhéidir nach mbeadh muid ag caint ar Sheán Ó Briain inniú. Cinnte, d'fhágfadh sin an – bhocht go deó muid. D'imigh dhá scór bliain, sula dtáinig aonduine eile le scéalta a thógáil ó Sheán Éadbhaird.
Ba in é an t-am a dtā́inig Seán Mac Giollarnath chomh fada leis.

Bhailigh Mac Giollarnáth scéalta ó Sheán Éadbhaird, agus tá teacht ar thrí cinn de na scéalta sin, san leabhar Loinnir Mac Leabhar, a foilsíodh sa mbliain 1936.
Sa réamhrá don leabhar sin, bhí cur síos ag Mac Giollarnath ar Sheán Ó Briain. Mar seo a chur sé síos air:
" Tá aghaidh gheanmhail, agus súile soillseamhla aige. Nuair a ligeann sé gáire, baineann a scairt mac alla as Cnoc Mordáin. Fear déanta grinn é ina chaint. Bhainfeadh sé gáire as Goll Mac Mórna, nó as Conán an duaircis, agus chuirfeadh sé Fionn sna trithibh le na ghreann.
Thóg sé beithigh agus caoire, agus chuir sé fataí agus coirce, sna paistí beaga reidh imeasc na gcarraig atá aníos as an talamh. Bíodh Fómhar maith aige, nó a mhalairt, bhí sé ariamh ina fhear sásta. Tá grá aige dá bhád, agus ní bhíodh rud ab fhearr leis, ná bheith ag seóladh go Rosmuc thar cuan, ag ceannacht earraí, nó go Bior Mór ag tógáil lucht feamainne. Níor chualas aon bhéarla ariamh aige."
Sin mar a dúirt Seán Mac Giollarnath faoí Sheán Éadbhaird.

Chuir Seán Mac Giollarnáth an t Ollamh Ó Duileárga in aithne do Sheán Éadbhaird san mbliain 1932. Bhí Seán Eadbhaird cheithre scóir bliain ag an am seo. Chaith Ó Duileárga cupla seachtain i gcuideachta an tseanchaí, agus thóg scéalta uaidh. Bhí intinn an scéalaí chomh maith is bhí riamh.
Dúirt Ó Duileárga go mba é Seán Éadbhaird an scéalaí ab' fhearr dár chuala sé riamh, agus chuala sé siúd cuid mhaith ina chuid taistil.
Bhásaigh an scéalaí Seán Ó Briain, ar an 1ú lá d'Eanair 1934.
Bhí píosa mór fada ag Seán Mac Giollarnáth san *Irish Press* faoí Sheán Éadbhaird, ar an 8ú lá dEanair, 1934.

Fathach an bhéaloidis ab ea Seán Ó Briain.
Tá sé ag fanacht leis an mbailitheóir eile, i reilig Chill Chiaráin.
Ní loicfidh sé an iarraidh seo ach an oiread.

## THE IRISH PRESS - MONDAY JANUARY 8, 1934

# A GREAT STORY TELLER IS DEAD

By S. Mac G.

**SEAN O BRIAIN**, storyteller of Lochconeera, Cill Ciarain, Connemara, has died at the age of 82. He was held to have been the greatest of contemporary *sgéalaidhthe*. At three o'clock on the afternoon of New Year's Day he left this life in great peace. He had been ill only a fortnight, he knew that his life was over, and at first was very downcast about parting. He was conscious to the end, and after he had received the last Sacrament he became very resigned. *Ar dheis Dé go raibh se.*

To the many who regarded him as the greatest living *sgéalaidhthe*, his death marks the passing of a generation. Irish was his only language. He was in unbroken continuity with the Gaelic past, and his keen brain and richly stored memory made him a man of culture and intelligence who appeared under no handicap for want of English.

He had never been a man very secure in the wealth of this world, but he was rich in contentment and in the possession of a stock of wonderful tales and of great artistic skill in telling them. One who has seen and heard most of our living storytellers has declared him to have been king of them all. A man of great size and strength in his time he could be as gentle with little children as a mother. His small house was full of grandchildren, all Irish speakers and lovers of *sgéalaidhtheacht*. It was the old man's chief delight in his very last months to charm these children with his tales of magic and adventure. Like the grandchildren in the Blaskets, their endearing name for grandfather is *daideo*.

**A Rare Art**

There are still in Connemara large districts where little English is spoken, and there are homes where no English is used. In many homes, storytelling has survived, but it is a rare art and it is only when we hear an accomplished *sgéalidhthe*, such as Sean **O Briain** was, that it comes home to us that this now fugitive art was a highly refined one when Irish culture was the common possession of many.

In the telling of his stories, Sean **O Briain** became possessed by the spirit and power of their genius. The very flow of the language served him and his delivery in the heroic tales was like that of an actor; he could not pause or suffer interruption to the end of the passage. He recited with great clarity and always as if before a large audience.

He was entirely free of the pedantry which characterizes some storytellers, and which used to envelop some of the old pipers, but while seemingly unconscious of his art, he displayed it as one who had learned in a school of great traditions. He spoke with great fluency and his tales when written down verbatim had most of the folklore graces, and good literary form. His asides, spoken in undertones, emphasized ironical and humorous situations. The roll of descriptive periods telling of combats of high seas and ships in peril, was given the full note.

His memory was unfailing up to the last month of his life. The recital of a tale of ten thousand words was done with-out interval or effort, and the words in their sequence were part of the very text of his memory, as were the incidents. It was a great pleasure to hear his humorous tales. In them the storyteller found an unfailing delight which he was able to communicate even to those who had repeatedly heard them. His heroic tales are unexcelled in folklore.

**For Nights At Sea**

The way in which he learned the long tales illustrates the fugitive life of our language and literature in recent generaions. In his youth he used to hear the recitals of his uncle Anthony **Conneely**, a fisherman of Galway. There was no formal teaching or learning, but the nephew must have had an aptness for memorizing and a keen desire to possess such a repertoire as made the older man the admired raconteur of many fireside gatherings, and in the fishing boat during the long nights at sea. Anthony **Conneely** found the traditional grave of many fishermen over thirty years ago, but thanks to Seán **O Briain**, his stories have survived him. **Curtin**, the American folklorist, discovered **OBriain** over forty years ago and recorded in

(continued)

translation several of his tales, which may be read in English in **Curtin**'s volumes of Irish folklore. Practically all his stories were recently recorded in Irish by two members of *Institute Béaloideasa*.

Figures like Seán **O Briain** were common to our Irish culture, which is still rapidly perishing. It is in the grand old men of the Gaeltacht that we may see how Gaelic culture was the common lot before the new order conquered. The importance of sean-sgéalaidheacht in the survival of the language has never been fully recognized. The storyteller gave to his hearers a great body of literary language in artistic form, and for them no other form of literature was available, if we accept the songs and *dánta*. The story-tellers are going and the recording of their wealth of folklore is very urgent. If the revival had in its early years seized the colleges and universities, preachers, orators and teachers would have found the best of models in men of the type of this Seán **O Briain**.

It is remarkable that the sections of our race most affected by the economic effects of plantations, clearances, and penal laws are the very people most faithful to our own language and culture. One cannot avoid remembering that the barren rocks of Lochconeera, between the hills and the sea, are not a fitting heritage for people who so nobly cling, in the face of all example, to the tongue and the culture of their fathers. This notice of the departure of our *sgéalaidhthe* may fittingly close with a note on his way of ending a story. Often he gave the usual humorous ending, associating himself with the characters of the tale, but frequently he ended with a prayer which was very impressive. It was: *Sin é mo sgéal-sa, Dia le mo bhéal-sa. Tioc-faidh an t-éag, 'S ba mhór an sgéal; Beannacht Dé le hanam' na marbh, Amén.* (That's my story, God be with my mouth. Death will come, and that would be a great story. The blessing of God be with the souls of the dead.)


# Coláiste Sheosaimh Teoranta

Cill Chiaráin, Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe.

*Eolas iomlán ar fáil :*

**Rúnaí Áitiúil**

Rita Mhic an Iomaire
Cill Chiaráin
Conamara
Fón: 095-33412

**Stiúrthóir**

Ciara Nic Mathúna
Inis Bheag
Cill Mháille
Inis, Co. an Chláir
Fón: 065-6839670
087-2767833

# Tigh Mheaic

CARNA

**Ceol & Craic gach seachtain**

Bia ar fáil - Bricfeasta, Lón, Dinnéar

*Cóisir agus Lónadóireacht Baile (Home Catering)*



**Fón: 095 32730/ 087 2826244**
**tighmheaic@gmail.com**
**www.bebo.com/TighMheaic**



# Tráthnóna aoibhinn i gcuideachta Mháire Uí Cheoinín

***(cuid a dó)***

**le Ken Nilsen**

*(Ollamh le Léinn Cheilteach in Ollscoil Naomh Proinsias Xavier, Antigonish, Nova Scotia, Ceanada).*

***Foillsíodh an chéad chuid den phíosa cainte a rinne Ken Nilsen le Máire Uí Cheoinín as Leitir Ard in eagrán na bliana anuraidh de "Iorras Aithneach". Thug Ken cuairt ar Mháire ina teach i Leitir Ard san Aibrean i 2005. Bhíodar ag caint faoi óige Mháire ( i South Boston a rugadh í agus tháinig sí anall agus i ina gasúr). Ba as Arainn a hathair Pádraig Ó Dioráin agus ba as Leitir Ard a máthair Nóra Ní Ghuairim. Caintíodh ar an gcuimhne a bhí aice ar South Boston, an turas anall ar an mbád mór agus ar an imirce as Conamara go Meiriceá. Sa dara cuid seo den phíosa cainte a rinne Ken Nilsen le Máire Uí Cheoinín, beannacht Dia lena hanam anois, bhí tuilleadh tráchta ar imeachtaí an tsaoil agus ar chlánn Mháire agus Sheán Cheoinín féin i Leitir Ard.***

## 'Sall agus anall

**Ken Nilsen** - Well chuaigh go leor de mhuintir Árann agus Chonamara go Meiriceá.

Máire - Ó, chuaigh, chuaigh.

**K** -Tá siad ann fós. Tá cuide de do chlann fhéin thall i New York.

**M** -Tá iníon liom pósta, beirt mhac tóigthí suas aice, múinteoir scoile bhí innte agus phós sí *male nurse* agus chuadar go Meiriceá agus rinneadar go maith.

**K** -Agus cáil sí sin?

**M** - I New York. Agus tá iníon eile liom tá sí ag obair, bhí mé a' caint léithe inniu. Tá sí sin ag obair i New York.

**K** - Agus cén áit i New York a bhfuil siad ina gcónaí

M- Queens, Woodside.

**K** -Tá na hÉireannaigh ann.

**M –** Bh'anam go bhfuil agus cuimse acu.

**K** -Nuair a bhí tú ag éirí suas raibh daoine a' cuartaíocht ag an am?

M- Ó, bhíodh, ó bhíodh, thagadh seanmhná isteach, théidís, well go mór mór, Dé Domhnaigh théidís a' cuartaíocht.

**K** - Cé hiad na seandaoine a bhí thart anseo ag an am?

**M** - Well na comharsanai mar déarfá.



*Máire Uí Cheoínín*

**K** - Cé hiad?

**M** - Muintir Chualáin, is muintir Ghuairim is mar sin.

**K** - A' raibh seanchas acu?

**M** - Ah muise, bhídís a' seanchas ar an teallach. Nuair a bhí muid ag éirí suas ní raibh aon aird againn air. Bhí muid ro-aerach.

**K** - Ar chuala tú aon scéal? A' raibh seanscéalta acu?

**M** - Ah muise bhídís a' caint ar taibhsí, a' caint ar rudaí den tsórt sin, bhíodh, bhíodh.

**K** - Raibh aon rannta do pháistí acu nó raibh aon rud i nGaeilge le haghaidh na bpáistí?

**M** - Dheamhan blas, bhídís a' cur an páistín ina chodladh is déarfaidís, "Hó bhaighn mo leanbh is gabh amach a' bou-bou."

**K** - Nó ar chuala tú riamh "Lúrabóg, lárabóg?"

**M** - Muise, m'anam go gcualas. Agus bhídís a' góilt mar seo, "Lúrabóg, lárabóg, buí Ó Néill, Néill a' phriobáin, priobán súileach, súileach soicneach, thall i gcoileach" agus bhuailfidís de laisc ansin thú. Chualas, by dad. Is dóichí gur chuala tú i nDoire Bhéal a' Mhám' é.

**K** - Chualas.

**M** - Cén áit i nDoire Bhéal a' Mháma raibh tú?

**K** - Bhí mé le Pádraic Mháirtín Pheatsaí.

**M** - Pádraic Mháirtín Pheatsaí.

**K** - Seoigeach.

**M** - Ba Seoigeach mo mháthair mhór ar thaobh mo mháthar agus is isteach as an taobh sin tháiniceadar, áit a dtugaidís an Uilinn Thiar air,



*Seán Cheoinín*

Elbow West.
**K** - Tá's a'm é.
**M** - Agus tháinicdar sin go Seanach Dúnaill, cnoc atá thuas ansin agus as sin a tháinic mo mháthair mhór, Mary Tom Seoige bhí uirthi.
**K** - Ar chuala tú aon seanchas ar na daoine sin?
**M** - Níor chualas. Cén t-ainm a thug tú aríst ar a' bhfear sin?
**K** - Pádraic Mháirtín Pheatsaí. Bhí sé pósta le Mary Melia.
**M** - Bhí col-ceathar do mo mháthair pósta amuigh ansin ag Seoigeach. Thomas Tom a bhí air, déarfainn. Tá mac i gcónaí ann, Máirtín Thomas Tom.

*** *** ***

## Amhráin agus bhéarsaí

**K** - Bhí muid a' caint ar a' seanchas a bhí ann. An t-am sin bhí seanphaidreachaí acu.
**M** - Ó bhí. Níl aon cheann acu sin agamsa. Níl. Sin rud nach bhfuil agam.
**K** - Agus ar ndóigh bhí amhráin acu.
**M** - Ó, bhí mo mháthair thar cionn ag gabhail fhoinn agus m'aintín, bhí, agus an dream sin ar fad.
**K** – Cé na hamhráin a bhí acu?
**M** - Ó muise, bhíodh "An tSeanBhó Bhán," bhídís a' caint uirthi, agus bhíódh "Cuaichín Ghleann Néifinn" agus chuile cheann acu sin ar fad acu, bhíodh, bhíodh.
**K** - Agus bhí rud eile acu thuas i nDoire Bhéal a' Mháma "Muise is óró mhíle grá."
**M** - Ah muise, tá sé sin a'inn i gcónaí.
**K** - Bhfuil aon cheann a'd?
**M** - Tá neart acu a'inn. "'S óró mhíle grá, nach í an Ríméad rinne an dúiseacht nuair a phlúch sí an Cailín Bán." Sin dhá bhád, an Ríméad agus an Cailín Bán, agus bhuail ceann acu an ceann eile, dtuigeann tú? "Nach í an Ríméad rinne an dúiseacht nuair a bhuail sí an Cailín Bán." Agus ceann eile, "Má bhí braoinín fuisce ar Ríméidín, níor roinneadh é le greann."
**K** - Meas tú cé rinne iad?
**M** - Ó muise, bhíodh chuile dhuine dhá ndéanamh an t-am sin. Chuile dhuine a' déanamh a phíosa fhéin. Bhí.
**K** - Bhfuil aon cheann eile a'd?
**M** - Bhí ceann eile ann, "'S óró mhíle grá, teara thimpeall in do phúcán is beidh seans a'd ar an ngeall." Bhíodh lucht na farraige a' déanamh an diabhail ar a chéile.
**K** - Raibh na báid sin ann nuair a bhí tú …
**M** - Bhí na húcaeirí ann, bhí cuid acu ann ach tháinic na lorries isteach agus stop sé iad sin. Bhí m'fhear céile, bhíodh sé a' seoladh. Ó, an-fhear seoltóireacht. D'oibrigh sé sin crua leis na báid, d'oibrigh, d'oibrigh, d'oibrigh.
**K** - Cén cineál báid a bhí aige?
**M** - Bhíodh sé ag obair ins na húcaeirí mar déarfá, a' tarraing an plúr agus chuile shórt as Gaillimh. Ní raibh aon lorry ann an t-am sin. É fhéin agus an dritheáir, bhí.

## Seán ag cumadh agus Máire ag scríobh

**K** - Cén t-ainm a bhí ar do fhear céile?
**M** - Seán Ó Ceoinín.
**K** - Raibh ceol aige?
**M** - Chum sé go leor amhráin. Chum sé go leor amhráin. Bhíodh sé sin a' cumadh agus mise a' scríobh.
**K** - Cé na hamhráin a rinne sé?
**M** - "Amhrán a' Hunter," "Amhrán a' Chapaill," "Bóithrín na Smaointe," "Amhrán na Beirtrí," agus tá leabhar, tá cuid acu scríofa sa leabhar.
**K** - *Seoltóireacht Ghéar*.
**M** - *Seoltóireacht Ghéar*. Well, sin é m'fhear céile agus a' peictiúr atá taobh amuigh air sin é peictiúr m'fhear céile.
**K** - Agus cé chaoi ndéanadh sé na hamhráin?
**M** - Well, bhíodh sé suite síos agus é a' caitheamh tobac agus chuimhníodh sé ar véarsa agus scríobhadh sé píosa agus scríobhadh mise agus b'fhéidir gur thiar ina chodladh a bheadh sé nuair a chuimhneodh sé ar phíosa.
**K** - An ndúisíodh sé thú?
**M** - Chaithinn a dhul a' scríobh,



***Seo é an tOllamh Ken Nilsen ar dheis, Joe Puliafico ar chlé agus asal Joe … "Micilín" … i lár baire. Tógadh an pictiúr ag Tí Joe Puliafico i Muigh Inis.***

chaithinn, chaithinn.
**K** - Raibh duine eile in a chlann nó in a dhream a' déanamh suas amhráin?
**M** - Ní raibh. Bhí an-chloigeann air. Rinne sé video le Roinn a' Bhéaloidis i mBleá Cliath.
**K** - Ó, ní raibh fhios agam é sin.
**M** - Rinne. Is féidir a dhul isteach go Roinn a' Bhéaloidis i mBleá Cliath. Tá an fear ansin, Liam Mac an Iomaire.
**K** - Tá fhios a'm é.
**M** - Sea, fear deas.
**K** - Cé rinne a' video?
**M** - Well, bhí …
**K** - Anseo a rinneadh é?
**M** - Anseo a rinneadh é. Bhí Ríonach Uí Ógáin, bhfuil aithne agat uirthi?
**K** - Tá.
**M** - Cailleadh a hathair an lá cheana.
**K** - Bhí mé a' caint leis cúpla mí ó shin.
**M** - Bhí aois mhaith aige.
**K** - Bhí, bhí sé nócha dó.

***        ***        ***

**K** - Well, go raibh míle maith agat a Mháire.
**M** - Fáilte romhat.
**K** - Bhfuil aon rud eile ba mhaith leat a rá?
**M** - Well cér bith céard is maith leat fhéin.
**K** - Well, díreach, má tá aon phíosa d'amhrán nó dán beag nuair a bhí tú ar scoil.
**M** - Fan go bhfeice mé. Dá gcuimhneoinn ar thada anois. Bhíodh rann beag againn, rann don naíonán:
Bhí caitín beag bán agam thiar ag a' gcró
Ba mhór é mo mheas air b'fhearr liom é ná bó
Bhíos caillte ag na francaigh go ndeachas ar a thóir
Ach ní dhíolfainn anois é ar mháilín beag óir.

Cuimhním air sin. Is i rang na naíonán a d'fhoghlaim mé é sin.



*Máirtín Ó Malóid as Carna agus Gillian de Paor ... phós siad i mBaile Chaisleán Béartha i gCorcaigh ar an 25-7-2009.*

ÉIRE

**COMHAR CREIDMHEASA CAISEAL CONAMARA**
**CASHEL-CONNEMARA CREDIT UNION LTD**


TEACH AN ÚDARÁIS CARNA
AMANTA OSCAILTE
6-7 DÉARDAOIN

TEILEAFÓN
AN CAISEAL 095-31128
AN CLOCHÁN 095-21101
IASACHT UAIT?
FÁN GAR GO BHAILE LEIS AN gCOMHAR CREIDMHEASA

MRI CARNA

Martin Ryan Institute, Carna

Institiúid Mháirtín Uí Riain, Carna



**Is é atá mar aidhm ag MRI Charna tacú leis an tráchtálú inbhuanaithe atá á dhéanamh ag pobail chósta agus Ghaeltachta na hÉireann ar ár n-acmhainní muirí trí chláir ghníomhacha a eagrú sna réimsí seo a leanas:**

- **Scrúdú a dhéanamh ar speicis nua a bheidh feiliúnach do shaothrú atá inmharthana ó thaobh an chomhshaoil.**
- **Nuatheicneolaíochtaí a oiriúnú agus a thástáil a luaithe agus a bhíonn a leithéid ar fáil.**
- **Comhcheangail a éascú idir earnálacha áitiúla tráchtála agus earnálacha feidhmeacha taighde.**
- **Saineolas a bhailiú maidir le raon disciplíní muirí.**

Déan teagmháil le:

**MRI Charna 095-32201**

# Fir na hAirde Móire




*Dara Dara Beag (Ó Flatharta) an Aird Mhóir*



*Joe Sheáinín (Ó Donnchú) an Aird Mhóir.*




*Josie Moylan (an Aird Mhóir) agus Aire na Gaeltachta Éamon Ó Cuív.*




*Josie Curran agus é fad-radharcach!*

# Bád Father Carter



*An bád seoil a bhí ag Father Carter nuair a bhí sé ina Shéiplíneach i gCarna idir 1955-1964*
*Tá Pádraig Joe Phádraig Sheáin Fheidhlim (Mac Donnchadha) as an Aird Thiar dá gabhail sa bpictiúr seo. Sé Cóilín Mhaitiais Uí Cathasaigh as Muigh Inis atá chun tosaigh agus sé Father Carter é féin atá sa lár.*

# Gasúir Mhuigh Inse



*Gásúir Mhuigh Inse riar blianta ó shin: Chun tosaigh Colm Ó Cathasaigh (ar chlé) agus Máirtín Ó Cathasaigh. Líne cúil ó chlé- Seán Pháraic Ó Clochartaigh, Páraic Joe Pheigín Sheáin Ó Conghaile (nach maireann) agus Seán Ó Cathasaigh.*

# I bhfad ó shin…I bhfad siar… Saol eile




*Gasúir scoil ar shráid Charna tráth den tsaol.*




*Tógadh an pictiúr seo as an áit a bhfuil Teach Ghlinsce anois. An teach atá ansin ar dheis – sin é an teach a raibh cónaí ar Mháire Bhán ann…in aice le Scoil Ghlinsce. Níl an teach sin ann le blianta fada ach tá na Beanna Beola amach ó thuaidh ann i gcónaí!*

# An Fear darbh ainm OLDMEADOW agus a chuid cneámhaireachta i gCarna

*le Seosamh Ó Cuaig*

**Is iomaí duine mór le rá ariamh a fuair lóistín in Óstán Mhongáin i gCarna. Bhí an drámadóir John Millington Synge ann an t-am ar thug sé cuairt ar na saortha báid i Maínis. Chaith na scríbhneoirí Sean-Pháraic Ó Conaire agus Seán Ó Faoláin sealanna ann. Bhíodh an-fhonn ar Shean-Pháraic a ghabhail ag iascach ar Loch Scainimh. Is ann a bhí Seán Ó Faolain nuair a scríobh sé alt dar teideal "Dream and Reality in Irish Books" ar an 22 Meán Fómhair 1935. Foilsíodh an t-alt sin sa bpáipéar nuachta "The New York Times".**

Bhíodh polaiteoirí mór le rá san Óstán go minic – cairde an Teachta Dála Josie Mongan a mba leis an áit. Orthu siúd bhí Liam Mac Cosgair agus James Dillon. Is ann a casadh a bhean chéile ar James Dillon.

Chaith an t-amhránaí Count John Mc Cormack oícheanta in Óstán Mhongáin. Ní raibh a fhios agam go dtí le gairid gur tháinig Lady Gregory an bealach. D'ith sí lón san Óstán ach níl aon chruthú agam gur chodail sí an oíche ann. Seo í an bhean a bhunaigh Amharclann na Mainistreach, in éineacht le W.B Yeats, John Millington Synge agus daoine eile. I dteach mór breá in aice leis an nGort i ndeisceart na Gaillimhe a bhí cónaí ar Lady Gregory.

I mí an Mheithimh 1905 a tháinig sí go Carna. Scríobh sí ag cara léi ag an am. "*I arrived in the village of Carna and my car driver informed me it was a place that had been let to an English gentleman, but he had been evicted for non payment of rent. This was Mr. Oldmeadow! My car driver was eloquent as he had gone off owing him £3. He owed money in the shops and to a poor man who worked in his garden. In fact the only money he had paid was to a police constable and when the cheque was put in there were "no assets" and the constable threatened to arrest him, and he then provided money. "He was a sort of lad that would always be dodging". Looked like a clergyman "but there is no church would have a use for one of his sort." He made some inadequate excuses for not paying rent, but the Congested Districts Board sent him a notice to quit, by the police, and he hurried off before the shopkeepers and other creditors knew of it or could seize his goods, which were*



***Lady Gregory – bhí sí in Óstán Mhongáin i gCarna i 1905. Bhuail an bacach Oldmeadow bob uirthi freisin.***

*chiefly books and a piano. He then imported some flat bottomed boats from England and had not paid for them, but sold them before he left. He had his misses with him, taller than himself, fair hair and with clear complexion. He had amused himself by fishing and shooting. This was the car driver's account, but I stopped to lunch at The Carna Hotel and the landlady said poor Mr. Oldmeadow had been a riddle, and she pitied him very much, feeling sure he had seen better days. He had not done her out of money, except that he had persuaded her to have pictures taken of the neighbouring lakes, saying he would have them reproduced as cards which would bring swarms of people to the Hotel, and she spent £5 on the pictures and gave them to him for his cards. He said, when his cheque was dishonoured, that he had a partner called Crossland, who had spent all the money, but that his father-in-law, Mr. Dawson, could pay everything. He attended Mass regularly and told some man he was out with, that he had been a clergyman, but that one morning as he was washing his hands in a basin of cold water, it came upon him that he should turn Catholic. His wife though not a Catholic also attended mass. When we left my driver said the reason this woman spoke kindly of him was that she had got a bargain on the flat bottomed boats…. If Oldmeadow makes anymore demands on Bullen, tell him to say there are people in Carna who will be glad of his address."*

Cerbh é Oldmeadow chor ar bith? Tá a méid seo notaí sa leabhar a bhfuil an litir luaite inti –

"Ernest James Oldmeadow (1867 – 1949), a former Nonconformist minister, author, editor of the Dome (1897 – 1901), and sometimes owner and proprietor of the Unicorn Press, which published many fine books, including W.T Horton's A Book of Images, Beltaine, and a collection of essays by Irish authors including Ideals in Ireland edited by Lady Gregory. Lady Gregory, W.B Yeats and Bullen had all suffered from Oldmeadow's financial sharp practice.

Is léir go raibh Oldmeadow ag scéimeáil ar feadh píosa mór dá shaol agus níor éalaigh íseal ná uasal uaidh. Níor fhág sé an cheird sin ina dhiaidh nuair a chaith sé seal i gCarna ós cionn 100 bliain ó shin.

**Tuilleadh Eolais**
Bhí an píosa scríbhneoireachta sin thuas déanta agam nuair a casadh tuilleadh eolais dhom faoi Mhr. Oldmeadow. Tuairiscí ar na cruinnithe a bhí ag an Congested Districts Board a chuir imo bhealach é:

**8 October 1902** …. Knockboy Farm and Lodge for sale ….£1,200 …. Will take £1,000 …

**12 February 1904** …. The Board decided to accept the following offer from Mr. Oldmeadow for the purchase of Knockboy Lodge, namely:

1. To rent the whole place with contents, except agricultural implements, from 1st April to 31st December, 1904, at the rate of £80 a year, payable quarterly in advance.
2. To have the option of purchase before the 31st December, 1904, at £1,100 for cash.
3. To keep at least two men in constant employ, to maintain the place in good order, and, if not purchased, to return the place in satisfactory condition.
4. To shoot (or allow shooting) only to occasionally supply his own table.

Mr. Oldmeadow proposed to continue the forestry operation, and to try to teach high-class bookbinding.

16th December 1904. Legal proceedings have been instituted against Mr. E. J. Oldmeadow for the recovery of the rent of £60 due by him for Knockboy Lodge and lands and the case has been listed for hearing in Dublin on Monday next.






# Bláthanna Breátha Suzanne

Full Floristry Service

Wedding Package from €350
Full Bridal and Church/Venue Service
Full range of fresh floral tributes for funerals
Designer funeral tributes i.e. Teddy Bear, Anchor, Open Book, etc…
Grave Spray/Wreath from €30
Bouquets & Floral Arrangements form €30
Christmas Grave Sprays and Candle Arrangements from €15

Contact Suzanne at 095-32827/087 2020792

Free local Delivery
Sample of Products and References available on request

# CARR'S

CARPET & FURNITURE CENTRE
Galway Rd., Clifden

**Tel: (095) 22070**
**Fax: (095) 22070**

*Retailers of Carpets, Vinyl, Hardwood Flooring, Furniture, Curtains, Roller Blinds, Bedding.*

**FREE MEASURING -**
We will call to you home to measure and quote.

**OPENING HOURS:**
Monday - Saturday 9.30 am - 6.00 pm,
6 days a week

# Seaimpíní an Iarthair – Sóisir “B”-2009



*Foireann agus traenálaithe foireann sóisir Charna/an Chaisil a bhuaigh Sraith an Iarthair nuair a bhuail siad Naomh Micheál as Gaillimh ar pháirc an Spidéil ar an 12ú Nollag 2009.*

**Líne cúil, ó chlé:** *Conal Ó Laoi, Micheál Ó Clochartaigh, Seosamh Breathnach, Seáinín Breathnach, Colm Ó Neasa, Pádraig Ó Dubháin, Éamon Ó Mealóid, Concubhar Ó Cadhain, Nollaig Ó Niaidh, Máirtín Óg Mac Donnchadha, Frank Seoige, Daniel Ó Conaire, Ciarán Ó Tuathail, Seán Ó Niaidh agus Pádraig Ó Caonaigh.*

**Líne tosaigh, ó chlé:** *Pádraig Ó Clochartaigh, Pádraig Óg Ó Coirbín, Cóilín Mac an Iomaire, Éamon Ó Cualáin, Tomás Ó Maolchiaráin (Caiptín), Seán Óg Ó Cualáin agus a mhac Dara, Seán Ó Coirbín, Micheál Ó Clochartaigh (Muigh Inis) agus Cathal Ó Loideáin.*

# Seaimpíní 2009 – Sraith an Iarthair



*Bhuaigh foireann Charna/an Chaisil Sraith Idirmheánach i Rannóg an Iarthair nuair a bhuail siad Cill Chonla ar Pháirc na Fáirche ar an 13ú Nollaig 2009.*

**An líne cúil, ó chlé:** *Beartla Ó Cathasaigh, James Ó Flatharta, Seán Ó Cathasaigh, Seán Ó Cillín, Seosamh Ó Cathasaigh, Colm Ó Loideáin, Marcus Mac Fhlannchadha, Colm Ó Dubháin, Seán Seosamh Ó Cuirrín agus John Mhaggie Ó Flatharta.*

**Líne tosaigh, ó chlé:** *Seán Ó Coirbín, Niall Ó Cadhain, Seosamh Seoige, Dónal Ó Dubhda (caiptín), Val Ó Féinnidh, Micheál Ó Cathasaigh, Ciarán Ó Cillín, Concubhar Ó Cadhain agus Seosamh Breathnach. Bhí socrú déanta ansin go n-imreodh Carna/an Caiseal in aghaidh Mhuine an Mheá sa gcluiche ceannais an Satharn dár gcionn ach beidh irisleabhar "Iorras Aithneach" i gcló an uair sin.*

# Leonard Doyle

**Ollmhargadh Mhic Oireachtaigh**
**Carna**
**Conamara**
**Co. na Gaillimhe**
**Fón 095-32239**



## Búistéara




National Lottery

## Fíon



## Bácús



*Beannachtaí na Nollag*
*don phobal uilig.*

# Pósadh



Colm Conway as Baile Chláir Co. na Gaillimhe agus Máire Ní Mhaoilchiaráin as Leitir Deiscirt. Phós siad 8-8-2009 i Séipéal Charna.



Nollaig Ó Guairim as Roisín na Mainíoch agus Ann Marie Ní Dhomhnaill as Cloch na Rón a phós i Séipéal Chloch na Rón ar an 8-8-2009.



Máire Ní Fhéinidh as Leitir Deiscirt agus Adrian Moroney as Corcaigh a phós i Séipéal Charna ar an 17-10-2009.



Treasa Nic  an Iomaire as Leitir Ard agus Declan Hester as Sligeach a phós i Séipéal Chnoc na Cathrach ar an 18-9-2009.

# Debs..Debs..Debs....



Eileanór Ní Chuaig (Aill na Brún) agus Máirtín Mac Donnchadha (an Aird Mhóir).



Ó chlé … Rory Ó Ceallaigh, Bridget Ní Chlochartaigh (Garraí an Chlochair), Cillian de Búrca (Bantrach Ard), Sorcha Nic an Iomaire (Caladh bhFuínnse) agus Seosamh Ó Cathasaigh (An Más).



Sarah Ní Chlochartaigh (Muigh Inis) agus Aindriú Mac Donnchadha (An Aird Mhóir).



Aoife Ní Fhoghlú as Duibhithir.



Michelle Ní Chuaig réitíthe le haghaidh na DEBs agus a máthair Martina.



**Ag ócáid in Óstán na Páirce sa Spidéal anuraidh….ó chlé Briain Ó Cuinneagáin an daimhseoir as an gCaiseal, Josie Sheán Jeaic, Johnny Mháirtín Larry, Mattie Joe Shéamuis (Raidió na Gaeltachta), agus Johnny Sheáin Jeaic.**

# Deirfiúracha



Na Cualáin as Carna – clann Stiofáin… Ó chlé Rosaleen, Tríona (Mhic Dhonnchadha), a ndeirfiúr chéile Dervla agus Irene.



Na Cadhain as Gabhla…ar chlé Ann (McGowan) anois i mBoston agus Christina (Uí Chríodháin) anois i Maigh Cuillin.



Na Cathasaigh as Muigh Inis…Ó chlé: ……Bairbre Ní Chathasaigh, Ann (Mhic Dhonnchada) Cill Chiaráin; Máire (Uí Chuaig) Muigh Inis agus Caitlín (Uí Chlochartaigh) Muigh Inis.



Na Ceoiníní – an lá ar phós Catherine (phós sí Tadhg de Nash as Ciarraí). Ó chlé…Philomena, Máirín, Catherine, Nóra, Peige agus Bairbre.



Máire Bolger (Moylan) agus a deirfiúr Elizabeth Moylan as an Aird Mhóir.

# Ócáidí



**Ag Ceolchoirm na gCuinneagáin – na damhseoirí - sa Forge i Maigh Cuillin i mí Dheireadh Fómhair. Líne cúil, ó chlé: Sharon Ní Niaidh as Leiteanach, Marie Mhic an Riogh (Caiseal agus Leitir Ard), Robbie Fallon (Bun na hAbhann agus Gaillimh), Seán Ó Caonaigh (Gabhla), Aisling Ní Mhealóid (Carna), Bairbre Uí Fhallúin (bean chéile Robbie), Caitlín Uí Niaidh (Leitheanach) agus J.J Ó Niaidh (Leitheanach). Tá Micheál Ó Cadhain (Gabhla) agus Treasa Nic an Iomaire (Leitir Ard) ina suí sa lár.**



**Ag Comórtas Peile na Gaeltachta i Ros Muc sa Meitheamh…na gasúir ó chlé – Shaunadh, Róisín agus Máirtín Ó Clochartaigh as Muigh Inis agus a máthair Sarah (leis na spéacláirí dubha). Tá Gearóidín Nic Táibhís ar chlé uilig.**



**Ag chéad lá acu i Scoil an Chonvent i gCarna i mbliana … Ciara Ní Dhúnshléibhe as Carna agus Katie Ní Shúilleabháin as Loch Con Aortha.**

# I seirbhís na tíre – in Éirinn agus i Meiriceá



Liam Ó Flaherty mac le Danny Ó Flatharta as an Aird Mhóir agus é théis a chuid traeneála a chríochnú sna Marines in Arm Mheiriceá i mbliana.




Roisín Ní Dhubháin as Roisín na Maníoch, ball do Chúltaca Arm na hÉireann, nó an FCA mar a thugtaí ar.



Micheál de Bháird as an Aird Thiar – ball de Chúltaca Airm na hÉireann.



Aisling Ní Choiribín as an Aird Thiar, ball do Chúltaca Arm na hÉireann.

# *Ainmhithe an Phobail*



"Tabharfaidh mise leadóg dhóibh" – Caeser…gadhar na nGríofach i Muigh Inis.



"Ní bhacfaidh mise leis an leadóg – b'fhearr liom mo scíth a ligean" – "Louis", gadhar Shiobháin Ní Ghriallais as an mBantrach Ard.



"Fanaigí amach ón leaid beag" – gabhar agus mionnán ag Máirtín Ó Gríofa i Muigh Inis.



"Meastú an bhfuil aon bhó ag teacht thart?" – tarbh a bhí ag Gearóid Seoige i nGabhla.






"Compóird" Shep – gadhar le Pádraig agus Nóirín Uí Mhaoilchiaráin as Caladh bhFuínnse agus a cháirde ar a dhroim!

# Imithe sna Faoileáin!




“Sergeant Seagull”! Landáil an faoileán seo ar “Squad Car” Charna agus chuaigh ar thóir ardú céime – coisméig suas agus coisméig chun cinn!




Tá áird ag an mbeirt seo ar an saol – dhá asal i Ros a’ Mhíl ag déanamh staidéir ar phóstaer Sheosaimh Uí Chuaig aimsir an toghcháin - Meitheamh 2009



Gorilla a tháinig isteach Tigh Mheaic i gCarna oíche Shamhna.



Bhí bean rialta agus a cara Tigh Mheaic oíche Shamhna freisin.



Ní dheachaigh Naomh Pádraig bocht chuig ócáid oíche Shamhna. Ag beannú an phobail a bhí sé ar an 17ú Márta.

# Coimisinéara Eorpach as Carna

## – thosaigh sí an saol oibre Tigh Gheraghty

**Is í Máire Geoghegan-Quinn as Carna an Coimisinéara nua do chúrsaí Taighde agus Nuaeolaíochta san Aontas Eorpach. Rugadh agus tógadh Máire Geohegan-Quinn sa teach atá díreach amach ar aghaidh an Phlantation – an pháirc peile – i sráidbhaile Charna. Ba é Johnny Geoghegan, iar Theachta Dála agus Aire Stáit de chuid Fhianna Fáil a hathair. Ba í Bairbre Ní Chualáin as Duibhithir a máthair – Bairbre Chéitín (Kate) Sheáinín. Dá dtabharfaí a hainm áitiúil (ar thaobh a máthar) ar Mháire Geohegan-Quinn is mar seo a bheadh sé … Máire Bhairbre Chéitín Sheáinín.**



*Máire Geoghegan-Quinn*




*Siopa Mhic Oireachtaigh, Carna*

Ba múinteoir scoile sa gceantar a bhí ina máthair. Mar stiúrthóir ar bhus Charna a tháinig Johnny Geoghegan as Uachtar Ard go Carna i dtosach.

Chuaigh Máire Geoghegan chun na scoile i mbunscoil an Chonvent i Ruisín na Mainíoch agus is ann freisin a chuaigh a deartháir Seán Óg – suaimhneas síorraí dó.

Chuaigh sí chuig an meánscoil i dTuar Mhic Éadaigh agus go Coláiste Carysfort, áit ar bhain sí a dindiúirí amach mar mhúinteoir bunscoile.

Bhí siopa Tigh Gheraghty i gCarna ar an gcéad áit sa gceantar a ndearna sí obair shamhraidh ann. "Tá cuimhne mhaith agam uirthi" adeir Micheal Geraghty. "M'anam go raibh an chaint go maith aice i gcónaí – í in ann deá-chaint a choinneáil le daoine agus an diabhlaíocht ar bun sa siopa. Oibrí maith a bhí inti freisin. Bhí sí féin agus a deartháir Seán Óg anseo sa siopa. Bhí Seán Óg níos ciúine ná Máire."

Tá cuimhne ag Micheál ar an bhfolt breá gruaige a bhí ar Mháire Geoghegan – "anuas go básta agus chomh dubh leis an sméir", adeir sé. An raibh aon chosúlacht ann an uair sin go ngabhfadh sí leis an bpolaitíocht. "Ní fhéadfainn a rá go raibh" arsa Micheál. "Ar ndóigh bhí muid uilig óg an uair sin agus ní raibh an pholaitíocht ar an gcloch ba mhó ar an bpáidrín againn. Ceart go leor thagadh Johnny Geoghegan isteach sa siopa théis dó a bheith ag an Dáil, cur i gcás agus bhíodh daoine ag comhrá leis. Ach bhí duine cleachtaithe leis sin agus níor thug tú suntas ar bith dó. Ba mhinic a bhíodh máthair Mháire isteach is amach ag siopadóireacht – uair sa ló, ar a laghad."

An mbíodh Máire Geoghegan i measc dream óg an cheantair? "Maise a m'anam go mbíodh; tá cuimhne mhaith agam uirthi ag dul síos ag na céilithe sa sean hall ansin thíos" adeir Micheál. "Ní raibh duine ar bith againn ag cuimhniú ar Dháil Éireann, ná ar Aireachtaí Rialtais ná an phostanna móra san Eoraip an uair sin i mbaile Charna. Fair play di."



**Banna Ceoil na nOgánach i gCárna sna Seascaidí**

*An líne tosaigh ó chlé: Marian Ní Nidh, Éamon Ó Méalóid, Máirtín Ó Cualáin, Séaimín Ó Méalóid, Gearóid Geoghegan, P.J. Ó hIarnáin, Máirtín Ó Cuirrín, Michael Coleman Ó Cualáin, Seosamh Ó Loideáin (Ruisín na Maithníoch) agus Máirín Ní Loideáin.*

*Caithfidh sibh féin a bheith ag ainmniú an chuid eile acu. Dála an scéil an aithníonn sibh an tríú cailín ó thaobh a láimhe deise sa ceathrú líne siar – sin í Máire Geoghegan ag casadh na feadóige!*

Coppinger & Curran

*Weddings are our business*



**Wedding Photography and Video**

**Spectular work at Cutting edge prices**

**www.tcoppinger.com**
**086 2602770"**

# Eileen Mannion – Comhairleoir Contae



An Clochán, Conamara.

Teileafón…087-9555645.

Tabharfaidh mé gach cabhair is féidir do mhuintir Iorras Aithneach agus Chonamara.

*Nollaig mhaith dhibh uilig*

# Cúinne na Filíochta
## Cúinne na Fílíochta
### Cúinne na Filíochta

**Bhuaigh Jackie Mac Donnchadha as Cill Chiaráin Gradam Náisiúnta Oireachtais as a chuid scríbhneoireachta i mbliana. Siad na hAontaí míosúla a bhíodh i gCill Chiaráin san aimsir a caitheadh a spreag peann Jackie sa dán seo.**

**"Is ar éigin go raibh aonach ar bith ann nach raibh roinnt aragóna nó troda – nó bagairt troda ann", adeir Jackie.**

**Marc an Aonaigh**

Sheas sé i gceartlár an aonaigh
lárphointe an fháinne
a bhí ina thimpeall.
Fathach mór
lúfar láidir.

Léine nua as an bpíosa
striallta go himleacán.
Cnaipí ag róláil ar fud an bhóthair.
Barriallacha a bhróg scaoilte.

Géaga mar chrainnte
ag luascadh sa gcuaifeach
ag gabháil deiseal is tuathal
agus thart timpeall
a chuir ré roithleagán i mo cheann.

Agus d'iarr sé amach iad.
É ag gabháil ó éadan go héadan
ó shúil go súil.
D'iarr sé amach iad ina nduine is ina nduine
idir fhir, mhná, is pháistí.

(thum seanfhear barr a mhaide
i leaba the na bualtraí
agus d'fhág an branda
ar m'intinn)

Dom chur chun suain an oiche sin di
d'fhiafraíos arís dem mháthair
cé'n t-údar
nár cheangail sé barriallacha a bhróg.

Nach fánach mar bhainfí leagan as.

**Mairg**

Ach ceird a bheith sa láimh
atá i ngreim sa bpeann
chuirfinn feoil mhéith
ar na cnámha feoite.
Shéidfinn anáil
sna scamhóga leáite.
Líonfainn amach
an aghaidh mheata.
Agus thabharfainn meangadh gáire
i gcomharsanacht
an bhéil.



# Cúinne na Filíochta

**Bhásaigh Maeve Seoige, 19, as Aill na Brún i gCill Chiaráin go tragóideach i dtimpiste bóthair sa mBealtaine seo caite. Ceann de na sean-teaghlaigh in Aill na Brún iad na Seoige ach tá gnó acu i Sasana freisin agus bíonn siad anonn agus anall. Búille uafásach a bhí i mbás Mhaeve, ní amháin don teaghlach ach don phobal uilig. Seo dán a scríobh Máirtín Óg Mac Donnchadha as an Aird Mhóir in omós di. Léigheadh an dán seo aríst nuair a bhí Aifreann ag daoine óga di scaitheamh ó shoin.**



## *Maeve Seoige*
## *1990 – 2009*

*She shared with us her style and grace,*
*So lovely slim with a smiling face.*
*Her hair was golden and her smile was warm,*
*To see her was to know her charm.*

*She loved her family most of all,*
*But shared herself to all who called*
*And had no prejudice or hate*
*But accepted life just on her faith.*

*Her life was short but full of love*
*For family, home and god above*
*So short a time with us it seems*
*No time to really fill her dreams.*

*But sometimes god has other plans*
*That differs from we mortal men.*
*He uses us  to fill his needs*
*To do his work, to sow his seeds.*

*And so our Maeve has gone away*
*A star in heaven some would say*
*Memories of her are wonderful you see*
*A perfect vision of life that's free.*

*Máirtín Óg Mac Donnacha*
*An Aird Mhóir*

# Cúinne na Filíochta

**Sé Seosamh Ó Guairim – Josie Joe Pheadair – fear an phosta i gceantar Charna. Ach chomh maith leis sin is file é Josie agus cuireann sé cor i gcúrsaí an tsaoil lena chuid scribhneoireacht gonta agus ealaíonta.**

## Fear Cimiceach ..........

Fear cimiceach, bean chimiceach,
Ag cómhrá leis an saol:
Aeráid faiteach, mothú aibéiseach,
Ar gárda roimh an mbaol;
Ag troid in aghaidh a gcinniúnt,
Gan iad ach ag marcáil am,
"Seo coinnigh ort amach as seo…..!""
Tá's ag an gcinniúnt go bhfuil siad ann!

Bean chimiceach, fear cimiceach,
Ag ceapadh go bhfuil siad mall:
An saol acu ina chiomach……,
Gan an mileán ach le bualadh thall!
Cluiche aibéiseach, cluiche caidéiseach;
Nach cuma leo an domhan….!
"Seo coinnigh ort amach as seo…..!""
Nó déarfadh siad a lán !

Fear cimiceach, bean chimiceach,
Aire dhuit an treáll..;
Pé ball seirce bhiodh uair 'na chliabhrach,
Tá brath aice é a chuir ar ceal..!
Cé bhiodh uaibhreach, cé bhéas uaigneach,
Beidh fhios acu é i dtráth..?
"Seo coinnigh ort amach as seo….!""
Mar tá an áit seo dár gcrá…!

Pé brí faoi thada eile,
Tá an chéad bhrí ar iarraidh!
Pé acu ba thúisce bhí ann:
An chearc nó an ubh…?
Ní drochshamhailt é sin:
Tá an saol seo ubhchruthaíoch….,
Ó, an díomá, an t-uaigneas,
'Gus na cnoic sin arist…!!!

## Karma

...?...?...?
(B'fheidir go bhfuil acmhainn grin ag Dia?
B'fheidir ... ?)

Karma, Karma,
Ce'n fath an naire?

Ce'n fáth an croí,
Nach bhfeicfear choiche
Le déantús láimhe?

Gús cén fáth an pian
Ó, an pian seo uilig:
Tuig é nó ná tuig...?

Karma, Karma,
Cén fáth an gaire?

## Nemeses.

D'aithneófá é nuair a d'fheicfeá é,
'Gus uascán aige ar *shling;*
Bionn leathláimh leis ar a ghorún aige,
Gus é ag casadh *"sing baby sing…..!"*
D'fheicfeá é sa darna line
Ag ionsaigh **Hú Há Ping,**
Nó ag briseadh cois an chearbaigh:
An t olamh **Fú Fá Fing……!**

Ú….! Ú…! Allegro…!

## Cosa cáma

Ní thabharfadh
Na cosa cáma sóir mise anocht;
Mar bheadh
An dream teánntasach úd thart
Fós romhamsa anocht.
Is dream iad nach
D'tugann cairde uathu d'aon chréatúr bocht:
Da mbeadh aon bhean
Thart ró-cháirdúil liomsa fós anocht;
Nach ndéanfaidís
Fáinne láidir thart timpeall mo chailín bocht:-
D'ealodh na cosa
Cáise, isteach uilig fúmsa anocht,
Ní thabharfadh
Na cosa cáma sóir mise anocht.

Ní thabhrafadh
Na cosa cáma sóir mise anocht,
Mar bheadh
Lucht na mailí dána thoir thart
Fós romhamsa anocht.
'Gus dá mbeadh aon
Bhean mhánla ag caint liomsa fós anocht
Nach mbeadh na fir
Ag imeacht dallta thart fós freisin anocht:
Iad ag ceapadh
Rudaí granna faoi chuile dhithreabhach bocht;
D'éalódh na cosa
Cáise, isteach uilig fúmsa anocht,
Ní thabharfadh
Na cosa cáma mise sóir anocht.

# Cúinne na Filíochta

**Dódh an sean halla i gCarna ar an 4ú lá d'Aibreán 2007. Thart ar an 11 san oíche a tugadh an tine faoi deara. Chuaigh na lasracha go toibeann thrí cheann an halla agus níor b'fhéidir mórán a dhéanamh. Sé Máirtín Ó Catháin a scríobh an píosa seo.**



Is chruinnigh siad isteach orm – na céadta cuimhní cinn,
Is mé ag breathnú ar na lasracha ag dul ó bhinn go binn,
An óige ina steillbheatha agus cuisle teann i chuile chroí,
Macalla dá bhaint as urláir go domhin amach san oíche.

Ní leir don anois é mura b'é an deatach atá im mo shúil,
No an bhfuil chule rata lotaithe agus an ceann ag teacht anuas?
No an bhfuil cláracha an urláir dóite amach ina luaithe bhuí
Agus an sean halla ina chreatlach ag teacht go deireadh oíche.

Ansin ar shráid Ti Mhóráin agus muid uilig ag breathnú siar…
Ar an bpúir mhór deannach dóite ina chlabhta ar an spéir…
Gan goir againn a dhul in aice leis de bharr tine agus teas.
Deatach go Cnoc an Choillín le teannamh gaoithe aneas..

Mar sin a d'imigh an saol ar nós deannach is an ngaoithe,
Is nach iomaí duine a dhaimsigh seit ann atá i bhfad imithe,
Go Muighros nó go Muigh Inis gan teacht ar ais mo léan,
Tuilleadh imithe ar bhád bán go tíortha i bhfad i gcéin.

Ach don bhuíochas don phúr dheataigh feicim iad aríst…
Siúd iad ar shráid Charna ag déanamh an bhealaigh aníos…
Ag íoc scilleacha ag an doras – ba mar sin a bhí an saol,
Ceol ag dul go gealach…idir bhaltz agus seit is ríl.

Is tá cailín óg ansiúd thíos go ciúin ag suí isteach le balla,
Is nach fada an t-achar siúil é ó thaobh go taobh sa Halla,
An bheirt againn ag caitheadh suil anonn agus súil anall,
Buailfidh an croí an faitíos –gabhfaidh mé anonn ar ball.

An bh'shin é an deannach atá ag fágáil fliuchán ar mo shúil,
No an b'é an teas sin aníos ón tine a bhain allas as mo ghrua?
Ach feicim beirt éicint ag siúl ar an gCéibh ar chúl an Halla,
Muna bhfuil mise ag dul amú chonaic mé an bheirt sin cheanna.

Tá an cailín ard is caol agus folt dubh gruaige lena guaillí,
Agus imeasc mhná an domhain nach ise an ceann is aille?
Tá an fear óg lufar scafánta agus neart i mbéal a chléibh,
Is ar éigin gur cuimhneach liomsa go raibh sé mar sin ariamh.

Tháinig an tAthair Peadar agus labhair go híseal mánla,
"Mura bhfuil mé ag dul amú tá tú ag cuimhniú ar an Halla,
Tá na daoine uilig ag siosca agus iad ag breathnú siar on tsráid,
Mar tá cuimhnní agus scéalta ag gach duine ag dul thar bráid".

"Maise is maith is fior duit an méid sin a Athair" arsa mise,
"Is nach hiomaí corr sa saol agus nach hiomaí slabhra briste".
"Sin é an saol", arsa an tAthair Peadar –"ólfaidh muide pionta".
Rug Mary Hopkins ar an tap agus bhí dhá gloine líonta.

Meastú a Athair arsa mise cén bhrí atá le cúrsaí an tsaoil,
Nó ar féidir a dhul chuig na Flaithis ar bhóthar casta caol?
"Ó sin scéal fada casta anois – chaith siar anois do dheoch,
B'fhearr duit a bheith ag siúl soir, tá an oíche geallta fliuch."

Rinne mé a chomhairle an tSagairt agus seo liom an bóthar soir,
Scaití ag lagan ar mo choisméig agus ag caitheadh súil anoir,
Cá ndeachaigh lasracha an tsaol – níl a fhios agam beo ná beirthe,
Coisméig amháin chun cinn agus dhá choisméig ansin chun deire.

Nach uaigneach é an pictiúr agus na haithneacha sa spéir,
Tá an halla ina chionnach agus é scriosta uilig go léir,
Tá aislingí na hóige ag imeacht ina gceann sna gceann,
Agus tá deora ins an dúch atá ag fánaíocht as mo pheann.

# Cúinne na Filíochta
## Dánta Mháirín Uí Dhúbhda

### Beart

An té 'buaileadh sa cheann is air atá an eagla
Ní ligeann an faitíos dó dhul i mbaol
Is mar a chuirtear is ea a bhaintear
Is aige atá an eochair lena scaoileadh saor

Ní call dó dhul thar bhallaí arda
Bíonn claí beag íseal in aice láimhe
Le broibh déantar beart a deir na saoithe
I ndhiaidh a chéile a thógtar na tithe.

Tá ithir dhá réabadh agus planndaí ag péacadh
Locha is aibhneacha ag cur thar maoil
Anois teacht an Earraigh tá an t-am tagtha
Go dtaptar an deis is go gcuirtear an síol



### Cois Abhann

'Mo shuí cois abhann ar maidin moch
Sea chonaic an sruthán ag teacht ón loch
Thar raithneach thar fhraoch is thar aiteann anuas
Thar charraig thar chloch is é faoi luas

Dá bhfanfadh an abhainn ag íochtar sléibhe
Nó thíos ar an machaire mín agus réidh
Ní fheicfeadh sí ann ach portach is riasc
Ní bheadh dris ná carraig le trasnú choíche

Ag sníomh go péacach mar shnámh an eala
Nó foghar agus géim aice le fána an easa
Faoi ghorm na hoíche is na mílte réalta
Le dath an ór-bhuí faoi sholas na gréine

Bíonn tom agus tor le deilgne géara
Ag fás ar gach taobh di ach fós bíonn sméara
Mar bheadh éinín ag éalú san oíche
Anois níl i ngéibhinn tá aice saoirse

### Tearmann

Nach breá dhul síos le bruach na habhann
Chuig cnocán glas faoi scáth na gcrann
Ceol na dtonn a bheith le clos
Nó siúl faoin ngréin ar maidin moch

Beidh tearmann aoibhnis istigh 'nár gcroí
Le móinéar féir ann agus páistí ag spraoi
Éin ag canadh is leoithne ón ngaoth
Milseacht cumhra ag teacht ón bhfraoigh

# BUAILTE DE BHARR AN RECESSION

*le Máirtín Ó Catháin.*

Tí Mheaic i dtús oíche agus mé caochta go leor,
Rinne mise cur síos ar chás an domhain mhóir,
Rug ar chois na scuaibe ar nós 'micrafón' béil,
Agus d'ordaíos don slua aird a thabhairt ar mo scéal.

Beidh údar gearáin ag daoine ón Más go Doire Iorrais,
Beidh Colm McCarthy ag teacht chuig chuile dhoras,
Stopfar ceol agus ól agus gairí agus greann,
Agus beidh dleacht agus cáin ar im agus arán.

"Leag uait an scuaib" a deir fear a bhí borb go leor,
"Ná cluinim faoin RECESSION – agus ísligh do ghlór,
Cá bhfios beo cén chaoi a mbeidh an saol is an aimsir,
Éirigh as do chuid seafóide nó is tusa atá i ndáinséar."

"Ná masla mo mhicrafón breá" arsa mise go fearúil,
"Tá neart eile agam le rá beag beann ar do bharúil,
'Sé adhmad an scéil ná go bhfuil an t-airgead caite,
Agus ní féidir an méid sin a scuabadh faoin mata."

"Go mba seacht míle measa tú féin agus do mhaide,
Ar son mac Dia agus bí ag scuabadh leat abhaile,
Chuaigh tú ar an ól agus bhain tú ceol as an lá,
Níl i gceist agat anois ach briseadh croí agus crá."

Dhírigh mé aníos théis dom titim go leath taobh,
Labhair mé sa 'micrafón' agus sheas leis an matal
"Cuirfear cáin throm ar lachain agus ar bhárdail,
Agus díbreofar go Sceirde na fir chliste in Airdeall

"Seo" arsa Clíodhna "tá muid bodhraithe ag do ghleo",
Amach leat an doras agus amach leat go beo.
Deamhan aithne ort nach tú an lead beag sin George Lee
Gan i gceist ad ach 'RECESSION' i gcaitheamh na hoíche".

Thug mise liom an micrafón go gcloisfí mo ghlór
Agus thug mé mo aghaidh ar phub san Aird Mhóir.
Le labhairt thoir Tigh Leavy faoi chúrsaí an tsaoil.
Agus gan a fhios agam fós go raibh mise i mbaol.

Amuigh ag an bpump diesel bhí Michael Phat Thomáis,
Agus níor thuig mise tada..mar bharr ar an donas,
Bhagair orm agus dúirt "leag uait cois na scuaibe,
Mar is maith in aghaidh ortsa barr láidir na bróige".

"A dhuine uasail", arsa mise "ní maith liom an troid,
Labhróidh mé anois leis an slua atá sa bpub".
"Eacha anois" arsa Michael "tú féin agus do mhaide,
Bí ag imeacht de léim agus ná cloisim do bhladar."

Siar liom an bóthar agus tine faoi mo dhá chois,
Agus lean mac Phat Thomáis mé ar iompú do bhois,
Chaith mé léim thar an gclaí agus bhí mé sa ngarraí,
An Breathnach i mo dhiaidh agus eisean ar mearaí.

Draen mhór agus lathach a chríochnaigh mo rás,
Leagadh mé sa bpúiteach agus ba olc é mo chás,
Tháinig mac Phat Thomáis agus sciob uaim an scuaib,
Agus le teannamh is le toirt lig orm an bhróig.

Bhí Josie Curran amuigh leis na spéaclaí fad-radharcach,
"Ta sé cuibhrithe thiar san áit a mbíodh an bhó adharcach,
Go dtarrthaí Dia sinn ach tá Michael ag gabhailt ar sa droim,
Agus tá an Cathánach sáinnithe agus a chosa i ngreim".

"Stop a dhiabhail" arsa Josie "ach tá sé ag fáil gleáradh",
Ach a mh'anam féin fós go bhfuil sé ag caint leis gan náire
'RECESSION' adeir sé ach tá Michael dá chuibhriú sa draein,
Agus an Breathnach ag fógairt go labróidh sé féin."

"An bhfuil a fhios agatsa a Chathánaigh gur olc é do bhéal,
Níl agat ar bharr do ghoibe ach an RECESSION mar scéal,
Nár mhair daoine ariamh – pé ar bith corr a tháinig sa saol,
Agus tá sé sin chomh cinnte agus go bhfuil mise maol.

Tá an poirtín sin casta agat i chuile bhaile sa bpobal,
Agus na daoine fágtha agat in ísle brí leis an drogal,
An bhfuil a fhios agat anois – is ná bíodh sé ina rún,
'Séard tú féin ná an rud ar a dtugtar 'pian ins an tóin' ".


D'éirigh mé as an draen agus pian im mo thóin
Agus mé liúnta ag an diabhal ó mhuineál go glúin.
Tá an lá seo saothraithe agamsa agus mise sách tinn
Níl le casadh agam anois ach Amhrán na bhFiann.



*Jenny McGaugh – iníon le Maitias Johnny Mac Donnchada as Leitir Ard. Tógadh an pictiúr i 1920 i Meiriceá. Bhí an mí-adh ar an teaghlach. Bhásaigh triúr dearthár lei leis an ngalar diphtheria.*



# Jacky Sheáin Cheaite



*Joe Puliafico agus a bhean May Greene as Muigh Ínis a phós i mBoston 27 Meitheamh 1959.*
*Tá May ar shlí na firinne anois ach caitheann Joe píosaí móra den bhliain i Muigh … agus tamall eile i mBoston.*

# Na laetheanta a bhí….



*Seán Ó Cualain as Loch Con Aortha, nó John Tess ina bhuachaill óg anseo. Sí a mhathair mhór Kitta an Chlochartaigh – bean Mháirtín Joe Mhary as Duibhithir – atá lena thaobh… agus t á a mac Meáirt Mháirtín ar a cúl.*



*Fir Chill Chiaráin…Seán Ó Madaoín ar chlé agus Páraic Mac Donnchadha.*



*Pádraig Choilim Val (Ó Loideán) as Muigh Inis agus a iníon Julia.*

# Muigh Inis agus Leitir Ard Fadó




*I Muigh Inis scaitheamh maith ó shin: Ina suí chun tosaigh – Peigín Sheáin Ní Uaithnín (Connolly) máthair mhór Jackie Connolly; an bheirt fhear sa lár – Dudley an Phortaigh Ó Clochartaigh (ar chlé) agus Seán Dhiarmaid Liam Ó hUaithnín; an bhean ar chlé leis an gcardigan dubh – Nora Pheigín Sheáin (Flaherty) le taobh Nora tá Kate Pheigín Sheáin (Connolly) agus ar gcúl uilig Kate Sheáin (Lydon) Ansin an bhean ar dheis idir an bheirt fhear…sin í Mary King as Inis Nidh.*



*Josie Bán Ó Conghaile as Leitir Ard ó dhúchas ar chlé agus Josie Phádraig Pheatsa Ó Caonaigh as Leitir Ard ar dheis. Suaimhneas don bheirt úd anois.*



*Líne cúil: ó chlé Máire Mhicil- bean Sheán Choilm, May Walsh –bean Mhichael Pheadairín, Babe Uí Uaithnín,Marie Ní Uaithnín, Michael Pheadairín Ó hUaithnín. Chun tosaigh: Margo Hanley ar chlé agus Honor O' Kelly.*



*May Ní Uaithnín ina gasúr i Muigh Inis. Ba iníon í le Michael Pheadairín agus phós sí Joe Puliafico i mBoston i 1959. Bhásaigh sí beagán blianta ó shin ach caitheann Joe Puliafico píosa mór den bhliain i Muigh Inis i gcónaí.*

# Na Cathasaigh - Oileáin Máisean agus an Más



*Na Cathasaigh- teaghlach Joe Mhaitiais- sa bpictiúr seo a tógadh os cionn cúpla scór bliain ó shin. Líne cúil ó chlé – Marcus, Sarah (an mháthair), Joe Mhaitiais (an t-athair), Johnny, Beartla agus Matt. Chun tosaigh ó chlé – Bridie agus Baba. Tá Máire ar iarraidh as an bpictiúr.*

# Thall agus Abhus



*Colie Ó Ceannabháin nó Colie Pháraic as an an mBantrach Ard agus Leitir Ard.*



*Ag "sparáil" i mBoston i 1950…Johnie Bhiddy as Muigh Inis ar chlé agus Pádraig Joe Choilim Liam as Roisín na Mainíoch.*



*I mBoston…Ó chlé – Johnny Mháirtín Larry, Cóilín Joe Choilm Liam, Joe Lydon (mac le Cóilín) agus Colm Ó Mealóid as Camus.*



*Máirtín Bhiddy as Muigh Inis ar chlé agus Liam Lydon – mac Cóilín Joe Choilm agus Bríd an Ghabh i mBoston.*



*I gCnoc Mhuire…ó chlé – May Walsh, Nóra Ní Chlochartaigh as Carna, Mary Lydon as an gCrumpán agus Julia Lydon as an Meall Rua.*

# Trí Ghlúin Pósadh



*Seán Mc Donnchadha as Leitir Ard agus Máire Ní Chlochartaigh as Inis Niadh ar a lá bpósadh i mBoston. Iúil 1919.*

*Coilín Ó Loideáin as Roisín na Mainíoch agus Bríd Ní Dhonnchadha as Leitir Ard a phós i mBoston i dtús na 1950aidí. Iníon í Bríd le Seán Mac Donnchadha agus Máire Ní Chlochartaigh. Deireadh Fómhar*

*Patrick Welch as Boston agus Deirdre Ní Loideáin a phós i mBoston beagán blianta ó shin. Iníon í Deirdre le Bríd Ní Dhonnchadha agus le Coilín Ó Loideáin …agus ba iad an bheirt in uachtar uilig a hathair mór agus a máthair mhór.*



# Frank Fahey T.D.

**BEANNACHTAÍ NA NOLLAG ORAIBH UILIG I GCARNA, I GCILL CHIARÁIN AGUS AR FUD CHONAMARA.**

**Oifig na Gaillimhe: ........ 091-771020**
**Fón Póca: ........................ 087-6976888**
**Dáil: ................................ 1890 337 889**

**Fair play dhibh as an Irisleabhar a chur amach aríst – is deas an rud é do dhaoine sa mbaile agus do dhaoine atá as baile an t-am seo den bhliain.**

# NOEL GREALISH T.D.



**OIFIG TOGHCHEANTAIR**
**BRIARHILL BUSINESS PARK**
**BRIARHILL**
**GAILLIMH**

**T: 091 764807**
**F: 091 764974**
**E: noel.grealish@oireachtas.ie**

# Teach Altranais Charna

## *Nursing Home*

**Carna, Conamara, Co na Gaillimhe. Teileafón … 095-32854/ 32855.**



***Compóird agus aire don chéad scoth.***
***Suite ar chiúmhais na mara.***

STIÚRTHÓIRÍ:
**Dr Micheál Ó Cathasaigh,**M.B., B.Ch., B.A.O., D. Ch., R.C.O.G., D.G.M.,
D.Obs, M.R.C.G.P., M.I.C.G.P.,
Dip. Family Planning, Dip. Dermatology.
**Sally Uí Chathasaigh,** S.R.N.

***Email:***
***info@carnanursinghome.com***

***VHI, BUPA APPROVED***



CONNEMARA


# ELDON'S

HOTEL • BAR • RESTAURANT

**Bar Food Served Daily 1pm-9pm**

The perfect setting to enjoy al fresco
dining in Roundstone Harbour Village

**Sea View Accommodation**



Eldon's Hotel and Beola Restaurant
Roundstone, Connemara, Co. Galway
Tel: (095) 35933 Visit: www.eldons.ie
email: eldonshotel@gmail.com

# Thomas Welby

**Cregg, Oughterard.**
**Comhairleoir Contae**



Nollaig Mhaith Dhíbh Uilig Ar Fud Chonamara

**Tá fáil orm ag: 091-552959/087-2855676**

## *Zetland House Hotel*

*agus*

## *Bar Johnny O Loughlins Bar*

*An Caiseal*

*Bar Food Served Daily from*
*12.30pm until 9pm*
*New Bistro Restaurant Open Daily*

*Tuilleadh Eolais:*
*Telefón:095-31111*
*www.zetland.com*
*info@zetland.com*

# Mylotte's Carna



**Siopa Grósaera**



**Teil: 095 32256**
**Facs: 095 32951**

**Mylottes Funeral Directors**
**&**
**Funeral Home**
**Carna**

**Teil: 095 32256**
**Facs: 095 32951**

# BARBARA



Guargaire
Muigh Iorras, Carna



**Dearbháin ar fáil**



Teileafón: (087) 6607587

Máirt – Satharn

*Is féidir coinnithe a dhéanamh sa tráthnóna*

# Éisc Uí Fhlatharta Teo.

An Aird Mhóir, Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe
Teil: 095-32208  Fax: 095-32504

## FEILMÉIREACHT ÉISC

***An Bradán***

**STIÚRTHÓIRÍ:**
**DARA ÓG Ó FLÁTHARTA,**
**LIAM Ó FLÁTHARTA**



# Jackie Ó Cualáin

**CONRAITHEOIR TÓGÁLA**

Carna

**Réitíonn muid an teach ar fad**

Bunsraitheanna • Díonta • Ballaí
Pluiméireacht • Pláistéireacht • Sreangú & Obair Adhmaid

***Cuireann muid seirbhís ar fáil ar fud Chonamara***

*Níl aon jab ró-bheag ná ró-mhór*

**Glaoigh orainn ag:**
**Fón: 095-32331 • Facs: 095-32532**
**Mobile Fón: 087-2249498**

**"MEMBER OF CONSTRUCTION INDUSTRY FEDERATION" • C.I.S. • "MEMBER OF HOME BOUND"**

# Nioclás Ó Conchubhair Teo
## Homevalue

**Leitirmóir, Co na Gaillimhe**
**Fón: 091-551 114 Faics: 091-551 258**

**Rogha agus Seirbhís den Scoth**
*Quality Choice Service*

**Stór Nua Oscailte anois i gCasla**

**Fón: 091-506111**
**Faics: 091-506044**

***Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach,***
***Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí,***



# Óstán Chuan Charna

**Carna Bay Hotel, Carna, Connemara,**
**Co. Galway, Ireland**





**Óstán 3* & restuarant Bar Food**

Proprietors: Cloherty family

Imeachtaí ar fad ar fáil go háitiúil/
all readily available locally

Fón 095 32255, Faics 095 32530
Riomhphost carnabay@iol.ie www.iol.ie/~carnabay



**Cé a dúirt nach raibh cúrsaí an tsaoil dubh agus bán?**
**Máthair dhubh agus a mac bán i nGabhla i mí na Nollag ′09**

# TIGH MHORÁIN

**Marian Lydon-095 32987**

***Earraí Grósaera***
***Gual,***
***Briquettes***
***Gais agus Beatha Beithíoch***

***Ón Siopa díreach go dtí do dhoras***

**Oscailte ó 8:30 – 9:00**
**7 la na seachtaine**




# Tigh Leavy

Aird Mhóir

## Siopa Grósaera
## Búistéara / Fíon

Fón / Facs: 095-32230



Seolann muid beannachtaí na Nollag
chuig ár gcustaiméaraí ar fad

# Teach Ghlinnsge



Bar/Restaurant and craftshop

***"Comhghairdeachas leis an iris"***

Ó
Mhuintir Chlochartaigh
Fón 095-32846/32279




Connemara Florist are offering a wide selection of festive arrangements this Christmas, for great gift ideas and home decoration choose of our handmade pieces:

- Bouquets
- Table and mantel piece arrangements
- Fresh Fir Wreaths for doors & graves.

All very reasonably priced starting at €20.

Contact: Sorcha, Sally or Alice.
Main Street, Clifden. 095-21565
Email: *Connemaraflorist@gmail.comzq*
www.connemaraflorist.net
Hours: mon-sat 10am-5:30pm.



## Camus Autos Tyre Centre

Camus, Conamara,
Co. na Gaillimhe,
091-574197
087-2871658

Boinn do chuile chinneal.
Pirelli, Dunlop, Sava, Nankang

Agus le haghaidh
Caranna, Jeeps, Vans, Light trucks, Tractors.

Chomh maith le

Service, Tracking, Balancing

Customer Recovery Service.

# Paddy Keane

*Ó Catháin Teoranta*

## CONRAITHEOIR TÓGÁLA

## Gabhla


Teileafón agus Facs: 095-31017
Teileafón póca: 086-8251276

## Pádraig Mac Cormaic, T.D.



"Mas grant le haghaidh na mbeithíoch é
No cúnamh le engine báid...
Scríobh do chás go pras ar pháipéar...
Mar sé Mac Cormaic an fear is fearr".

Nollaig mhait dhibh uilig.
Oifig : 114 Bóthar Mór, Gaillimh.
Fón: 091-568688.




**Rath agus séan agus aoibhneas na Nollag oraibh uilig – Ón gComhairleoir Contae Seán Ó Tuairisg, Áine agus a gclann.**



**Déan teagbháil liom am ar bith de ló no d'oíche in Indreabhán. Teileafón: 091-593084 no 086-3864179.**

# Ciarán Ridge






## Plant Hire

*Ros Dugáin*
*Cill Chiaráin*

***087-2113071***



# Seán Ó Cathasaigh

***Graibhéal Clocha***
***agus Clocha Tógála***



**An Gleann Mór**
**Cill Chiaráin, Conamara**
**Co. na Gaillimhe**

**Fón 095 33579**
**Mobile 087 2714648**

*Teach Ósta*

# *Tigh Mhóráin*

Carna, Conamara, Co. na
Gaillimhe  Fón 095-32570

*Comhluadar Breá*

•

*Spóirt & Spraoi*

*ó Peter Fitzpatrick*

# TIGH CHADHAIN

BAR & BISTRO

CILL CHIARÁIN — CONAMARA — IRELAND

www.coynesbar.net

# Joyce's Grocery

Recess, Connemara, Co.Galway
Phone: 095 34658 Mobile: 087 2686946
joycesgrocery@hotmail.com

Opening Hours: 7.30am – 7pm Mon - Sat

**For All Your Farm Needs**

Cattle Feeds – Horse Feeds – Sheep Feeds –
Shavings – Coal – Briquettes – Wire & Stakes

**We deliver to your door.**

**Áilleacht**
**Stephanie Ní Dhúbhda**
**Carna**
**ITEC/CIBTAC**

**Telefón: 095-32277**
**087-6457715**



**Dip i gCéir na gCos/ Dip i Smidiú an Éadain**

**An t-éadan – na mailí, na feabhraí an smig- na cosa, na hingní srl.**

Cuirfidh Stephanie Ní Dhúbhda cóir mhaith ort.

# Mikie Ó Flátharta



Leitirdeisceart
Carna
Co. Na Gaillimhe

087 9593329

*Garraíodóir Cáilithe/*
*Qualified Landscape Gardener*

# office chat

**"your local office supplier"**

**Printers/Fax Machines/Telephones**
**Laminators/Shredders**
**Office Furniture**
**Photocopying/Faxing**
**Laminating/Binding/Printing**

**Mobile phone dealers for**

O2 meteor vodafone 3


**Galway Road, Clifden Tel 095-21911**
**Fax 095-21841 E-mail sales@officechat.ie**

# Irish Seafood Producers Group Limited

Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe.
Fón: 095-33501 Facs: 095-33453

**An príomh chomhlacht margaíochta**
**don tionscal feirmeoireacht éisc in Éirinn.**

*Comhgháirdeachas leis an bhFóram Pobail*



## Mongan's Stonecraft

ESTD 1975

Easy Handle

Easy Store – No Waste

Nollaig mhaith do mo chuisliméaraí agus don phobal uilig.

**Decorative Stone Chippings in a variety of colours for pathway driveways and patios.**
**Also, choice gardeners' Bark Mulch.**

*Free delivery to your door*

**We are now supplying 25kg, 50kg and 250kg bags. We also sell in bulk.**

✞A Lasting Memory✞

# HEADSTONES

Surrounds, Cleaning, Inscriptions

**Mongans's Stonecraft**

*Memorial – Fireplaces – Flagstone – Signage*


**Derryinver, Letterfrack 095-43473**
**086-1991988 087-1307752**

# Bás
# I nGáirdín Dé

***Daoine a fuair bás agus a cuireadh sa bpobal ó 31- 10- 2008 go dtí 31- 10- 2009***

| Ainm | Seoladh | Dáta |
|---|---|---|
| Karen P. Gelzinis | Meiricea/Muigh Inis | 11-2008 |
| Joey Ó Cualáin | Leitir Ard | 30-11-2008 |
| Kate Bean Uí Chualáin | Leitir Ard | 9-12-2008 |
| Sarah Nee | Doire Iorras | 13-01-2009 |
| Tomas Seóige | Muighrois/Sasana | 16-01-2009 |
| Pádraig Ó Ceoinín | Gaillimh | 18-01-2009 |
| Béab Sheáin Antaine Ó Cualáin | Muigh Inis | 24-01-2009 |
| Cathy Chól Beag | Liatrom/Róisín na Mainíoch | 30-01-2009 |
| Kate Pheigín Sheáin Ní Chonghaile | Muigh Inis/Gaillimh | 19-03-2009 |
| Máire uí Chatháin | Glinsce | 29-03-2009 |
| Julie Walsh | St Louis Meiricea/Leitir Ard | 1-04-2009 |
| Máirtín Ó Conaire | Coillín | 19-04-2009 |
| Philomena uí Dhomhnaill | Muighrós | 29-04-2009 |
| Maeve Seóige | Áill na Brún | 6-05-2009 |
| Máire Bn. uí Chlochartaigh | Muigh Inis | 7-05-2009 |
| Stiofán Ó Cualáin | Roisín na Maníoch | 19-05-2009 |
| Pádraig Ó Conaire | Coillín | 28-05-2009 |
| Margaret Geraghty | Carna | 14-06-2009 |
| Pádraig Mac an Ríogh | Muighros/Sasana | 17-06-2009 |
| Pádraig Ó Catháin | Muighros | 17-06-2009 |
| Hannah Ní Chadhain | Glinsce | 17-06-2009 |
| Bríd uí Mhaoilchiaráin | Cill Chiaráin | 19-06-2009 |
| Bríd Loftus | Doire Iorrais | 22-06-2009 |
| Seán Ó hOibicín | Muigh Inis/Sasana | 9-07-2009 |
| Chloe Ní Mhaoilchiaráin | leanbh as Caladhfhinse | 24-07-2009 |
| Pádraig Ó Maoildhia | Connecticut Meiricea/ Roisín na Mainíoch | 26-07-2009 |
| Tom Anthony Ó Cadhain | Glinsce | 7-08-2009 |
| Kate Bean uí Neachtain | An Aird Mhóir | 9-08-2009 |
| Amy Ní Iarnáin | leanbh as an Aird Mhóir | 25-08-2009 |
| Micheál Ó Cadhain | Gabhla | 1-09-2009 |
| Seán Mac Donnchadha | An Aird Thiar | 5-09-2009 |
| Eric Ó Máirtin | Doire Iorras | 9-09-2009 |
| Betty Moylan | An Aird Mhóir | 14-09-2009 |
| Marcus Ó Cathasaigh | Más | 5-10-2009 |
| Peadar Ghuairim | Roisín na Mainíoch | 10-10-2009 |

# Iorras Aithneach





Na cailíní - DEBS Charna 2009 .. ó chlé – Eileanóir Ní Chuaig, Sarah Ní Chlochartaigh, Valerie Ní Chonaire, Aoife Ní Fhoghlú, Róisín Ní Dhúbháin, Gráinne Ní Chatháin, Irene Ní Fhlatharta, Bridget Ní Chlochartaigh, Sorcha Nic an Iomaire, Tara Ward, Eileanóir Ní Chatháin, Máire Ní Bhriain, Katie Ní Allmhuráin, Laura Ní Iarnáin, Kathríona Ní Nídh, Edel Ní Dhúbhda, Michelle Ní Chuaig, Marion Ní Ghaora agus Tríona Ní Chualáin.



Na lads .. DEBS Charna 2009 … ó chlé – Aindriú Mac Donnchadha, Pádraig Mac Donnchadha, Michael John ÓMáille, Seán Seosamh Ó Cuirrín, Máirtín Mac Donnchadha, Pádraig Ó Maoilchiaráin, Alan Ó Flatharta, Cathal Ó Loideáin agus Daniel Ó Conaire.

# Lá Fhéil' Mhic Dara 2009

